Food Safety
AUTHORITY OF IRELAND

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# Bia atá sábháilte agus iontaofa do gach uile dhuine





## CLÁR NA nÁBHAR


Ráiteas an Chathaoirligh 2

Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh 4

Maidir le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 8

Rialachas agus Bainistíocht 18

Príomh-bhuaicphointí Ghníomhaíochtaí an Údaráis 26

An Córas Oifigiúil um Rialú Bia: Sracfhéachaint ar na hUimhreacha 26

- > **Cumarsáid** 30
- > **Gnóthaí Corparáideacha** 32
- > **Beartas um Fhorfheidhmiú** 34
- > **Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála** 38
- > **Iniúchóireacht agus Imscrúduithe** 40
- > **Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia** 44

Spriocanna Straitéiseacha agus an méid a baineadh amach 48

Aguisín 1: Comhaltaí na bhfóram tionscail 58

Aguisín 2: Comhaltaí na bhFochoistí Eolaíocha 60

Aguisín 3: Ráiteas faoi leasanna na gcomhaltaí Boird, an Phríomhfheidhmeannaigh, agus Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch 62

Aguisín 4: Beathaisnéisí na gcomhaltaí Boird 64

Innéacs leis na Ráitis Airgeadais 67


### ÁR MISEAN

Cosnaímid ár dtomhaltóirí trí phobal comhoibríoch sábháilteachta bia a stiúradh chun leanúint i gcónaí le caighdeáin bhia a ardú agus cultúr barr feabhais a chruthú.




© FSAI 2019


ISBN 978-1-910348-24-6



## BUAICPHOINTÍ 2018

**2,500**

Fuarthas os cionn 2,500 fógra ar fhorbhianna a cuireadh ar an margadh le haghaidh 2018 agus rinneadh iad a mheasúnú maidir le comhlíonadh na reachtaíochta um chomhdhéanamh, lipéadú, cothú agus éilimh shláinte.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 48

**95**

Le linn 2018, sheirbheáil cigirí bia 95 Ordú Dúnta, 5 Ordú Feabhsúcháin agus 10 nOrdú Toirmisc, ar ghnólachtaí bia ar fud na hÉireann agus thionscain siad 9 n-ionchúiseamh i gcoinne gnólachtaí bia ar fud na hÉireann.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 35

**49,268**

In 2018, bhí os cionn 49,268 gnólacht bia faoi mhaoirseacht na ngníomhaireachtaí oifigiúla ag a bhfuil conarthaí seirbhíse leis an Údarás.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 26

**799**

D'eisigh an tÚdarás 96 rabhadh bia agus rabhadh ailléirgine, agus shainaithint agus bhainistigh sé 799 teagmhas bia in 2018.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 48

**5**

Le linn 2018, rinneadh cúig nochtadh cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 25

**9,434**

Láimhseáil Líne Chomhairle an Údaráis 9,434 iarratas in 2018; bhain 3,424 díobh sin le gearáin faoi bhia nó faoi áitreabh bia, lipéadú nó ailléirginí.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 49

**220**

D'fhreagair an tÚdarás 220 fiosrúchán meán agus d'eisigh sé 21 preaseisiúint le linn 2018.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 31

**49,846**

Rinne foirne gníomhaireachtaí oifigiúla 49,846 cigireacht eile ar ghnólachtaí bia in 2018.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH. 28



## DON AIRE SLÁINTE

Tá áthas ar an mBord a thuarascáil bhliantúil agus a chuntais don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2018, a chur faoi bhráid an Aire, de réir Alt 25 d'Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach

**An Dr Pamela A Byrne**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# Ráiteas an Chathaoirligh

Chuir an tÚdarás clár fairsing oibre i gcrích in 2018 agus tugtar forléargas agus cuntas mionsonraithe sa tuarascáil bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí na foirne. Léirítear leis an bhfaisnéis sa tuarascáil an ról tábhachtach atá ag an Údarás lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí bia na hÉireann ag cloí leis an dlí um bia maidir le sábháilteacht, sláinteachas, sláine agus fíordheimhneacht bia.

Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an tionscail bhia maidir leis an dlí Eorpach faoi bhia, déanann an tÚdarás measúnú ar fhorfheidhmiú creata láidir rialála atá bunaithe ar an eolaíocht agus ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le cumhachtaí láidre forfheidhmiúcháin – agus cuireann siad sin ar fad taca faoi sheachadadh fhís an Údaráis maidir le bia sábháilte agus iontaofa do gach uile dhuine. Lena chinntiú go bhfaightear réidh leis na rioscaí do shláinte agus leasanna tomhaltóirí nó go ndéantar iad a íoslaghdú teastaíonn córas láidir de rialuithe oifigiúla bia. Trí shamhla an chonartha seirbhíse agus comhoibriú eile, tá an tÚdarás i staid láidir maidir le monatóireacht agus idirghabháil a dhéanamh ar fud an bhiashlabhra de réir mar is gá – ó gheata na feirme go dtí an tábla – chun rioscaí a bhainistiú. Baineann sé sin le monatóireacht a dhéanamh i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus micribhitheolaíochta, measúnuithe riosca a dhéanamh ar ghuaiseacha bia, cigireacht a dhéanamh ar earnáil an bhia agus teagmhais bhia a bhainistiú a bhaineann le ceisteanna a tharla in Éirinn nó i dtíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE), nó i dtíortha níos faide ar shiúl ó AE.

In 2018, dhéileáil Líne Chomhairle an Údaráis le 9,434 iarratas – líon comhchosúil le 2017 – agus ní raibh méadú suntasach ar bith i gceist i gcatagóir iarratais ar leith ar bith. Bhí gearáin faoi bhia nó áitreabh bia, lipéadú agus ailléirginí cosúil leis an líon in 2017, ag 3,424. Le linn na bliana, d’eisigh an tÚdarás 51 rabhadh bia, méadú ar an líon a eisíodh in 2017 (24) agus dhéileáil sé le 799 teagmhas bia le linn na bliana, arbh mhéadú é sin i gcomparáid le 2017 (640).

Tá tomhaltóirí ag leanúint le teagmháil a dhéanamh leis an Údarás go rialta faoin easpa lipéadaithe ailléirginí nó lipéadú ailléirginí mícheart i ngnólachtaí bia. Ó 2013 i leith, tugadh fás ar líon na rabhadh ailléirgine bia faoi deara, agus 45 rabhadh ailléirgine bia á n-eisiúint in 2018, arbh mhéadú é sin ar an líon a eisíodh in 2017 (30). I mí Mheán Fómhair, reáchtálamar ár bhfeachtas ailléirginí den dara bliain as a chéile, agus mar thoradh air sin tháinig méadú ar líon na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh ag cigirí bia i gcoinne na ngnólachtaí bia sin a thug neamhaird dá n-oibleagáidí agus a mhéadaigh na riosca do thomhaltóirí.

In 2018, lean an tÚdarás ag seachadadh i gcoinne a Straitéise 2016–2018 agus bhí sé ar a chumas tabhairt faoi líon tionscadal sa réimse rialála, fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia agus oiliúint cigirí. Ina bhliain deiridh dá straitéis, d’oibrigh an tÚdarás i dtreo a uaillmhianta a sheachadadh, ag cinntiú gur choimeád sé a fhócas ar na réimsí ard-riosca ionas gur féidir leis tomhaltóirí a chosaint ar thionchar ar bith ar a sláinte i ngeall ar bhia nach bhfuil sábháilte a bheith á chur ar an margadh.

I rith 2018, d’fhorbair an tÚdarás a straitéis 2019-2023 chomh maith. Thar na cúig bliana amach romhainn, beidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) ag oibriú i dtimpeallacht atá ag teacht chun cinn agus atá ag éirí níos dúshlánaí i gcónaí. Is é atá taobh thiar den timpeallacht

dhinimiciúil sin athruithe rialála ar rialuithe oifigiúla, tionscal atá fós ag nuáil agus ag méadú, córas casta domhanda bia a bhfuil rioscaí sábháilteachta bia fós ag baint leis, rioscaí a bhfuil sé ag éirí níos dúshlánaí teacht rompu agus iad a bhainistiú. Lena chois sin, baineann a dhúshláin uathúla féin le Brexit, agus an dóigh a mbeidh tionchar ag múnlú ár gcaidrimh úir lenár gcomharsan is gaire, an Ríocht Aontaithe (RA) ar rialuithe sábháilteachta bia, lóistíocht agus beidh an réimse rialála ina réimse fócais dúinne.

Tá rochtain ar shonraí láidre, ar fhianaise láidir agus ar eolaíocht láidir tábhachtach maidir le huaillmhianta an Údaráis a sheachadadh, agus táim muiníneach go bhfuil an cumas ag an Údarás trí Choiste Eolaíoch an Údaráis agus trína fhoireann eolaíoch chumasach agus comhar le heolaithe in Éirinn agus thar lear, a chinntiú go mbeidh a gcinntí ar fad bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil. Tá an Coiste Eolaíoch agus a Fhochoistí riachtanach maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí do thomhaltóirí ó bhia, rud a chuireann taca faoi na cinntí láidre um bainistíocht riosca agus forbairt beartas a rachaidh chun sochair na sláinte poiblí ar deireadh. Aontaíonn an Bord agus aontaím féin leis an Údarás maidir le cur chun feidhme leanúnach na Straitéise Eolaíochta agus tugaimid tacaíocht ina leith, agus déanfar athbhreithniú air in 2019.

Leanfar le cinntí gnó a spreagadh le sonraí ó chigireachtaí ar ghnólachtaí, iniúchtaí, teagmhais bhia (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta), agus le hanailísíocht suímh ghréasáin agus cuirfidh siad bonn eolais faoinár gcur chuige maidir le riosca don tsláinte phoiblí a íoslaghdú.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun aitheantas agus buíochas a thabhairt do gach duine atá bainteach le córas rialaithe bia na hÉireann as a n-obair chrua agus as a dtiomantas chun tomhaltóirí a chosaint. Is mór an chreidiúint é do dhaoine sa chóras seo go bhfuilimid ábalta fáil réidh le rioscaí nó iad a mhaolú ar mhodh tráthúil ionas nach n-éireoidh tomhaltóirí tinn. Mar sin féin, níor cheart go mbeimid réchúiseach choíche. Tá an córas bia ag éirí níos casta de réir mar a fhoinsíonn an tionscal in Éirinn a sholáthairtí ó laistigh d'Éirinn agus ó gach cearn den domhan, agus mar go bhféadfaí ár gcóras bia a chur i mbaol tuilleadh fiú mar gheall ar theagmhais amhail athrú aeráide nó calaois agus cleachtais mhealltach, tá na rioscaí ag éirí níos mó ná mar a bhí riamh. Ní mór dúinn a chinntiú go leanfaimid de bheith ag obair i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht chun rialuithe bia éifeachtacha agus éifeachtúla a sheachadadh. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le hobair na cigireachta agus na saotharlann sa Stát maidir le clár suntasach oibre a sheachadadh le linn na bliana, go háirithe os rud é go raibh a lán de na gníomhaireachtaí ag obair le hacmhainní srianta.

Mar Chathaoirleach an Bhoird, táim bródúil a rá go bhfuil cáil iontach ar an Údarás ar fud an domhain, agus is amhlaidh mar atá i ngeall ar thiomantas foirne ardoilte a bhfuil taithí acu do thomhaltóirí a chosaint. Tá cigirí bia na ngníomhaireachtaí oifigiúla agus na saotharlanna tástála bia a oibríonn faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás, chomh maith leis na heagraíochtaí sin a oibríonn i gcomhar leis an Údarás, ríthábhachtach maidir lenár sprioc bia sábháilte agus iontaofa do thomhaltóirí a chinntiú do gach uile dhuine agus, agus gabhaim buíochas leo agus molaim iad as a ndúthracht, a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, Simon Harris T.D, leis an Aire atá freagrach as Cur chun Cinn na Sláinte agus as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, Catherine Byrne, TD; agus leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, T.D, chomh maith le foireann a Ranna agus a ngníomhaireachtaí faoi seach, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (lena n-áirítear an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil agus na saotharlanna) agus leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, a bhí réamhghníomhach agus a thug tacaíocht don Údarás ina chuid iarrachtaí agus gníomhaíochtaí le linn 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na tréidlianna sna húdaráis áitiúla agus leo siúd a oibríonn i bhForas na Mara agus in Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann as a gcion leanúnach lena chinntiú go bhfuil córas rialuithe oifigiúla oiriúnach don fheidhm ag Éirinn. Lena chois sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannpháirtíocht mhéadaithe idir an tÚdarás agus an tSaotharlann Stáit.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Chathaoirleach atá ag éirí as, an tOllamh Michael Gibney, agus buíochas a ghabháil leis, as a chion iontach leis an tsábháilteacht bia le linn dó bheith ar an mBord. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mórán saineolaithe eolaíocha a ghlac páirt inár struchtúr comhairleach eolaíoch. Tá rochtain againn ar chuid de na saineolaithe eolaíocha i fearr ina sainréimsí éagsúla in Éirinn. Tá an tÚdarás an-bhuíoch as an am agus an iarracht a thugann na heolaithe sin ar bhonn deonach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do chion na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia maidir lenár smaointeoireacht ar phríomhréimsí suime a fhorbairt amhail úsáid forbhianna i gcomhthéacs folláine.

Ar deireadh, ba bhliain an-ghnóthach agus an-táirgiúil a bhí ann; bhain mé sult as mo chéad bhliain mar Chathaoirleach agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtacaíocht leanúnach don fheidhmeannach, don Choiste Eolaíoch agus don Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia. Tá a fhios agam go bhfuil an Bord ag tnúth le tacaíocht a thabhairt don Dr Pamela Byrne, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus don Údarás maidir lena Straitéis 2019–2023 a sheachadadh go hiomlán.

**Martin Higgins**
Cathaoirleach



# Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais 2018 d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chur i láthair. Cumhdaítear mo cheathrú bliain mar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis sa tuarascáil seo agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach dár bhfís uaillmhianach bia sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil do gach uile dhuine a sheachadadh. Táim spreagtha fós ag gairmiúlacht agus díograis na foirne maidir lenár sainordú reachtach a sheachadadh.

Is é cosaint na sláinte poiblí cuspóir deiridh an Údaráis agus is é an cuspóir sin a threoraíonn an dóigh a ndéanaimid an córas rialaithe oifigiúla bia in Éirinn a mhaoirsiú agus a chomhordú. Déanann an tÚdarás earnáil atá fuinniúil agus atá ina tionscal bia a thrádálann ar fud an domhain a rialú agus a mhaoirsiú. Dá brí sin, síneann ár ról i gcosaint na sláinte poiblí in Éirinn chuig tomhaltóirí bhia na hÉireann in 180 margadh a n-easpórtálaimid ár dtáirgí chucu. Is príomhthoisc í chomh maith córas láidir rialuithe oifigiúla a bheith chun margadh úr a rochtain agus chun rochtain reatha ar an margadh a choimeád.

Trí shonraí a chuir na gníomhaireachtaí cigireachta oifigiúla ar fáil dúinn, shainaithníomar laghdú beag (1.2%) ar líon na n-oibreoirí gnólachta bia in Éirinn in 2018, rud ar féidir míniú a thabhairt ina leith trí laghduithe ar líon na ngnólachtaí san earnáil seirbhíse bia, san earnáil mhiondíola, agus in earnáil na ndáileoirí agus na n-iompróirí. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar an líon táirgeoirí agus déantóirí príomhúla. Ar an iomlán, in 2018 bhí 606 oibreoir gnólachta bia níos lú in Éirinn i gcomparáid le 2017. Chun córas rialuithe i dtimpeallacht fhuinniúil cosúil leis seo a mhaoirsiú cuirtear dúshláin os comhair an Údaráis; oibrímid go dlúth, áfach, lenár gcomhpháirtithe gníomhaireachta oifigiúla lena chinntiú go ndéanfar cigireacht ar na gnólachtaí ar fad ag minicíocht lena n-íoslaghdaítear an riosca sábháilteachta bia agus sláinte poiblí. Agus é sin ráite, tá tionscal an bhia in Éirinn an-uaillmhianach agus táthar ag súil go méadófar an earnáil tuilleadh fiú, faoi mar atá léirithe i straitéis *Food Wise 2025* na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, ina bhfuil spriocanna suntasacha fáis leagtha síos agus ina ngríosaítear an fás seo a sheachadadh trí easpórtálacha déiríochta, mairteola, bia mara, bia agus deochanna tomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá córas neamhspleách, láidir um rialú sábháilteachta bia a bhfuil meas agus urraim air ina bhuntáiste iontach do spleáchas eacnamaíoch na hÉireann ar a hearnáil bhia. Mar sin féin, ní mór dúinn leanúint leis na hacmhainní a theastaíonn a fháil lena chinntiú gur féidir linn é sin a sheachadadh i gcoinne na ndúshlán agus na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht dhinimiciúil sin.

Tá córas rialála láidir i bhfeidhm againn, ach leis an méadú in earnáil an bhia tá ualach athnuaite á chur ar ghnólachtaí bia lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht bia i bhfeidhm. Ní mór dúinn ar fad oibriú le chéile chun an leibhéal is airde agus is féidir um chomhlíonadh a bhaint amach laistigh den tionscal iontach, dinimiciúil seo atá ag fás lena chinntiú go mbeidh córas rialuithe i bhfeidhm ar a ndéanfar meastóireacht i gcónaí chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach chun tomhaltóirí a chosaint. Níl margadh ar bith ann le haghaidh bia nach bhfuil sábháilte agus tá sé de dhualgas ar gach duine a bhfuil baint acu le córas bia na hÉireann, go háirithe i dtionscal an bhia, a chinntiú go ndéanfar sláinte agus leasanna tomhaltóirí a chosaint a mhéid is féidir le réasún.

Is é ár misean "tomhaltóirí a chosaint trí phobal comhoibríoch sábháilteachta bia a stiúradh chun leanúint i

**180**

Easpórtálann cuideachtaí bia Éireannacha chuig 180 tír.

**606**

Ar an iomlán, in 2018 bhí 606 oibreoir gnólachta bia níos lú in Éirinn i gcomparáid le 2017. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar an líon táirgeoirí agus déantóirí príomhúla.

**ISO 9001:2015**

In 2018, bhain an FSAI caighdeán ISO 9001:2015 amach maidir le córais bainistíochta cáilíochta.

Is é ár misean "tomhaltóirí a chosaint trí phobal comhoibríoch sábháilteachta bia a stiúradh chun leanúint i gcónaí le caighdeáin bhia a ardú agus cultúr barr feabhais a chruthú" laistigh de thionscal an bhia in Éirinn.

gcónaí le caighdeáin bhia a ardú agus cultúr barr feabhais a chruthú" laistigh de thionscal an bhia in Éirinn. Chun a mhisean seo a bhaint amach, d'oibrigh an tÚdarás gan stad gan staonadh in 2018 chun leanúint leis na hacmhainní agus na huirlisí is gá a chur ar fáil chun tacú le cigirí bia measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an tionscail maidir leis an dlí faoi bhia, agus chun tacú leis an tionscal an dlí a chomhlíonadh chomh maith. Cé gurb é freagracht dhlíthiúil tionscal an bhia é bia sábháilte a chur ar an margadh, tá an tÚdarás agus a chomhpháirtithe sna gníomhaireachtaí oifigiúla freagrach as an bhfianaise a sholáthar lena dtaispeántar go bhfuil a n-oibleagáidí dlíthiúla á gcomhlíonadh acu.

Ní oibríonn an tÚdarás leis féin. Tá comhar agus comhpháirtíocht ina bpríomhluachanna de chuid an Údaráis, agus chun ár misean a chomhlíonadh caithfimid oibriú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus i gcomhar le dreamanna eile. Tá ár gcaidreamh lenár gcomhpháirtithe rialála tábhachtach do rath na hÉireann maidir le tomhaltóirí a chosaint. Trínár gconarthaí seirbhíse, agus trí chruinnithe an lucht bainistíochta sinsearaí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Foras na Mara, leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus le Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, cinntítear go bhfuil sé ar ár gcumas a n-acmhainní teoranta a threorú chun díriú ar na réimsí a mbaineann an baol is airde leo do thomhaltóirí. Le laghdú eile ar acmhainní, áfach, cuirfear dúshlán ar ár gcumas ár bhfís a bhaint amach agus go deimhin ár misean a chomhlíonadh. Méadaímid ár gcaidreamh le heagraíochtaí eile chun cur chuige comhpháirtíochta a éascú maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta faoi bhia agus measúnú agus bainistíocht rioscaí.

Níl amhras ar bith ann go mbíonn níos mó comhsheasmhachta i bhforfheidhmiú agus comhtháthú feabhsaithe an chórais náisiúnta um rialú sábháilteachta bia mar thoradh ar chomhoibriú idirghníomhaireachta. Cinntítear lenár ndlúthchaidreamh oibre leo siúd níos faide i gcéin gur féidir linn faisnéis ríthábhachtach a chomhroinnt agus a mhalartú ar mhodh tráthúil i gcás go bhfuil baol ann do thomhaltóirí ó bhia a táirgeadh in Éirinn nó bia a iompórtáladh go hÉirinn, aimsithe ag na gníomhaireachtaí oifigiúla in Éirinn mar a bheith ina bhia baolach.

Mar gheall ar chomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí amhail Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, agus ár gcomhghleacaithe eile san Eoraip agus ar fud an domhain is féidir linn faisnéis thráthúil, chruinn agus láidir a chuidíonn linn inár ról a rochtain. Leanfaimid le measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar ár gcomhpháirtíochtaí lena chinntiú go bhfuil siad ábhartha, láidir agus go gcuireann siad luach breise lenár ngníomhaíochtaí.

## Tá gnólachtaí bia thar barr in Éirinn a bhfuil bia á tháirgeadh acu do na margaí intíre agus easpórtála, agus trí obair na ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile, aithnítear Éire mar 'an t-oileán bia'.

Bhí 2018 ina bliain an-ghnóthach ach torthúil, agus muid ag socrú inár n-áitreabh úr, neartaíomar ár córas bainistíochta um riosca corparáideach tuilleadh agus bhaineamar amach deimhniúchán ar an gcaighdeán ISO 9001:2015 le haghaidh córais bainistíochta gnó, chomh maith lenár seachadadh leanúnach dár bhfeidhmeanna rialála.

Mar sin féin, tá an tírdhreach rialála do bhia ag teacht chun cinn ar fud an domhain agus tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an tÚdarás le bheith rannpháirteach le húdaráis rialála eile ar fud an domhain agus a gcórais á bhforbairt acu ionas go mbeimid ábalta an dea-chleachtas a threisiú agus na cleachtais, nuair is ábhartha, a leabú isteach inár gcóras. Táimid ag obair chomh maith ar chur chuige rialála na hÉireann amach anseo maidir le sábháilteacht agus fíordheimhneacht bia agus muid ag ullmhú le haghaidh chur chun feidhme na reachtaíochta Eorpaigh úir maidir le rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625. Táimid ag súil le leas a bhaint as an deis uathúil seo i stair na hEorpa maidir le rialuithe bia chun córas rialuithe den scoth a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhianaise agus a bheidh ábalta mionscrúdú a sheasamh.

Ní bhíonn deireadh choíche lenár gcuid oibre i mbainistíocht teagmhas bia, agus táimid ag déanamh réidh lena chinntiú gur féidir linn gníomhú go gasta má bhíonn géarchéim sábháilteachta bia againn mar gheall ar bhia éillithe a táirgeadh anseo in Éirinn nó mar gheall ar éilliú bia a iompórtáladh. Le cleachtaí ionsamhlúcháin géarchéime is féidir linn ár bhfreagairt a chleachtadh, agus leis na cleachtaí sin beimid ábalta an cumas agus an acmhainne chun freagairt ar mhodh tráthúil a fhorbairt chun go mbeimid ábalta tomhaltóirí a chosaint. Tá súil againn nach gcaithfimid déileáil choíche le géarchéim, ach ní mór dúinn a bheith réidh, agus mar sin leanfaimid le monatóireacht agus idirghabháil a dhéanamh de réir mar is gá ar fud an bhiashlabhra, ó gheata na feirme go dtí an tábla. Is éard a bheidh i gceist leis sin monatóireacht a dhéanamh i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus micribhitheolaíochta, measúnuithe riosca a dhéanamh ar ghuaiseacha bia, cigireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí bia, agus teagmhais bhia a bhainistiú a bhaineann le ceisteanna a tharla in Éirinn nó na cinn a thionscain i dtíortha eile de chuid AE. Tabharfaimid tús áite do réimsí a bhféadfadh an éifeacht is airde a bheith acu ar thomhaltóirí a chosaint. Áirítear air sin a chinntiú go cloíonn an tionscal lena oibleagáidí dlíthiúla maidir le bia sábháilte a tháirgeadh, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar na réimsí sin ina bhfuil an riosca is mó do shábháilteacht bia sa bhiashlabhra.

Lena chinntiú gur féidir linn ár sainordú reachtach a sheachadadh teastaíonn foireann, agus tá sé de phribhléid agam foireann an-ghairmiúil agus an-tiomanta a bheith agat laistigh den Údarás. Tá m'fhoireann in FSAI ina príomhchuid maidir le bheith réidh le tomhaltóirí a chosaint agus a bheith ábalta tomhaltóirí a chosaint. In 2018, chuireamar tús le clár mionsonraithe oibre lenar féachadh le timpeallacht oibre dhearfach, chomhoibríoch a fhorbairt tuilleadh, ag baint leas as an obair ullmhúcháin a rinneamar nuair a athlonnaíomar go dtí ár spás oifige plean oscailte úr. Áiríodh leis sin suirbhé foirne, ceardlanna téamúla leis na baill foirne ar fad, agus forbairt na ceannaireachta sinsearaí.

Le linn na bliana, lean mé le tiomantas, díograis agus suim na foirne a thabhairt faoi deara, agus bhí sé sin tábhachtach chun fhorbairt ár straitéise úir a éascú agus ullmhú dár lá cuimhneacháin 20 bliain in 2019. I gcomhairliúchán leis an bhfoireann, leis an mBord, leis an gCoiste Eolaíoch, leis an gComhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, na fóraim tionscail agus ár bpríomhpháirtithe leasmhara sa Rialtas agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, dhréachtaíomar ár straitéis úr cúig bliana. D'fhostaíomar painéal idirnáisiúnta saineolaithe um shábháilteacht bia ó Mheiriceá Thuaidh agus ón Ríocht Aontaithe chomh maith lena chinntiú go raibh ár straitéis ailínithe leis an dea-chleachtas domhanda agus leis an tírdhreach rialála atá ag teacht chun cinn. Beidh an straitéis sin ina treochlár don Údarás ó 2019 go 2023, agus tá sé ar aon dul lenár n-oibleagáidí faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair leis an Údarás chun ár straitéis a sheachadadh thar na blianta amach romhainn agus, trí fhianaise, tionchar ár ngníomhaíochtaí ar thomhaltóirí a chosaint a léiriú. Tá gnólachtaí bia thar barr in Éirinn a bhfuil bia á tháirgeadh acu do na margaí intíre agus easpórtála, agus trí obair na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit eile, aithnítear Éire mar 'an t-oileán bia'. Tagann an fhreagracht leis an staid sin as an mbia is sábháilte agus is féidir a tháirgeadh


**2018**
Tháinig deireadh le téarma an Ollaimh Michael Gibney mar Chathaoirleach an Bhoird i mí Feabhra 2018.

**20**
Tá a lá cuimhneacháin 20 bliain á cheiliúradh ag an Údarás in 2019.

agus is é ról an Údaráis, trí oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí oifigiúla agus le hoibreoirí gnólachta, a léiriú go bhfuil an córas rialaithe bia is láidir agus is féidir againn. Creidim go n-éireoidh sé sin níos tábhachtaí fós fiú i gcomhthéacs Brexit.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte, go háirithe leis an Aonad Bia, as a dtacaíocht leanúnach don Údarás, agus go háirithe as cead a thabhairt chun baill foirne a earcú chun folúntais a líonadh de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do chuidiú agus do thacaíocht an Ollaimh Michael Gibney, ar tháinig deireadh lena théarma mar Chathaoirleach an Bhoird i mí Feabhra 2018. Le linn a chuid ama mar Chathaoirleach, agus trína obair roimhe sin ar Choiste Eolaíoch an FSAI, bhí tionchar láidir ag an Ollamh Gibney ar obair an Údaráis, agus táimid buíoch as a thacaíocht agus as a shaineolas diongbháilte. Tháinig an tUasal Martin Higgins in ionad an Ollaimh Michael Gibney i mí Feabhra agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis agus leis na comhaltaí Boird eile as a dtacaíocht agus a dtreoir leanúnach le linn na bliana. Táim ag tnúth le leanúint le bheith ag obair go dlúth leis an mBord agus leis an gCathaoirleach úr, leis an bhfoireann laistigh den Údarás, leis an gCoiste Eolaíoch, leis an gComhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, leis na gníomhaireachtaí oifigiúla, leis na baill foirne sna saotharlanna agus leis na fóraim thionscail agus muid ag obair i dtreo ár straitéis úr á seachadadh sa chúig bliana amach romhainn.



**An Dr Pamela A Byrne**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ní oibríonn an tÚdarás leis féin. Tá comhar agus comhpháirtíocht ina bpríomhluachanna de chuid an Údaráis, agus chun ár misean a chomhlíonadh caithfimid oibriú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus i gcomhar le dreamanna eile.

# Maidir le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

## Bunús dlí

**Bunaíodh an tÚdarás in 1998 faoi Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 (I.R. Uimh. 29 de 1998 arna leasú) mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid an Rialtais atá an fhreagracht aige as an reachtaíocht faoi bhia a fhorfheidhmiú in Éirinn. Achtaíodh an tAcht seo i mí Iúil 1998 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1999.**

Is é príomhfheidhm Údarás Sábháilteachta Bia (FSAI) na hÉireann gach beart réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíonann an bia a itear, a tháirgtear, a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia atá ar fáil le réasún, agus a chinntiú go gcloíonn bia leis na ceanglais dhlíthiúla, nó más cuí leis na cóid dea-chleachtais aitheanta. I rith 2018, rinne an tÚdarás comhairliúchán fairsing lena straitéis úr don chéad
chúig bliana amach romhainn a shainiú.

Comhlacht forfheidhmiúcháin rialála náisiúnta reachtúil, neamhspleách agus bunaithe ar eolaíocht is ea an tÚdarás, atá tiomanta don tsláinte phoiblí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint sa réimse sábháilteachta agus sláinteachais bia. Tagann sé faoi choimirce an Aire Sláinte agus tá bord 10 Comhaltaí aige faoi láthair. Tá Coiste Eolaíoch de 15 comhaltaí aige chomh maith a chuidíonn leis an mBord agus a thugann comhairle dó. Dá bhrí sin, cuirtear san áireamh i gcinntí a bhaineann le sábháilteacht bia an chomhairle agus an fhaisnéis is déanaí agus is fearr atá ar fáil.

Baineann gach rud a dhéanann an tÚdarás lena chinntiú go bhfuil fáil ag daoine in Éirinn ar sholáthar bia shábháilte agus ar fhaisnéis fhírinneach faoin mbia a itheann siad. Tríd an méid atá á dhéanamh aige, tá tomhaltóirí bia Éireannaigh thar lear á gcosaint ag an Údarás chomh maith. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis tábhachtach maidir le taca a chur faoi shláinte shochaí na hÉireann agus faoi fhás eacnamaíoch na hÉireann.

Is é an bonn faoi shochaí shláintiúil agus faoi gheilleagar atá ag feidhmiú go ndéanann daoine sláintiúla roghanna eolasacha faoin mbia a itheann siad. Aithnítear i *Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, 2016 – 2019* an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil na creataí dlíthiúla, na beartais agus na struchtúir ábhartha iomchuí i bhfeidhm chun na caighdeáin is airde um shábháilteacht bia a bhaint amach agus chun a cuspóir foriomlán a bhaint amach maidir le tacú le daoine chun saol sláintiúil agus neamhspleách a bheith acu. D’fhéadfadh géar-éifeachtaí sláinte a bheith ag baictéir, víris agus ceimiceáin neamh-inmhianaithe i mbia(e.g. gaistreintríteas) agus éifeachtaí ainsealacha sláinte (e.g. ailse) ar dhaoine aonair agus bíonn tionchar suntasach aige sin ar an gcáilíocht beatha. Chomh maith leis sin, bíonn tionchar ag iarmhairtí nimhithe bia ar an leibhéal sochaíoch ar an ngeilleagar trí neamhábaltacht oibriú chomh maith le costais as cúram sláinte agus costais leasa shóisialaigh. De réir thuarascáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte *WHO Estimates of the Global Burden of Foodborne Diseases*, bhí 600 milliún (95% d’eatramh éiginnteachta [UI] 420–960) tinneas bia-iompartha agus 420,000 (95% UI 310,000–600,000) bás mar thoradh ar 31 guais bhia-iompartha in 2010. Dá réir sin, ciallaíonn soláthar bia níos sábháilte feabhsuithe ar shaol mhuintir na hÉireann trí rátaí breoiteachta laghdaithe, costais sláinte agus leasa níos ísle agus táirgiúlacht eacnamaíoch mhéadaithe.

Is í an déantúsaíocht bhia agus deochanna an earnáil dhúchasach is mó in Éirinn, agus easpórtálacha de os cionn €12.1 billiún i gceist léi in 2018. Cuirtear taca faoi rath easpórtáil bia agus deochanna na hÉireann le heaspórtálacha feola agus déiríochta, arbh ionann iad agus 66% d’iomlán na n-easpórtálacha in 2018. Tá an fhostaíocht agus na heaspórtálacha araon téarnaithe ar leibhéil 2009, nó tá siad níos airde ná leibhéil sin. Lena chois sin, baineann 173,000 post go díreach le hearnáil an agraibhia. Is é déantúsaíocht táirgí bia agus deochanna an tionscal dúchasach tábhachtach is mó in Éirinn, lena mbaineann meánláimhdeachas bliantúil €27.5 billiún.

Tá earnáil an bhia agus deochanna comhtháite go domhain sa gheilleagar níos leithne, ag caitheamh €18 mbilliún in aghaidh na bliana ar thomhaltas idirmheánach in earnálacha eile agus €2.1 billiún eile ar chúiteamh fostaithe. Is ionann é agus 94% d’iomlán na sreafaí táirgí seachtracha ó earnáil talmhaíochta.

Tá an earnáil bia agus deochanna scaipthe ar fud na hÉireann agus tá sé ina spreagadh láidir don fhorbairt réigiúnach, arb ionann é agus 9.7% d’iomlán na fostaíochta sna ceithre réigiún is laige ón taobh eacnamaíoch de (Réigiúin an Lár-Oirthir, na Teorann, Lár na Tíre agus an Oirdheiscirt). Chomh maith le freastal ar na margaí baile grósaeireachta agus seirbhíse bia, tá an tionscal an-idirnáisiúnaithe agus easpórtálann sé chuig 180 tír. Coimeádann sé seasamh margaidh substainteach sa Ríocht Aontaithe (RA), i margaí eile an Aontais Eorpaigh (AE), agus i margaí idirnáisiúnta.

Is é an mbonn faoi shochaí shláintiúil agus faoi gheilleagar atá ag feidhmiú go ndéanann daoine sláintiúla roghanna eolasacha faoin mbia a itheann siad.

In *Food Wise 2025*, tuarascáil Choiste Straitéise Agraibhia na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara 2025, leagtar amach plean comhtháite, straitéiseach maidir le forbairt earnáil an agraibhia thar na deich mbliana amach romhainn. Ar bhonn sonraí atá ar fáil agus trí na gníomhaíochtaí a sainaithníodh sa tuarascáil a dhéanamh, leag an Coiste na réamh-mheastacháin fáis seo a leanas amach, agus creideann sé gur féidir iad a bhaint amach faoi 2025:

**66%**

B'ionann easpórtálacha feola agus déiríochta agus 66% d'iomlán na n-easpórtálacha bia agus deochanna in 2018.

**85%**

Méadú 85% go €19 mbilliún a dhéanamh ar luach na easpórtálacha agraibhia
.

**€13bn**

Méadú 70% a dhéanamh ar an luach a chuirtear leis na hearnálacha agraibhia, iascaigh agus adhmaid go dtí sa bhreis ar €13 bhilliún

**65%**

Méadú 65% go beagnach €10 mbilliún a dhéanamh ar luach an táirgthe phríomhúil

**23,000**

23,000 post díreach a chruthú san earnáil agraibhia feadh an bhiashlabhra ar fad ón táirgeadh príomhúil go dtí forbairt táirgí ard-bhreisluacha.



De réir mar a tháinig deireadh le 2018, bhí Brexit ina bhagairt straitéiseach shuntasach ar thionscal bia agus deochanna na hÉireann. Teastaíonn leibhéal ard muiníne idirnáisiúnta i gcóras sábháilteachta bia na hÉireann d'fhás ar easpórtálacha bia. Lena rá go simplí, níl margadh ar bith ann le haghaidh bia atá baolach. Éireoidh obair an Údaráis maidir le sábháilteacht sholáthar bia na hÉireann a chinntiú níos suntasaí arís má réadaítear réamh-mheastacháin *Food Wise 2025*.

# Cad a Dhéanann an tÚdarás

Tá an tÚdarás freagrach as:

- Tús áite a thabhairt go hiomlán do leasanna tomhaltóirí
- Comhairle a chur ar fáil d'Airí, rialtóirí, tionscal an bhia agus tomhaltóirí maidir le ceisteanna um shábháilteacht bia
- Seachadadh comhordaithe agus réidh seirbhísí sábháilteachta bia ar ardchaighdeán atá comhaontaithe ag na gníomhaireachtaí éagsúla Stáit lena mbaineann a chinntiú
- A chinntiú go gcloíonn bia leis na ceanglais dhlíthiúla, nó más iomchuí, le cóid dea-chleachtais aitheanta
- Oibriú le tionscal an bhia chun a thiomantas do tháirgeadh bia shábháilte a bhaint amach
- Caighdeáin bhia bunaithe ar mheasúnú láidir eolaíochta agus riosca a shocrú
- Bainistíocht riosca i ndáil le gníomhaireachtaí túslíne agus earnáil an bhia, agus rioscaí a chur in iúl do thomhaltóirí, do ghairmithe sláinte poiblí agus do thionscal an bhia.

Is é sainchúram an Údaráis an dlí faoi bhia a fhorfheidhmiú, a chomhordaítear trí bheith ag oibriú i gcomhpháirtíocht le húdaráis rialála bia eile. Déanann líonra gníomhaireachtaí oifigiúla an reachtaíocht faoi bhia a fhorfheidhmiú thar ceann an Údaráis trí chlár conarthaí seirbhíse ar a ndéanann an tÚdarás monatóireacht. Déanann an tÚdarás tuairisc maidir le gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí chomh maith, agus lorgaíonn sé feabhas agus cuntasacht leanúnach trí chlár iniúchtaí rialta.

Déanann baill foirne ó na gníomhaireachtaí oifigiúla a oibríonn faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás feidhmeanna cigireachta agus maoirseachta i níos mó ná 49,000 gnólacht bia, lena chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin dhlíthiúla agus na cóid dea-chleachtais. Tá réimse beart rialaithe faoi láimh oifigigh chigireachta i gcás neamhchomhlíonadh an dlí faoi bhia, lena n-áirítear dúnadh gnólachtaí agus bia a choinneáil. Déanann an tÚdarás maoirseacht chomh maith ar chlár monatóireachta agus faireachais i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus na comhlachtaí seachtracha a thomhaiseann neamhchosaint ar mhiocrorgánaigh agus ceimiceáin dhíobhálacha i réim bia na hÉireann.
Tá na sonraí ó na cláir sin ina gcuid de bhunús straitéisí rialaithe agus coisc an Údaráis, ag cinntiú go dtugtar tús áite go hiomlán do leasanna tomhaltóirí.

Rinne an tÚdarás bainistíocht ar thart ar 700 teagmhas bia agus éigeandáil bhia in 2018, agus cinntíonn sé go coinníonn sé na páirtithe leasmhara ar an eolas trí chumarsáid rialta agus rabhaidh ar aisghairmeacha agus aistarraingtí bia i gcás riosca ar shláinte tomhaltóirí. Mar an bpointe teagmhála náisiúnta do Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF) an Choimisiúin Eorpaigh agus Líonra Idirnáisiúnta um Údaráis Sábháilteachta Bia (INFOSAN) na hEagraíochta Domhanda Sláinte, déileálann an tÚdarás leis na mílte rabhadh gach bliain. Áirítear ar an obair chomh maith dul i ngleic le coireacht bhia, rud a bhaineann le himscrúduithe fairsinge a dhéanamh le líon comhlachtaí seachtracha, lena n-áirítear Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána agus na húdaráis inniúla a bhfuil ról acu i rialuithe oifigiúla um shábháilteacht bia.

Tá an eolaíocht fós ag croílár an Údaráis. Cuireann fianaise eolaíoch neamhspleách taca faoi chomhairle an Údaráis d'airí Rialtais maidir le ceisteanna um shábháilteacht bia agus um chothú. Cinntíonn foireann eolaíoch agus baill de Choiste agus d'Fhochoistí Eolaíocha an Údaráis go bhfuil an obair ar fad, ó ghnáthchinnteoireacht laethúil go dtí obair ar mheasúnú riosca, bunaithe ar fhianaise. Leanann an tÚdarás forbairtí domhanda san eolaíocht agus teicneolaíocht bhia, i measúnú riosca, bainistíocht riosca agus i seirbhísí oifigiúla rialaithe bia agus cuireann sé leo chomh maith.

Oibríonn an tÚdarás i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agraibhia chun tiomantas an tionscail a fháil maidir le táirgeadh agus margaíocht bianna sábháilte a bheidh lipéadaithe mar is ceart. Oibríonn sé i gcomhar leis an mBord Bia agus an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun caighdeáin agus scéimeanna a bhunú chun na leibhéil is airde sábháilteachta agus sláinteachais bia i dtáirgeadh bia na hÉireann a chinntiú. Déanann an tÚdarás bainistíocht ar sheirbhís Comhairle ar Líne do na páirtithe leasmhara uile atá ar fáil cúig lá sa tseachtain agus a ghlac thart ar 9,000 glao in 2018.

Tá tiomantas láidir ag an Údarás don tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia agus na rioscaí lena mbaineann a chur in iúl, agus faisnéis thráthúil, bhríoch agus saincheapa a chur ar fáil do dhaoine. Is é suíomh gréasáin an Údaráis a ardán don domhan agus bhí 2.2 milliún amharc leathanaigh aige agus tugadh 1.1 milliún cuairt air in 2018. Tá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus foinsí faisnéise an Údaráis comhlánaithe ag feachtais feasachta, chomh maith le comhairle agus treoir phraiticiúil do thionscal an bhia, chun é a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí na rialacháin a thuiscint agus cloí leo, agus leagtar béim ar ualach an chomhlíonta ar ghnólachtaí bia beaga a íoslaghdú.

Tá an tÚdarás freagrach as tús áite a thabhairt go huile agus go hiomlán do leasanna tomhaltóirí.

# An dóigh a n-oibríonn an tÚdarás

**Forfheidhmíonn an tÚdarás an reachtaíocht faoi bhia trí chonarthaí seirbhíse le 31 gníomhaireacht oifigiúil agus cuirtear an bonn reachtúil riachtanach ar fáil ina leith leis an Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.**

Ba iad seo a leanas na gníomhaireachtaí oifigiúla a bhí ag obair faoin gcomhaontú conarthaí seirbhíse sin in 2018: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, 26 údarás áitiúil, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; agus Foras na Mara. Is é ról an Údaráis comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, ina leagtar síos leibhéal agus caighdeán comhaontaithe maidir leis an ngníomhaíocht sábháilteachta bia a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla. Maireann na conarthaí seirbhíse sin ar feadh trí bliana ach is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas ón Údarás nó ón ngníomhaireacht oifigiúil i rith an ama sin. Tionóltar cruinnithe rialta leis an lucht bainistíochta sinsearaí i ngach gníomhaireacht agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as iniúchadh agus anailís a dhéanamh.

Leanann an FSS de sheirbhísí anailíseacha saotharlann ceimiceach agus micribhitheolaíochta a sholáthar faoi théarmaí na gconarthaí seirbhíse. Cuireann trí shaotharlann anailísí phoiblí agus sé shaotharlann mhicribhitheolaíochta an tseirbhís sin ar fáil. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara seirbhísí suntasacha anailíseacha saotharlainne ar fáil fosta. Mar a chéile le Ballstáit uile AE, tá Plean Rialúcháin Náisiúnta ag Éirinn, ar ceanglas é maidir le rialacháin Eorpacha um rialuithe oifigiúla bia. Cumhdaítear sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, beatha ainmhithe agus sláinte plandaí leis sin. Tá an tÚdarás freagrach as na gnéithe faoi bhia an phlean.



# Rannpháirtíocht an lucht Tionscail

**Cé go bhfuil tionscal an bhia freagrach go príomha as sábháilteacht bia ar mhargadh na hÉireann, is é ról maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an Údarás. Dá réir sin, oibríonn an tÚdarás leis an tionscal chun comhlíontacht a spreagadh agus chun go mbeidh gnólachtaí bia feasach faoina bhfreagrachtaí. Le linn 2018, lean an tÚdarás lena rannpháirtíocht le tionscal an bhia ar a lán leibhéal chun an gá don earnáil freagracht a ghlacadh as bia sábháilte a tháirgeadh agus a chur ar an margadh a neartú agus feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia.**

Chun na críche sin, d'óstáil an tÚdarás roinnt cruinnithe lena cheithre fhóram tionscail (féach Aguisín 1 le haghaidh liosta de na comhaltaí). Cuirtear ardán ar fáil leo sin d'earnálacha áirithe de thionscal an bhia chun ceisteanna bainteacha a ardú agus faisnéis thábhachtach a fháil ón Údarás.




***BREAKFAST BITES***

*Gach bliain, óstálann an tÚdarás sraith cruinnithe neamhfhoirmiúla do ghnólachtaí bia ar a dtugtar Breakfast Bites. Soláthraítear sainfaisnéis sna himeachtaí sin ar na topaicí ar mian le daoine tuilleadh eolais a fháil fúthu. Tá siad an-chuidiúil dóibh siúd ar leo gnólacht bia beag nó dóibh siúd a oibríonn iontu agus dóibh siúd ar mian leo gnólacht bia úr a thosú. Le linn 2018, áiríodh sna topaicí a clúdaíodh réamheolas maidir le lipéadú bia agus eolas faoi ghnólacht bia a chur ar bhun.*

### FÓRAM NA gCEARDAITHE

Tugann Fóram na gCeardaithe grúpa ilchineálach de tháirgeoirí bia speisialtóra ceardaí, mionscála agus baile le chéile agus cuireann sé deis ar fáil dóibh chun saincheisteanna sábháilteachta bia maidir leis an earnáil a phlé leis an Údarás. Is ardán é an Fóram don Údarás agus na táirgeoirí chun teacht ar chomhthuiscint ar ról a chéile i soláthar bia d'ardchaighdeán atá sábháilte don tomhaltóir. Cruthaíonn sé líonra teagmhálacha a úsáidtear taobh amuigh de chruinnithe foirmiúla chun fadhbanna a thagann chun cinn san earnáil maidir le comhlíonadh na reachtaíochta faoi shábháilteacht bia a réiteach. Ina theannta sin, cuireann an Fóram deis ar fáil chun plé a dhéanamh ar thograí reachtacha úra agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar tháirgeoirí bia mionscála. Is acmhainn luachmhar é do tháirgeoirí ceardaí agus don Údarás, agus cabhraíonn sé le gach duine atá i gceist tabhairt faoi chosaint tomhaltóirí i dtaca le táirgeadh raon éagsúil ceardaí a éascú. Tháinig Fóram na gCeardaithe le chéile trí huaire in 2018. I measc cuid de na saincheisteanna a pléadh ag na cruinnithe bhí soláthar seamlas 'áitiúil' (go háirithe le haghaidh éanlaith chlóis); comhsheasmhacht maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta faoi bhia; rialáil na dtáirgeoirí cáise ceardaí; an gá le treoir maidir le bianna coipthe a sholáthar; an úsáid as gliofosáit agus as neoinicitíonóidigh; ballraíocht ar an bhFóram; téarmaí tagartha an Fhóraim; nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí Teagasc is ábhar suime ag earnáil an cheardbhia, agus Brexit.

Oibríonn an tÚdarás leis an tionscal chun comhlíontacht a spreagadh agus chun go mbeidh gnólachtaí bia feasach faoina bhfreagrachtaí.

## AN FÓRAM MIONDÍOLA


Tá ionadaithe ó na príomhshlabraí ollmhargaidh agus ó na príomhghrúpaí siombaile a fheidhmíonn in Éirinn ina gcuid den Fhóram Miondíola. Feidhmíonn an Fóram mar mheicníocht úsáideach chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht faoi bhia agus chun comhairle faoi shábháilteacht bhia a scaipeadh agus dea-chleachtas a roinnt. Tháinig an Fóram Miondíola le chéile trí huaire in 2018. Ba iad na príomhcheisteanna a pléadh frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh; Straitéis 2019–2023 an FSAI; Brexit; *Campalabaictéar*; faisnéis faoi ailléirginí ar bhianna réamhphacáistithe ; plaistigh aonúsáide; éilimh maidir leis an tír thionscnaimh; comhsheasmhacht an fhorfheidhmithe; fógraí 'fiuch an t-uisce'; agus blocshlabhra.

## AN FÓRAM SEIRBHÍSE BIA

Tagann comhaltaí an Fhóraim Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, ó ghnólachtaí seirbhís bhia agus ó na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar a son. Baintear leas as an bhFóram chomh maith chun comhairle ar shábháilteacht bhia a scaipeadh, dea-chleachtas a roinnt agus feabhas a chur ar an tuiscint ar an reachtaíocht bhia iomchuí. Tháinig an Fóram Seirbhíse Bia le chéile uair amháin in 2018. Ba iad na príomhcheisteanna a pléadh frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh; burgair atá sábháilte lena n-ithe a riar; aicriolaimíd; athbhreithniú ar *Phacáiste Lónadóireachta Sábháilte an FSAI*; lipéadú na tíre tionscnaimh; MenuCal; ceanglais faoi ailléirginí le haghaidh gnólachtaí 'carrsheirbhíse'; agus caora reoite.

## AN COISTE SÁBHÁILTEACHTA SLIOGIASC MOILEASCACH

Is é an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach an coiste náisiúnta páirtithe leasmhara maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann. Tá sé d'aidhm leis an gClár a chinntiú nach gcuirtear ach sliogéisc shábháilte ar an margadh. Bíonn ionadaithe ar an gCoiste, ar a ndéanann an tÚdarás cathaoirleacht, ó na gníomhaireachtaí oifigiúla, ón mBord Iascaigh Mhara, ón tionscal sliogiasc agus ó ghrúpaí páirtithe leasmhara eile. Le linn 2018, tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire agus phléigh siad raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear comhordú samplaí, teagmhais biotocsaine agus cáilíocht uisce sliogiasc. Choinnigh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Foras na Mara an Coiste cothrom le dáta i ndáil le suirbhé bonnlíne leanúnach AE maidir le noraivíreas, taighde ar láithreacht fhéideartha teitrideatocsaine, agus forbairtí maidir le sábháilteacht sliogiasc laistigh den Eoraip. Rinne an Coiste maoirseacht ar na hathbhreithnithe ar na cóid cleachtais maidir le biotoscsain agus micribhitheolaíocht faoi gClár. Sholáthair comhaltaí an Choiste aiseolas úsáideoirí d'Fhoras na Mara de réir mar a seoladh bunachar sonraí úra maidir le biotocsain blás algach díobhálach, agus thacaigh na páirtithe leasmhara le Foras na Mara leis an gComhdháil Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht Sliogiasc Moileascach a óstáil.




***CEARDLANN OIDEOIRÍ***

*D'óstáil an tÚdarás ceardlann oideoirí in 2018. Bhí sé sin dírithe ar na baill foirne agus ar na léachtóirí atá freagrach as forbairt churaclaim cúrsaí a bhaineann le bia. Rinneadh iniúchadh sa cheardlann ar an dóigh a bhféadfar sábháilteacht bia agus an dlí faoi bhia a chur chun feidhme i gcúrsaí ardoideachais agus breisoideachais, agus cuireadh béim inti chomh maith ar an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe sin a chuimsiú i gcúrsaí dá leithéid.*

# Comhoibriú

**Aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann lena chomhoibrithe agus lena chomhpháirtithe agus tá meas aige orthu i ndáil le córas rialuithe a sheachadadh le haghaidh sábháilteacht agus fíordheimhneacht bhia lena gcinnteofar gur féidir linn ár fís um bia sábháilte agus iontaofa bia a bhaint amach. Tá comhoibriú ar cheann de críoluachanna an FSAI, agus creidimid go hiomlán nach féidir ár gcumas tomhaltóirí a chosaint a bhaint amach ach trí oibriú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar laistigh den FSAI agus lenár bpáirtithe leasmhara.**

Le linn 2018, lean an tÚdarás dá chomhoibriú le roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear araon. Éascaítear a dhlúth-chomhar agus a dhlúth-chomhoibriú le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia chomh maith trí Mheabhrán Tuisceana a ceapadh lena chinntiú go mbeidh comhoibriú tapa éifeachtach ann i gcás teagmhas bia trasteorann agus chun dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le comhsheasmhacht an fhorfheidhmithe sa dá dhlínse. Sa Mheabhrán Tuisceana idir Gníomhaireacht na Loch agus an tÚdarás cumhdaítear an cúnamh a chuireann Gníomhaireacht na Loch ar fáil chun oibriú Chlár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann i Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a éascú. In 2018, lean an tÚdarás ag obair le *safe*food ar réimsí comhleasa agus le deiseanna le haghaidh comhoibriú amach anseo a aithint. D'oibríomar chomh maith le rialaitheoirí eile in Éirinn, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Ó dhearcadh domhanda de, chomhroinneamar smaointe le Ceanada agus leis an Nua-Shéalainn chun caidreamh oibre níos foirmiúla a fhorbairt amach anseo. Tá comhaontú rúndachta ag an Údarás leis an Riarachán Bia agus Drugaí sna Stáit Aontaithe chomh maith. Agus leanaimid le toscaireachtaí eachtracha a óstáil ar mian leo tuilleadh a fhoghlaim faoi straitéis agus oibríochtaí an Údaráis.

Cuireann an tÚdarás le Coiste Comhairle Eolaíoch Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte FSS agus le Coiste Comhairleach Sláinte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá an tÚdarás ina rannpháirtí gníomhach ar roinnt coistí eile ó eagraíochtaí eile, a bhfuil sé de chuspóir acu caighdeáin in earnáil an bhia a ardú agus a chothú. Áirítear ar na heagraíochtaí sin: Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann; Bord Bia; Údarás Craolacháin na hÉireann; Food Drink Ireland; Global TRUST Certification; National Heart Alliance; National Hygiene Partnership; agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Tá an tÚdarás ina chomhalta gníomhach den Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus de Chinn um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa, agus déanann sé cathaoirleacht chomh maith ar na Cleachtóirí um Fhorfheidhmiú an Dlí faoi Bhia, grúpa AE de chigirí agus de phearsanra saotharlainne atá bainteach i bhforfheidhmiú an dlí faoi bhia. Anuas air sin, glacann an tÚdarás páirt i gcruinniú domhanda rialtais le rialtas maidir le húsáid scéimeanna deimhnithe príobháideacha i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus tá sé ina chomhalta gníomhach den Choimisiún Idirnáisiúnta maidir le Sonraíochtaí Micribhitheolaíochta do Bhianna (ICMSF).

Tá an tÚdarás ina rannpháirtí gníomhach ar roinnt coistí eile ó eagraíochtaí eile, a bhfuil sé de chuspóir acu caighdeáin in earnáil an bhia a ardú agus a chothú.

**€5m**

In 2018, rinne an tÚdarás, i dteannta le cuibhreannas gníomhaireachtaí rialtais Éireannacha agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, iarratas ar dheontas AE dar luach €5 mhilliún chun tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas le AE, trína caighdeáin maidir le sábháilteacht bia, sláinte tréidliachta agus plandaí a neartú thar na ceithre bliana amach romhainn.

Cuidíonn an tÚdarás le gníomhaireachtaí i dtíortha eile a mheasann gur eiseamláir é an tÚdarás do ghníomhaireachtaí náisiúnta aonair um rialú bia. Lena chois sin, tá sé fós ina chomhalta de Chórais Bianna Inbhuanaithe na hÉireann (SFSI) – tionscnamh de chuid Fhiontraíocht Éireann agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun saineolas sábháilteachta bia, eolaíoch, teicniúil, beartais agus agraibhia a chur ar fáil chun tacú le forbairt thar lear. In 2018, rinne an tÚdarás, i dteannta le cuibhreannas gníomhaireachtaí rialtais Éireannacha agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, iarratas ar dheontas AE dar luach €5 mhilliún chun tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas le AE, trína caighdeáin maidir le sábháilteacht bia, sláinte tréidliachta agus plandaí a neartú thar na ceithre bliana amach romhainn. Stiúrfadh an tÚdarás an cuibhreannas agus cuimsítear ann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara seirbhísí, agus déanfaidh an SFSI bainistíocht ar thionscadail. Is iad comhpháirtithe eile Údarás Bia na Fionlainne agus comhpháirtí seachbhrabúsach ón Albáin, Creative Business Solutions.

In 2018, tionóladh plé leis na gníomhaireachtaí bia agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i Vítneam, chun tuilleadh rannpháirtíochta agus tacaíocht ón Údarás a phleanáil mar chuid de chlár idirnáisiúnta forbartha um Chabhair Éireannach sa Vítneam. Bhí sé sin mar thoradh ar chuairt oiliúna agus scópála ar Vítneam a rinne baill foirne an Údaráis in 2017. Forbraíodh togra le haghaidh cuairt chómhalartach oiliúna ar Éirinn d'oifigigh sábháilteachta bia Vítneam in 2019.

Tá Stiúrthóir um Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia an Údaráis, An Dr Wayne Anderson, ina chomhalta den ICMSF. Tá an tÚdarás ina phointe teagmhála náisiúnta chomh maith do INFOSAN, comhthionscadal idir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO). Bíonn 177 Ballstát rannpháirteach ann maidir le gnáthmhalartú faisnéise ar cheisteanna sábháilteachta bia agus roinnt taithí agus saineolais, agus éascaíonn sé rochtain thapa i gcás éigeandálaí sábháilteachta bia.

Comhoibríonn an tÚdarás le Food Drink Ireland (FDI) maidir le faire na fáistine trína Fhóram Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn (ERTF), ina bhfuil comhaltaí den FSAI, FDI agus na déantóirí bia ilnáisiúnta níos mó.

***AN T-IMEACHT 'TAKING CARE OF BUSINESS'***

*In 2018, chuaigh an tÚdarás i gcomhar le níos mó na 25 comhlacht agus seirbhís Stáit ag teacht le chéile chun comhairle a thairiscint do ghnólachtaí beaga sa Mheán-Iarthar. Ba é an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a d'eagraigh an t-imeacht i gcomhar leis an FSAI agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an t-imeacht bliantúil sin an-úsáideach don Údarás, toisc gur féidir leis treoir dhíreach a chur ar fáil trí do ghnólachtaí beaga atá bunaithe sa Mheán-Iarthar.*



# Straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2016–2018

**In 2016, i ndiaidh comhairliúcháin shubstaintiúla páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lainseáil an tÚdarás Straitéis úr ina leagtar amach a fhís úr, a mhisean, a luachanna, agus a spriocanna agus straitéiseacha do 2016 – 2018. San fhís maidir le bia sábháilte agus iontaofa do gach uile dhuine, cuirtear in iúl go soiléir go bhforbrófar uaillmhian an Údaráis agus seachadadh na Straitéise ar obair a rinneadh san am a chuaigh thart, ag cothú cur chuige comhpháirtíochta tuilleadh trí chóras rialála um shábháilteacht bia a bheidh pleanáilte go straitéiseach a leanfaidh le bheith ábhartha, forásach agus láidir don todhchaí.**

Tá rath an Údaráis bunaithe go daingean ar a bheith ag oibriú go comhoibríoch leo siúd sa phobal um shábháilteacht bia, agus is é a thiomantas do thomhaltóirí a chosaint is bonn leis an misean, ina sonraítear:

Cosnaímid ár dtomhaltóirí trí phobal comhoibríoch sábháilteachta bia a stiúradh chun leanúint i gcónaí le caighdeáin bhia a ardú agus cultúr barr feabhais a chruthú.

Is iad na luachanna seo leanas a chuireann taca faoin dóigh a n-oibríonn an tÚdarás:

- **Ionracas** – Táimid ionraic, oscailte agus neamhspleách i ngach rud a dhéanaimid.
- **Díograis** – Táimid díograiseach faoi thomhaltóirí a chosaint.
- **Meas** – Gníomhaímid le meas agus freagracht phearsanta.
- **Nuálaíocht** – Athraímid chun rudaí a dhéanamh níos fearr agus muid ag féachaint do bharr feabhais.
- **Comhoibriú** – Aithnímid ár gcomhpháirtithe agus is mór linn iad.
- **Obair Foirne** – Forbraímid agus spreagaimid ár ndaoine chun eagraíocht níos fearr a fhorbairt.

Beidh na luachanna sin ina dtreoir i gcinntí agus idirghníomhaíochtaí an Údaráis agus an eagraíocht ag déanamh a dícheall a fís a bhaint amach agus a misean agus spriocanna straitéiseacha a sheachadadh. In 2018, cheap an tÚdarás straitéis agus ráiteas misin úr lena fhís a threorú le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn.




*Doiciméad um Straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2016–2018*

# Freagracht shóisialta chorparáideach

Tá an tÚdarás tiomanta do bheith ag oibriú ar mhodh atá freagrach ón taobh sóisialta. Mar ghníomhaíocht phoiblí, tá a fhios againn an tionchar a imríonn ár ngníomhaíochtaí ar ár bhfoireann, ár bpáirtithe leasmhara, ar an bpobal i gcoitinne agus ar an gcomhshaol. In 2018, sainaithníodh tiomsú airgid, oideachas, agus coigilt an chomhshaoil mar phríomhréimsí um fhorbairt na freagrachta sóisialta corparáidí.

Tá an tÚdarás tiomanta dá chuid dualgas reachtúil a dhéanamh ar bhealach nach bhfuil díobhálach don chomhshaol. Ag deireadh 2017, bhog an tÚdarás go dtí foirgneamh úr ar a dtugtar ‘An Malartán’. Tá creidiúnú Caighdeán Óir LEED ag an bhfoirgneamh de bharr a bhéime ar inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht fuinnimh. De dheasca sin is féidir leis an Údarás a thionchar comhshaoil agus a chostais oibriúcháin a íoslaghdú. Tá an foirgneamh rátáilte mar fhoirgneamh BER A3 chomh maith. I gcomparáid le foirgnimh lena bhfuil rátáil BER C1, éascaíonn sé sin laghdú 50% ar ídiú fuinnimh, laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin, agus laghdú 30% ar úsáid uisce. Lena chois sin, thug an tÚdarás faoi bhearta sonracha chun priontáil a laghdú agus coigiltis solais a mhéadú; áirítear na bearta sin líon na bprintéirí a laghdú agus soilsiú LED a úsáid ar fud an fhoirgnimh.

Mar eagraíocht faoi threoir faisnéise, tuigimid gurb í ár bhfoireann ár sócmhainn is tábhachtaí agus táimid tiomanta d’áit shásúil a dhéanamh den Údarás le hoibriú ann. In 2018, roghnaíodh uas-sciliú agus folláine foirne mar phríomhréimsí maidir le forbairt, lena n-áirítear tacú le tionscnaimh foirne amhail machnamhacht, ióga, club leabhar agus gníomhaíochtaí sóisialta eile. I ndiaidh suirbhé maidir le rannpháirtíocht ball foirne, sainaithníodh roinnt deiseanna, agus cuirfear tuilleadh tionscnamh i bhfeidhm in 2019. Soláthraíonn an tÚdarás deiseanna iontacha uas-scilithe don fhoireann chomh maith, agus bhain a lán baill foirne leas as cúrsaí foghlama, oiliúna ar líne agus deiseanna forbartha gairmiúla eile in 2018.

Lean an tÚdarás le béim a chur ar chur le hoideachas ghlúin amach anseo na n-eolaithe bia, na gcigirí sábháilteachta bia agus iad siúd a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar ghairm i ngníomhaireachtaí rialála trí léachtaí agus trí sheimineáir ar fud na tíre. I rith 2018, d'fhorbair an tÚdarás ceacht teagaisc don tionscnamh 'Eolaíocht agus Teicneolaíocht i nGníomh' chun méadú a dhéanamh ar ghlacadh ábhair na heolaíochta, na teicneolaíochta, na innealtóireachta agus na matamaitice (STEM) ar an dara leibhéal. Soláthraíodh oiliúint mac léinn trí shocrúcháin mac léinn san FSAI agus trí eagrú cúrsa oiliúna rialála do mhic léinn mháistreachta san FSAI i gcomhar le réimsí feidhmiúla eile. Áiríodh ar fhor-rochtain bhreise ar an tríú leibhéal 66 uair an chloig de léachtaí i gceithre institiúid ardoideachais agus Comhaltacht Newman a chruthú sa réimse um micribhitheolaíocht mhóilíneach ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, arna mhaoiniú ag an FSAI.

Tá an tÚdarás tiomanta chomh maith do thacaíocht a thabhairt do phobail ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon. Le linn 2018, bhí foireann an FSAI páirteach i dtionscnamh tiomsaithe airgid le haghaidh roinnt carthanas. Lena chois sin, ghlac Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FSAI, an Dr Pamela Byrne páirt i 'Shine A Light Night' de chuid Focus Ireland chun codail amuigh i ndlúthpháirtíocht le daoine gan dídean agus iad siúd atá i mbaol easpa dídine.

Is éiteas é oibriú ar mhodh atá freagrach ón taobh sóisialta, rud atá ina chuid lárnach den Údarás, agus leanfaimid ag baint leas as an obair sin in 2019 agus ina dhiaidh sin.




***CODLADH AMUIGH FOCUS IRELAND***

*Le linn 2018, bhí foireann an FSAI páirteach i dtionscnamh tiomsaithe airgid le haghaidh roinnt carthanas. Lena chois sin, ghlac Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FSAI, an Dr Pamela Byrne páirt i 'Shine A Light Night' de chuid Focas Ireland chun codail amuigh i ndlúthpháirtíocht le daoine gan dídean agus iad siúd atá i mbaoleaspa dídine.*

# Life@FSAI

Dírítear i gCreat Sláinte agus Folláine Life@FSAI ar fheabhas a chur ar an saol don fhoireann ag an FSAI. Bunaíodh roinnt tionscnaimh úra mar thoradh air laistigh den eagraíocht, amhail club leabhar, ióga agus ranganna machnamhachta.



***LÁ IDIRNÁISIÚNTA NA BHFEAR2018***

*Chun Lá idirnáisiúnta na bhFear2018 a cheiliúradh, thug an tOllamh Niall Moyna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, léacht léirsteanach d'fhoireann an FSAI maidir leis an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine.*


# Rialachas agus Bainistíocht

**Tá Bord neamhfheidhmiúcháin ag an Údarás, a cheap an tAire Sláinte a bhfuil freagrach aige as an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh agus as maoirseacht a dhéanamh ar an rialachas corparáideach de réir threoirlínte an Rialtais. Tugann dhá chomhlacht neamhspleácha comhairle don Bhord; an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia ina bhfuil páirtithe leasmhara sa bhiashlabhra (e.g. tionscal an bhia, tomhaltóirí) agus an Coiste Eolaíoch, atá comhdhéanta d'eolaithe. Tá sé sin léirithe i Léaráid 1.**

Comhlacht is ea an Coiste Eolaíoch ina bhfuil 15 eolaithe neamhspleácha a cheapann an tAire Sláinte i gcomhairliúchán leis an mBord. Ní mór gur comhalta den Bhord é Chathaoirleach an Choiste Eolaíoch.
Tugann an Coiste Eolaíoch comhairle don Bhord maidir le cúrsaí eolaíocha a chuireann taca faoi shábháilteacht bia agus faoi chothú agus ní fhéadfaidh an tÚdarás gníomhú ar cheist ar bith a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoiste Eolaíoch go dtí go soláthraítear a thuairim don Bhord. Bunaíonn an Coiste Eolaíoch Fochoistí eolaithe neamhspleácha chun a chomhairle a chur chun cinn; dá réir sin, tugtar comhairle don Údarás le hobair thart ar 60 eolaí.



**Léaráid 1:** Struchtúr bainistíochta



## ÚDARÁS SÁBHÁILTEACHTA BIA NA hÉIREANN, 2018

**An tOllamh Michael Gibney**
(Cathaoirleach go dtí Feabhra 2018)

**An tUasal Martin Higgins**
(Comhalta Boird agus an Cathaoirleach ansin ó Feabhra 2018 i leith)

**An tUasal Ciaran Byrne**

**Mary Cullen, Uasal**

**An tUasal Derek Cunningham**

**An tOllamh Albert Flynn**

**Margaret Moran, Uasal**

**Ros O'Shea, Uasal**

**An Dr Susan Quinn**

**An tOllamh Patrick Wall**

## AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA, 2018

**An tUasal Ray Bowe (Cathaoirleach)**
Musgrave Retail Partners Ireland

**An tUasal Pat Daly**
Teagasc (éirithe as)

**Una Fitzgibbon, Uasal**
Bord Bia

**Maree Gallagher, Uasal**
Aturnae um Dhlí faoi Bhia

**An tUasal Dermot Gates**
Boxmore Plastics Ltd.

**An tUasal Cormac Healy**
Meat Industry Ireland

**An tUasal Dermot Jewell**
Cumann Tomhaltóirí na hÉireann

**An tUasal Jamie Knox**
Britvic Ireland

**An tUasal Brendan Kehoe**
Feirmeoir déiríochta

**An tUasal Donal Maguire**
Bord Iascaigh Mhara

**Siobhán Murphy, Uasal**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal James McCrudden**
Country Markets

**An tUasal Tim O'Brien**
Bainisteoir Bialainne

**An tUasal Eamonn Quinn**
Kelsius

**An tUasal Martin Roper**
Sainchomhairleoir um Shábháilteacht Bia

**Annette Sweeney, Uasal**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

## COISTE EOLAÍOCH ÚDARÁS SÁBHÁILTEACHTA BIA NA hÉIREANN, 2018

**An tOllamh Albert Flynn (Cathaoirleach)**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr Paula Barry Walsh**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tOllamh Kevin Cashman**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr PJ Cullen**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

**An Dr Geraldine Duffy**
Teagasc

**An Dr Mark Fenelon**
Ionad Taighde Bia, Teagasc

**An tUasal John Keegan**
Saotharlanna an Anailísí Phoiblí, Baile Átha Cliath

**An tOllamh Brian McKenna**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (éirithe as)

**An Dr Eleanor McNamara**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tOllamh Simon More**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Michael O'Keeffe**
Saineolaí ar Iarmhair

**An Dr Margaret O'Sullivan**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Ray Parle**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Donal Sammin**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Ita Saul, Uasal**
Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (Éirithe as)



## OIFIG AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

**An Dr Pamela A Byrne**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) freagrach as gnáthreáchtáil laethúil an Údaráis chomh maith le ceannaireacht a chur ar fáil i measc a piaraí i ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Tacaíonn Foireann Ceannaireachta Sinsearaí léi, a dhéanann maoirseacht ar oibríochtaí laistigh de chúig réimse fheidhmiúla an Údaráis. Tá oifig an POF freagrach chomh maith as idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údaráis agus as an bhfeidhm chumarsáide a chomhordú chomh maith le bainistíocht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara; imeachtaí a eagrú; foilseacháin an Údaráis a dhearadh agus a fhoilsiú; obair an Údaráis a chur chun cinn sna meáin; agus ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Líonra Saineolaithe Cumarsáide an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. In 2018, mar gheall ar fhócas méadaithe Rialtas na hÉireann ar sheachadadh Éire Shláintiúil agus ar an ngá atá le fianaise eolaíoch a chomhordú chun taca a chur faoin mBeartas um Chothú na Sláinte Poiblí, rinneadh foireann an Bheartais um Chothú na Sláinte Poiblí a athshannadh d'oifig an POF. Tá an fhoireann seo freagrach as an rúnaíocht a chur ar fáil d'Fhochoiste Eolaíoch um Chothú na Sláinte Poiblí de chuid an Údaráis agus do ghrúpaí oibre náisiúnta éagsúla sa réimse cothaithe. Déanann foireann an Bheartais um Chothú na Sláinte Poiblí cathaoirleacht chomh maith ar Ghrúpa Oibre Leictreonach Codex Alimentarius chun caighdeán idirnáisiúnta cothaithe a fhorbairt do naíonáin níos sine agus do pháistí óga.

Is í an POF ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia agus ar ghrúpaí na gCeann um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa. Is comhalta í de chuid thoscaireacht na hÉireann ar Choimisiún Codex Alimentarius; Cathaoirleach an Chomhthionscnaimh Chlárúcháin "A Healthy Diet for a Healthy Life" (go dtí Iúil 2018); comhalta de Bhord an Chláir Forbartha Agraibhia do Chéimithe; comhalta den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Choiste Comhairle Taighde na Mara; agus Cathaoirleach Bhord Comhairleach na hInstitiúide um Ghnó Bia agus Sláinte, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is í an POF Cathaoirleach Bhord Chumann Phríomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit.

Is í an POF ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia agus ar ghrúpaí na gCeann um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa.



## GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

**Kevin Roantree**
Stiúrthóir, Gnóthaí Corparáideacha

Cinntítear le réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha, arna stiúradh ag an tUasal Kevin Roantree cáilíocht agus ailíniú oibríochtaí corparáideacha an Údaráis lena chinntiú go gcuirfear struchtúir, próisis agus córais tacaíochta i bhfeidhm chomh maith agus is féidir chun tionchair agus tairbhí straitéis an FSAI a chinntiú.

Tá na Gnóthaí Corparáideacha freagrach chomh maith as na hacmhainní daonna, airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise (TF), bainistíocht faisnéise agus sonraí, Saoráil Faisnéise, rialachas corparáideach, agus feidhmeanna bainistíochta shaoráidí ginearálta na heagraíochta. Tá an réimse feidhmiúil seo tábhachtach lena chinntiú go mbainfidh an tÚdarás a chuspóirí gnó amach go hinmheánach agus go seachtrach agus go mbainfidh sé leas as cuir chuige nuálacha maidir le feabhas a chur ar a sheirbhísí i gcónaí agus leas optamach as a acmhainní a chinntiú. Stiúrann foireann na nGnóthaí Corparáideacha comhlíonadh ISO 9001:2015 na heagraíochta maidir lena Chóras Bainistíochta Cáilíochta chomh maith agus oibríonn siad le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta maidir le sásra pleanála agus tuairiscithe gnó an FSAI a fhorbairt agus a sholáthar.



## BEARTAS UM FHORFHEIDHMIÚ

**An Dr Bernard Hegarty**
Stiúrthóir, Beartas um Fhorfheidhmiú

Tá réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú, arna stiúir ag an Dr Bernard Hegarty, freagrach as an reachtaíocht faoi dhlí in Éirinn a chur chun feidhme. Príomhghníomhaíocht is ea bainistíocht na gconarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla an Údaráis a chuireann na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcrích. Tugadh údarás don sásra conarthaí seirbhíse maidir leis an reachtaíocht faoi shábháilteacht bia a fhorfheidhmiú faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus tá sé i bhfeidhm ó 1999 i leith. Tá conarthaí seirbhísí i bhfeidhm le 31 gníomhaireacht oifigiúil. Dírítear formhór ghníomhaíochtaí na foirne ar thacaíocht a thabhairt i leith na sprice straitéisí maidir leis an reachtaíocht faoi bhia a fhorfheidhmiú lenár gcomhpháirtithe rialála. Soláthraíonn an fhoireann comhairle chomh maith maidir le reachtaíocht a bheartaítear do ranna Rialtais agus feidhmíonn siad ceann d'fhóraim chomhairleacha an Údaráis (an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach). Tá ceithre phríomhghníomhaireacht oifigiúla ann, agus léiríonn struchtúr réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú an tsamhail oibriúcháin sin. Eagraíonn an fhoireann ullmhú agus iarmheasúnú le haghaidh na n-iniúchtaí trasghníomhaireachta a dhéanann an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí eile.



## BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS CÚRSAÍ RIALÁLA

**Raymond Ellard**
Stiúrthóir, Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála

Stiúrann an tUasal Raymond Ellard réimse feidhmiúil na Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála (RMRA), lena bhfuil dhá phríomhról laistigh den Údarás: bainistíocht rioscaí agus cúrsaí rialála. Tá sé freagrach as bheith i gceannas ar na cinntí bainistíochta riosca a theastaíonn i dtaca le teagmhais bhia agus rabhaidh bhia. Tá na cinntí bainistíochta riosca a dhéanann an tÚdarás bunaithe ar na measúnuithe riosca, a sholáthraíonn an fhoireann i ngrúpa Eolaíocht agus Chaighdeán Bhia an Údaráis Lena chois sin, is é grúpa RMRA an pointe teagmhála náisiúnta don Chóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF), líonra atá faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir baill an ghréasáin – lena n-áirítear Ballstáit AE, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia – faoi ghuaiseacha i mbia, i mbeatha agus in ábhair theagmhála bia. Tá an RMRA freagrach chomh maith as straitéis rialála an Údaráis a fhorbairt. Baintear é sin amach trí chomhairliúcháin le saineolaithe tréidliachta, talmhaíochta agus shláinte an chomhshaoil laistigh den fhoireann. Bainistíonn an RMRA córas fógra forbhianna an Údaráis chomh maith, a athfhorbraíodh in 2018. Cinntíonn an fhoireann oiliúna agus chomhlíonta an RMRA go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm na huirlisí cearta chun go mbeidh cigirí na sábháilteachta bia ábalta an dlí thuiscint agus go mbeidh an tionscal ábalta cloí leis an dlí. Tá an fhoireann freagrach chomh maith as bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar fhóraim na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia, Fóram na gCeardaithe, an Fóram Miondíolta, agus an Fóram Seirbhíse Bia.



## INIÚCHÓIREACHT AGUS IMSCRÚDUITHE

**Peter Whelan**
Stiúrthóir, Iniúchóireacht agus Imscrúduithe

Tá an tUasal Peter Whelan i gceannas ar réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe atá freagrach as iniúchtaí agus imscrúduithe maidir le nochtadh cosanta, agus calaois bhia. Déanann an fhoireann iniúchtaí ar an gcóras rialuithe oifigiúla agus iniúchtaí spriocdhírithe ar ghnólachtaí bia, agus tá siad sin ar fad i gcomhréir le sainordú dlíthiúil an Údaráis. Soláthraíonn siad tacaíocht chomh maith le linn iniúchtaí tríú tír agus iniúchtaí Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE F) an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn. Tá an clár bliantúil iniúchóireachta bunaithe ar riosca deartha chun cumhdach dóthanach réimsí ábhartha uile na gníomhaíochta agus na ngníomhaireachtaí oifigiúla uile a chinntiú thar thréimhse nach faide ná cúig bliana. Déantar tuarascálacha maidir le hiniúchtaí agus a bpleananna gníomhaíochta ceartaithí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Déanann an fhoireann imscrúduithe speisialta chomh maith i gcomhar le húdaráis inniúla sa chás gur líomhnaíodh sáruithe tromchúiseacha ar an dlí faoi bhia nó sa chás gur braitheadh calaois bhia. Tá na himscrúduithe sin deartha chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus/nó calaois bhia ghaolmhar a dhearbhú. D'fhéadfadh gníomhartha forfheidhmiúcháin agus imeachtaí coiriúla i gcoinne ciontóirí a bheith mar thoradh ar na torthaí ar na himscrúduithe sin.



## EOLAÍOCHT AGUS CAIGHDEÁIN BHIA

**An Dr Wayne Anderson**
Stiúrthóir, Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia

Tá réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia faoi stiúir an Dr Wayne Anderson agus soláthraíonn sé saineolas eolaíochta chun taca a chur faoi ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Údaráis. Chomh maith le measúnuithe riosca inmheánacha a dhéanamh, déanann sé Coiste Eolaíoch an Údaráis a bhainistiú agus tacaíonn sé leis. Tá 15 eolaithe neamhspleácha ar an gCoiste Eolaíoch a cheapann an tAire Sláine. Cuireann saineolaithe i réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia aschur eolaíoch agus teicniúil ar fáil chomh maith i bhforbairt na reachtaíochta ar an leibhéal Eorpach trí oibriú ar shainghrúpaí an Choimisiúin Eorpaigh. Lena chois sin, cuireann an fhoireann comhairle eolaíoch shlán maidir le forbairt beartais sábháilteachta bia agus cothaithe ar fáil do ranna Rialtais. Soláthraíonn sí treoracha agus uirlisí teicniúla chomh maith do thionscal an bhia chun cuidiú leis an tionscal bia sábháilte a tháirgeadh. Tá réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia bainteach le caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú chomh maith trí Choimisiún Codex Alimentarius. Déanann foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia staidéar ar mhonatóireacht bhia a eagrú agus a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht bia, aschur a chur ar fáil maidir le beartas náisiúnta agus Eorpach um thaighde sábháilteachta bia, líonraí saineolaithe a choimeád le hinstitiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus níos faide i gcéin, agus torthaí eolaíochta an Údaráis a chur in iúl ag cruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is é aidhm na foirne bonn eolaíochta a chur ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí an Údaráis.

Déanann stiúrthóir an FSAI maoirseacht ar na réimsí feidhmiúla um Gnóthaí Corparáideacha, Beartas um Fhorfheidhmiú, Bainistíocht Riosca agus Gnóthaí Corparáideacha, Iniúchóireacht agus Imscrúduithe agus Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

I gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), tá Creat um Rialachas Corparáideach i bhfeidhm ag an Údarás. Forbraíodh an creat sin d'fhonn cuidiú le héifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Soláthraítear treoir sa chreat sin don eagraíocht faoi chúrsaí ina bhfuil gnéithe amhail gnó an Bhoird a stiúradh, pleanáil straitéiseach, próisis oibriúcháin, bainistíocht riosca, rialú airgeadais, agus caighdeáin iompraíochta. Le linn 2018, chinntigh agus choimeád an tÚdarás comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## AN BORD

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Bhoird an treo straitéiseach a athbhreithniú agus a threorú, mórphleananna gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó bliantúla; cuspóirí feidhmíochta a shocrú; monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis agus phleananna gnó an Údaráis; agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchinntí caiteachais infheistíochta caipitil. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord maidir le cúrsaí a choimeádtar chun go mbreithneoidh sé iad. Tosaíonn an Bord gach cruinniú le seisiún príobháideach den Bhord i gcás nach mbíonn comhaltaí ar bith den Údarás i láthair.

Forbraíodh an Creat um Rialachas Corparáideach atá i bhfeidhm ag an Údarás Sábháilteachta Bia d'fhonn cuidiú le héifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca lánfheidhmiúil ag an Údarás a rinne na hiniúchtaí seo a leanas le linn 2018: rialuithe inmheánacha airgeadais; staidéar ar bhia; agus bainistíocht riosca. Le linn 2018, lean an Bord le hathbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Chuir sé tús fosta leis an bpróiseas go ndéanfaí measúnú neamhspleách ar éifeachtúlacht an Bhoird (agus ar éifeachtúlacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca). Cuireadh é sin i gcrích agus breithneoidh an Bord é i dtús 2019.

Bhí na ráitis airgeadais, arna bhfaomhadh ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tionóladh ceithre chruinniú de chuid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird in 2018. Tá ról neamhspleách ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird maidir le dearbhú a sholáthar don Bhoird maidir le rialú inmheánach, bainistíocht riosca, iniúchóireacht agus cúrsaí dearbhaithe, mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an Údaráis. Oibríonn Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird faoi chairt chomhaontaithe agus ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil fhoirmiúil don Bhord.

**Líon na gcruinnithe:**
Ceithre cinn

**Cathaoirleach:**
Margaret Moran, Uasal

**Ballraíocht:**
An tUasal Ray Dolan, Mary Cullen, Uasal, An tUasal Ciarán Byrne (ar tháinig Ros O'Shea, Uasal ina áit ó Dheireadh Fómhair 2018)

**29**

Le linn 2018, rinneadh 29 iarratas ar Shaoráil Faisnéise.

## AN COISTE AINMNIÚCHÁN AGUS LUACH SAOTHAIR

Tá an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair ceaptha mar fhochoiste neamhspleách den Bhord chun próiseas earcaíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin nó an lucht bainistíochta sinsearaí a bhainistiú. Mar a éilítear, comhaontaíonn an Coiste luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé an sainchuntas poist, sainaithníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra is fearr don phost, comhaontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh, agus leagan sé amach amchlár sonrach. Tagann an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair le chéile mar a éileoidh an Bord é. Níor tionóladh cruinnithe ar bith in 2018.

**Cathaoirleach:**
An tUasal Martin Higgins

**Ballraíocht:**
An tOllamh Albert Flynn, an tOllamh Patrick Wall

## FÓGRAÍ REACHTÚLA AGUS FÓGRAÍ EILE

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, agus an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí de Bhord an Údaráis, den Choiste Eolaíoch, de na Fochoistí Eolaíocha agus d'fhoireann ainmnithe an Údaráis dearbhú leasanna a sholáthar gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh ansin chuig an Aire Sláinte agus/nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

Rinneadh cúig nochtadh cosanta don Údarás in 2018 ó fhostóirí nó ó iarfhostaithe thionscal an bhia.

## AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Is é beartas an Údaráis a chinntiú go ndéanfar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais iomchuí, lena chinntiú go n-íocfar gach soláthraí laistigh den amchlár a theastaíonn, de réir an dea-chleachtais. Foilsíonn an tÚdarás tuarascálacha ráithiúla maidir le comhlíonadh ar a shuíomh gréasáin.

## AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014

Deimhnítear san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ceart bhaill an phobail chun faisnéis oifigiúil a rochtain a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus ceart chun príobháideachais daoine aonair. Cloíonn an tÚdarás leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus foilsíonn sé de réir Alt 8 den Acht. Cuimsítear san fhoilseachán sin faisnéis faoi sheirbhísí a soláthraíodh, nó atá le soláthar, ag an Údarás don phobal, agus cuimsítear log nochtuithe agus faisnéis airgeadais ann. Le linn 2018, rinneadh 29 iarratas ar Shaoráil Faisnéise.

## RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL) 2007

I Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007) tugtar cearta dlíthiúla dóibh siúd a iarrann rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó na húdaráis phoiblí. Le 2018, bhí iarratas amháin ar an reachtaíocht maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

## CAIRT CUSTAIMÉIRÍ

D'fhoilsigh an tÚdarás Cairt Custaiméirí ina dtugtar eolas faoina thiomantas iomlán maidir le seirbhís éifeachtach, thráthúil, ghairmiúil agus chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí. Leagtar amach na caighdeáin seirbhíse a bhféadfadh custaiméirí bheith ag súil lena bhfáil ón Údarás.

**1**

Le 2018, bhí iarratas amháin ar an reachtaíocht maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

**5**

Rinneadh cúig nochtadh cosanta don Údarás in 2018 ó fhostóirí nó ó iarfhostaithe thionscal an bhia.

# Príomh-bhuaicphointí Ghníomhaíochtaí an Údaráis

## An Córas Oifigiúil um Rialú Bia: sracfhéachaint ar na huimhreacha

### CIGIREACHTAÍ AR GHNÓLACHTAÍ BIA

In 2018, bhí os cionn 49,268 gnólacht bia faoi mhaoirseacht na ngníomhaireachtaí oifigiúla ag a bhfuil conarthaí seirbhíse leis an Údarás. (Tábla 1). Is ionann é sin agus méadú beag (1.2%) i gcomparáid le 2017. As na gnólachtaí bia cláraithe ar a ndearnadh cigireacht, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cigireacht ar thart ar 92% díobh; rinne an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara cigireacht ar 5% díobh; rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cigireacht ar 2% díobh; agus rinne na húdaráis áitiúla cigireacht ar 1% díobh. Tá dáileadh na ngnólachtaí bia arna n-iniúchadh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla mar a chéile le cúig bliana anuas. Cuireann na gnólachtaí bia sin raon leathan gníomhaíochtaí i gcrích, ó oibríochtaí iompórtála agus déantúsaíochta, go dtí oibríochtaí dáilte, miondíola agus lónadóireachta.

**Tábla 1:** Líon agus cineál na ngnólachtaí bia a bhí faoi mhaoirseacht ag na gníomhaireachtaí oifigiúla, 2014–2018

| Gníomhaireacht oifigiúil | Cineál áitribh | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | Táirgeoirí príomhúla | 313 | 311 | 114 | 123 | 337 |
| | Déantóirí agus pacálaithe | 373 | 383 | 297 | 352 | 441 |
| | Dáileoirí agus iompróirí | 107 | 120 | 411 | 419 | 236 |
| | **Iomlán** | **793** | **814** | **822** | **894** | **1,014** |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | An earnáil seirbhíse | 28,843 | 29,222 | 28,933 | 29,177 | 28,676 |
| | Miondíoltóirí | 11,259 | 11,362 | 12,950 | 13,529 | 13,336 |
| | Níor sainíodh | | 39 | 23 | 46 | 46 |
| | Allmhaireoirí/onnmhaireoirí | 79 | 57 | | | |
| | Déantóirí | 3,039 | 3,110 | 2,109 | 1,437 | 1,436 |
| | Pacálaithe | 100 | 108 | 117 | 121 | 120 |
| | Iompróirí | 80 | 105 | 123 | 132 | 144 |
| | Mórdhíoltóirí/dáileoirí | 1,111 | 1,183 | 1,138 | 1,158 | 1,183 |
| | Allmhaireoirí/onnmhaireoirí tríú tíortha | | | 37 | 41 | 41 |
| | Gnólachtaí bia riaracháin | | | 102 | 162 | 208 |
| | **Iomlán** | **44,511** | **45,186** | **45,532** | **45,803** | **45,190** |
| **Údaráis áitiúla** | Seamlais | 205 | 205 | 201 | 195 | 182 |
| | Gléasraí beaga déantúsaíochta feola | 197 | 200 | 204 | 209 | 211 |
| | Gléasraí éanlaithe chlóis | 34 | 38 | 40 | 38 | 40 |
| | Fuarstórais | 29 | 31 | 36 | 43 | 45 |
| | Siopaí búistéara | 7 | 8 | 9 | 8 | 9 |
| | Gnólachtaí soghluaiste | 15 | 16 | 21 | 33 | 34 |
| | **Iomlán** | **487** | **498** | **511** | **526** | **521** |

| Gníomhaireacht oifigiúil | Cineál áitribh | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | Árthaí iascaireachta | 2,077 | 2,077 | 2,195 | 2,079 | 1,912 |
| | Foras faofa ar talamh | 179 | 195 | | | |
| | Limistéir táirgthe moileascach | 137 | 141 | 2 | 182 | 185 |
| | Gnólachtaí bia cláraithe ar talamh (lena n-áirítear gléasraí oighir) | 99 | 110 | 8 | 10 | 11 |
| | Bróicéir bia | | | | | 1 |
| | Reoiteoir agus árthaí monarchana | 45 | 52 | 40 | 60 | 65 |
| | Gléasraí próiseála | | | 111 | 121 | 124 |
| | Gléasra táirgí iascaigh úra | | | 60 | 60 | 72 |
| | Allmhaireoirí | | | 53 | 58 | 64 |
| | Fuarstórais | | 16 | 15 | 16 | 15 |
| | Feirmeoir sliogiasc | | | 17 | 33 | 35 |
| | Gléasraí íonúcháin | | | 16 | 17 | 20 |
| | Ionaid seolta | | | 12 | 14 | 15 |
| | Gnólachtaí soghluaiste | | | 9 | | 7 |
| | Iompróirí | | | | | 8 |
| | Miondíoltóirí/dáileoirí | | | | | 8 |
| | Hallaí ceantála | | | | | 1 |
| | **Iomlán** | **2,537** | **2,591** | **2,539** | **2,651** | **2,543** |
| **Líon iomlán na n-áitreabh bia** | | **48,328** | **49,089** | **49,404** | **49,874** | **49,268** |

## BAILL FOIRNE AG OBAIR I RIALUITHE OIFIGIÚLA

Tugann na gníomhaireachtaí oifigiúla tuarascáil bhliantúil don Údarás maidir le hacmhainní foirne a thug siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse. In 2018, bhí 1,152 coibhéis lánaimseartha (CLanna) bainteach le rialuithe oifigiúla a dhéanamh i ngnólachtaí bia Éireannacha (Tábla 2). Bhí méadú sé choibhéis lánaimseartha ann in 2018 i gcomparáid le 2017; ach tá laghdú tagtha ar líon na CLanna sna cigirí sábháilteachta bia in Éirinn ó bhuaiclíon 1,280 in 2011. Leanann na cigirí sábháilteachta bia lena saineolas a fhorbairt trí chúrsaí oiliúna. In 2018, rinne na cigirí 678 cúrsaí.

**Tábla 2:** Coibhéisí lánaimseartha de réir na gníomhaireachta oifigiúla, 2014–2018

| Gníomhaireacht oifigiúil | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | | | | | |
| Seirbhís Cigireachta | 315 | 319 | 319 | 338 | 345 |
| Seirbhís Saotharlainne | 76 | 84 | 79 | 82 | 82 |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | | | | | |
| An tSeirbhís Sláinte Comhshaoil | 305 | 304 | 336 | 339 | 339 |
| Seirbhís Saotharlainne | 128 | 128 | 104 | 130 | 124 |
| **Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann** | 68 | 72 | 70 | 73 | 79 |
| **Údaráis áitiúla** | 98 | 101 | 116 | 104 | 101 |
| **Foras na Mara** | 29 | 38 | 41 | 41 | 41 |
| **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann** | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 40 | 43 | 42 | 36 | 40 |
| **Líon iomlán na gcigirí coibhéise lánaimseartha** | **1,060** | **1,090** | **1,108** | **1,144** | **1,150** |

## CIGIREACHTAÍ BIA

Oibríonn na gníomhaireachtaí oifigiúla uile cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla agus déanann gach gníomhaireacht an riosca a aicmiú i gcomhaontú leis an Údarás. Déantar na gnólachtaí sin a gcuireann na gníomhaíochtaí a dhéanann siad an riosca féideartha is mó os comhair shláinte an duine a iniúchadh ar dtús. Tá cigireachtaí gan fógra na ngnólachtaí bia ina bpríomhghné sna rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, agus imscrúdú ar theagmhais agus ar ráigeanna. Tá laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar líon na gcigireachtaí a dhéantar (Tábla 3). Chomh maith le cigireachtaí pleanáilte, déantar líon mór cigireachtaí neamhphleanáilte; tagann siad sin chun cinn mar thoradh ar theagmhais bhia, imscrúduithe, fiosrú ar ghearáin ón bpobal, agus cuairteanna comhairleacha ar ghnólachtaí bia. In 2018, rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 11,668 cigireacht eile ar ghnólachtaí bia.

**Tábla 3:** Líon na gcigireachtaí bia beartaithe a rinne gníomhaireachtaí oifigiúla, 2014–2018

| Gníomhaireacht oifigiúil | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil) | 35,053 | 36,353 | 35,786 | 33,193 | 32,254 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Cigireacht) | 15,021 | 15,011 | 11,985 | 11,569 | 10,826 |
| Údaráis áitiúla | 4,802 | 5,033 | 4,870 | 4,891 | 4,582 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2,035 | 2,015 | 2,228 | 2,245 | 2,122 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 77 | 61 | 72 | 84 | 62 |
| **Líon iomlán na gcigireachtaí ar ghnólachtaí bia** | **56,988** | **58,473** | **54,941** | **51,982** | **49,846** |

## SAMPLÁIL BHIA

Áirítear sna conarthaí seirbhíse cláir arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla le haghaidh bia a shampláil agus a thástáil maidir le comhlíonadh gach gné den reachtaíocht faoi bhia. Déanann líonra de shaotharlanna tagartha oifigiúla agus náisiúnta arna n-oibriú ag na gníomhaireachtaí oifigiúla anailís ar na samplaí a ghlacann na cigirí sábháilteachta bia. In 2018, glacadh os cionn 63,839 sampla agus rinneadh iad a thástáil. Is é sin méadú 10.8% i gcomparáid le 2017 (Tábla 4).


**Tábla 4:** Líon na samplaí a ghlac an ghníomhaireachta oifigiúil, 2015–2018

| Gníomhaireacht samplála | 2015 | % den iomlán | 2016 | % den iomlán | 2017 | % den iomlán | 2018 | % den iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 30,333 | 54% | 31,456 | 56% | 32,947 | 57% | 35,983 | 56% |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil) | 13,744 | 24% | 13,220 | 23% | 11,699 | 20% | 11,678 | 18% |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 8,229 | 15% | 9,004 | 16% | 8,353 | 14% | 8,386 | 13% |
| Údaráis áitiúla | 3,107 | 5% | 2,388 | 4% | 3,306 | 6% | 3,195 | 5% |
| Gníomhaireachtaí eile | 1,262 | 2% | 520 | 1% | 1,335 | 2% | 4,597 | 7% |
| **Iomlán** | **56,675** | | **56,588** | | **57,640** | | **63,839** | |

## FORFHEIDHMIÚ

Le linn 2018, sheirbheáil cigirí bia 95 Ordú Dúnta, 5 Ordú Feabhsúcháin agus 10 nOrdú Toirmisc ar ghnólachtaí bia ar fud na hÉireann agus thionscain siad 9 n-ionchúiseamh i gcoinne gnólachtaí bia ar fud na hÉireann (Léaráid 2).

**Léaráid 2:** Orduithe Forfheidhmiúcháin agus Ionchúisimh, de réir an Chontae, 2018




Is iad seo a leanas na cineálacha ceisteanna um shábháilteacht bia athfhillteacha as a dtagann na hOrduithe Forfheidhmiúcháin agus na Fógraí Feabhsúcháin (Tábla 5): drochghlanadh agus drochshláintíocht áitreabh; drochshláinteachas pearsanta; easpa uisce reatha; saoráidí ní lámh neamhleora; stóráil mhícheart bhia; easpa cláir um rialú lotnaidí nó easpa ceann neamhéifeachtach; fadhbanna struchtúracha de bharr easpa cothabháil leanúnach; agus easpa córas bainistíochta sábháilteachta bia nó ceann neamhleor.

**Tábla 5:** Forfheidhmiú agus ionchúisimh a seirbheáladh, 2014–2018

| Gníomh um fhorfheidhmiú | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ordú Dúnta** | 96 | 90 | 94 | 64 | 95 |
| **Fógra Feabhsúcháin** | 269 | 265 | 263 | 262 | 230 |
| **Ordú Feabhsúcháin** | 1 | 0 | 3 | 1 | 5 |
| **Ordú Toirmisc** | 16 | 16 | 9 | 4 | 10 |
| **Ionchúiseamh** | 12 | 13 | 13 | 11 | 9 |
| **Iomlán** | **394** | **384** | **382** | **342** | **349** |



## Cumarsáid

Le linn 2018, d'fhreagair foireann na Cumarsáide 220 fiosrúchán meán agus d'eisigh siad 21 preaseisiúint. D'eagraigh an tÚdarás ceithre imeacht in 2018, lena n-áirítear dhá 'Breakfast Bites', ceardlann oideoirí agus ceardlann do shaotharlanna maidir leis na rialacha le haghaidh sampláil agus tástáil mhicribhitheolaíochta. Lena chois sin, foilsíodh 22 foilseachán ar shuíomh gréasáin an FSAI.



Déanann tÚdarás cumarsáid ghníomhach le páirtithe leasmhara maidir le gach gné a bhaineann le sábháilteacht agus sláinteachas bia agus soláthraíonn sé faisnéis dóibh ina leith. Spreagann an tÚdarás tomhaltóirí chun dul i dteagmháil leis le haon ghearáin a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le sábháilteachta bia.

Déantar cumarsáid dhá threo an Údaráis a éascú trína Líne Chomhairle, trína shuíomh gréasáin, trína leabharlann, trína eislíon agus trína leathanaigh meán sóisialta. Thar an mbliain 2018, d'eagraigh an tÚdarás ceithre imeacht lena n-áirítear dhá 'Breakfast Bites', ceardlann oideoirí agus ceardlann do shaotharlanna maidir leis na rialacha le haghaidh sampláil agus tástáil mhicribhitheolaíochta. Chomhoibrigh an tÚdarás chomh maith le níos mó na 30 gníomhaireacht Stáit don taispeántas 'Taking Care of Business ', ar ionad ilfhreastail é sin do ghnólachtaí, d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta chun faisnéis agus chomhairle a fháil ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí Stáit. D'fhreagair foireann na Cumarsáide 220 fiosrúchán meán agus d'eisigh siad 21 preaseisiúint lena n-áirítear preaseisiúintí míosúla na nOrduithe Forfheidhmiúcháin. Lean an fhoireann dá gcuid oibre ar thionscadal rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, ar bealach é sin chun feabhas a chur ar chomhar, tuiscint níos leithne ar a ról an Údaráis a chruthú, agus athrú a spreagadh agus a chruthú ar aon dul le forbairtí eolaíocha agus athruithe ar rialáil, agus tacaíocht á tabhairt dóibh siúd a bhfuil baint dhíreach acu le féachaint le córas láidir rialaithe oifigiúil bia a sholáthar. Lena chois sin, den dara bliain, thionóil sé feachtas náisiúnta faisnéise faoi ailléirginí ar fud na meán clóite, ar líne agus craolacháin chomh maith a dhírigh ar ghnólachtaí seirbhíse bia le teachtaireachtaí láidre lenar tugadh chun suntais na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag faisnéis ar iarraidh nó faisnéis mhíchruinn ar shláinte duine aonair.

Foilsíodh 22 foilseachán go hiomlán ar an suíomh gréasáin, lena n-áirítear nótaí treorach don tionscal, tuarascálacha iniúchóireachta, tuarascálacha Choiste Eolaíoch an FSAI, suirbhéanna, agus ábhair eile.





In 2018, tugadh cuireadh go rialta d'fhoireann an Údaráis le labhairt ar an raidió náisiúnta agus áitiúil. Lean an tÚdarás dá rannpháirtíocht ghníomhach le páirtithe leasmhara trí Facebook agus Twitter, agus mhéadaigh an líon leantóirí orthu sin ó 12,114 go 7,663, faoi seach. Bhí an tÚdarás bainteach go gníomhach chomh maith le LinkedIn in 2018, rud a raibh méadú ar líon na leantóirí mar thoradh air ó 9,741 in 2017 go 12,272 in 2018. Foilsíodh 22 foilseachán go hiomlán ar an suíomh gréasáin, lena n-áirítear nótaí treorach don tionscal, tuarascálacha iniúchóireachta, tuarascálacha Choiste Eolaíoch an FSAI, suirbhéanna, agus ábhair eile chun tacú le fís an Údaráis a bhaint amach maidir le bia sábháilte agus iontaofa do gach uile dhuine.





# Gnóthaí Corparáideacha

Le linn 2018, chinntigh Gnóthaí Corparáideacha comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus thuairiscigh sé ina leith agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú um Maoirseacht/a Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta (OA/PDA) leis an Roinn Sláinte. Rinne sé clár a cheapadh agus a chur chun feidhme chun cultúr an Údaráis a fhorbairt, bhain sé deimhniúchán go caighdeán ISO 9001:2015 amach, sholáthair sé réimse leathan clár oiliúna, agus bhain sé amach an leibhéal is airde dearbhaithe i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha.



Tá príomhról ag réimse feidhmiúil Gnóthaí Corparáideacha an Údaráis maidir lena chinntiú go bhfuil an cumas agus an inniúlacht, na córais agus na próisis ag an Údarás chun seachadadh éifeachtach a sheirbhísí a éascú do gach páirtí leasmhara agus go uasmhéadaítear an tionchar agus na tairbhí a sheachadann straitéis an FSAI.

Tá réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as airgeadais, AD, forbairt eagraíochtúil, bailiú agus anailís sonraí, faisnéis, TF, agus saoráidí, chomh maith le comhlíonadh a oibleagáidí a bhainistiú agus a chinntiú maidir le rialachas, soláthar, Saoráil Faisnéise, agus cosaint sonraí. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar shásra pleanála agus tuairiscithe gnó an Údaráis.

Le linn 2018, chinntigh an tÚdarás comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus thuairiscigh sé ina leith agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú um Maoirseacht/a Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta (OA/PDA) leis an Roinn Sláinte. Lena chois sin, sholáthair sé nuashonruithe ráithiúla don Roinn Sláinte maidir leis an dul chun cinn i gcoinne an OA/PDA mar chuid den socrú rialachais a comhaontaíodh, agus rinne sé amhlaidh laistigh de theimpléad tuairiscithe gnó faofa inar cuireadh béim shoiléir ar an dul chun cinn, imeacht ar bith ón obair bheartaithe agus na bearta cuí á bhí á ndéanamh chun é a bhainistiú.

In 2018, rinne Gnóthaí Corparáideacha maoirseacht ar dhearadh agus ar chur chun feidhme cláir shuntasaigh inar féachadh le cultúr an Údaráis a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil sé comhoibríoch, go bhfeidhmíonn sé go maith agus go bhfuil sé bunaithe ar obair dhearfach foirne. Thosaigh sé sin le suirbhé mionsonraithe foirne, ina ndearna níos mó ná 90% den fhoireann ionchur luachmhar agus cuidiúil.

Tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta a bheith i bhfeidhm aige bunaithe go bunúsach ar an gcoincheap custaiméirí agus a gcuid riachtanas a aithint, pleanáil conas freastal ar na riachtanais sin, nósanna imeachta a dhoiciméadú nuair is cuí, spriocanna intomhaiste a leagan síos do gach rannán agus do gach ball foirne, agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar a bhfuil á bhaint amach. In 2018, bhain an tÚdarás deimhniúchán ar chaighdeán ISO 9001:2015 amach.

Dhírigh an fhoireann AD laistigh de réimse feidhmiúil na gGnóthaí Corparáideacha ar a chinntiú go bhfuil na hinniúlachtaí, na scileanna agus an t-eolas is gá ag an bhfoireann chun freastal ar riachtanais na heagraíochta agus ar riachtanais forbartha pearsanta. Cuireann an tÚdarás béim láidir ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt leanúnach, agus spreagadh sé an fhoireann chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus pearsanta leanúnaí. Le linn na bliana, cuireadh raon leathan cláir oiliúna agus forbartha pearsanta leanúnaí ar fáil agus thug an tÚdarás tacaíocht do líon baill foirne chomh maith trí chláir fhorbartha agus bhreisoideachais.

Tá feidhm éifeachtúil agus éifeachtach airgeadais fós i bhfeidhm laistigh den Údarás chun bainistíocht agus rialú iomchuí ar na hacmhainní a chinntiú, agus lena chinntiú go ndéanfar na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a chomhlíonadh, agus go bhfuil córais agus rialuithe éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Le linn 2018, rinne na hiniúchóirí inmheánacha athbhreithniú ar na córais um rialuithe airgeadais inmheánacha agus bhí an leibhéal dearbhaithe a fuarthas suntasach agus ar an leibhéal is airde atá ar fáil. Déanann an tÚdarás cinnte freisin go gcuirtear bearta buiséadta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm, i gcomhthéacs tuarastal, rátaí taistil, soláthair agus coigilteas caiteachais eile.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Le foilsiú an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), d'oibrigh an tÚdarás chun an Cód úr a chomhlíonadh go hiomlán thar 2018. Chomhaontaigh an tÚdarás a Chomhaontú Seirbhíse fosta lena phríomh-Roinn, an Roinn Sláinte, agus nuashonraigh sé an Comhaontú Seirbhíse sin ar aon dul leis an gCód mar Chomhaontú um Mhaoirseacht agus mar Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta. D'fheidhmigh an tÚdarás agus a oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh aige go hiomlán le linn na bliana.

De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, agus an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí de Bhord an Údaráis, den Choiste Eolaíoch, de na Fochoistí Eolaíocha, agus d'fhoireann ainmnithe an Údaráis dearbhú leasanna a sholáthar gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh ansin chuig an Aire Sláinte agus/nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) lánfheidhmiúil ag an Údarás in 2018. Tá an CIR comhdhéanta de thrí chomhalta Boird agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí le haghaidh ceisteanna maidir le riosca, rialú, agus rialachas, agus árachas bainteach. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta; go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéanfar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Rinne an CIR iniúchtaí ar na rialuithe inmheánacha airgeadais, ar sholáthar agus ar Sheirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil (LAVS). Bhí ceithre chruinniú CIR ann in 2018, atá i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Bhí na ráitis airgeadais, arna bhfaomhadh ag an CIR agus ag an mBord faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus bhí líon ceisteanna iniúchóireachta íseal-riosca le dul i ngleic leo le linn 2019. Faoi mar a cuireadh síos i Ráiteas ar Rialú Inmheánach an Údaráis le haghaidh 2018, cé go raibh córas láidir um rialú inmheánach i bhfeidhm le linn na bliana, tá gá le tuilleadh feabhais a chur ar chórais soláthair an Údaráis. Táthar ag dul i ngleic leis sin le linn 2019.



# Beartas um Fhorfheidhmiú

In 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás 110 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 95 Ordú Dúnta, 10 nOrdú Toirmisc agus 5 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh ar ghnólachtaí bia as sáruithe ar an reachtaíocht um shábháilteacht bia. Foilsíodh an chéad Bheartas náisiúnta um Fhorfheidhmiú an Dlí faoi Bhia a d'fhorbair an tÚdarás i gcomhar leis an gníomhaireachtaí oifigiúla in 2018 chomh maith. Lena chois sin, d'oibrigh foireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le comhairle a sholáthar ar sholáthar bainne amh lena ól go díreach ag an duine.



Leanadh leis na príomhchonarthaí seirbhíse leis an 31 gníomhaireacht oifigiúil a oibriú le linn 2018. Osclaíodh idirbheartaíocht ar chonradh seirbhíse úr leis an tSaotharlann Stáit, agus bhí dul chun cinn maith déanta faoi dheireadh na bliana.

Rinne an tAire Sláinte Ordú úr faoi Alt 5 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 ag deireadh 2018, ar thug an tÚdarás comhairle ina leith don Roinn Sláinte. Leis an Ordú sin nuashonraítear an liosta den reachtaíocht faoi bhia atá le forfheidhmiú faoin gcóras conarthaí seirbhíse.

Le linn 2018, lean an tÚdarás lena ullmhúcháin don reachtaíocht Eorpach úr maidir le rialuithe oifigiúla, Foilsíodh Rialachán (AE) 2017/625, a foilsíodh i Márta 2017. Déantar breac-chuntas sa Rialachán sin maidir leis na rialacha a bhaineann le feidhmíocht Bhallstáit AE i ndáil le rialú san earnáil agraibhia. In mí na Nollag 2019, cuirfear in ionad na reachtaíochta um rialuithe oifigiúla atá ann cheana é, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán 854/2004. Éileofar leis an Rialachán úr go ndéanfar athruithe ar an dóigh a bhforfheidhmítear an dlí faoi bhia, beidh sé ina bhonn eolais le haghaidh na chéad chonarthaí seirbhíse eile leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar fad, agus ceanglófar leis go ndéanfar an reachtaíocht náisiúnta um rialuithe oifigiúla a leasú. Bhí clár oibre chun an Rialachán a chur chun feidhme ar siúl in 2018, agus leanfar leis le linn 2019, lena n-áirítear:

- Bunú grúpa stiúrtha a bheidh comhdhéanta den Údarás, den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus den Roinn Sláinte.
- Ionchur i bhforbairt reachtaíochta treasaí (gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe AE) i ndáil le Rialachán 2017/625 ar leibhéal AE
- Soláthar oiliúna tosaigh do na gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le ceanglais an Rialacháin.
- Soláthar comhairle don Roinne Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis na príomhcheisteanna nach mór dul i ngleic leo le linn fhorbairt na reachtaíochta náisiúnta chun éifeacht a thabhairt do cheanglais an Rialacháin.

Tá an tÚdarás ina bhaill de ghrúpa stiúrtha maidir le Rialachán (AE) 2017/625 arna bhunú ag Cinn um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa chomh maith le sé ghrúpa oibre chun comhairle a thabhairt maidir leis an Rialachán. Tá cathaoirleacht á déanamh ag an Údarás ar Ghrúpa Oibre na gCeann Eorpach um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa maidir le Saotharlanna Sábháilteachta Bia, a tosaíodh in 2017, agus tá páirt á glacadh aige chomh maith i gcúig ghrúpa oibre eile. Bhí na grúpaí sin gníomhach le linn 2018.

In 2018, thug an tÚdarás comhairle don Roinn Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le saotharlanna tagartha náisiúnta (STNanna) a ainmniú le haghaidh víris bhia-iompartha. Bhí sé sin mar thoradh ar ainmniú an Choimisiúin Eorpaigh de Shaotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh víris bhia-iompartha, lena gcuirtear dualgas ar na Ballstáit saotharlanna náisiúnta comhfhreagracha a ainmniú. Thug Éire fógra foirmiúil don Choimisiún Eorpach maidir le dhá STN – Foras na Mara agus Ionad Saotharlann Bhacastúin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara – atá ainmnithe le haghaidh víris bhia-iompartha i sliogéisc agus i mbianna eile, faoi seach.

Áiríodh ar rannpháirtíocht Eorpach eile:

- Rannpháirtíocht leanúnach i líonra Ballstát eile agus an Coimisiún Eorpach ag obair ar fhormáid chaighdeánach chun Pleananna Náisiúnta Rialaithe le haghaidh rialuithe oifigiúla a sholáthar ar fud AE agus chun tuairisciú ina leith
- Rannpháirtíocht i ngrúpa oibre AE i ndáil le rialacha AE a chomhlíonadh ar monatóireacht agus tuairisciú ola olóige.

In 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás 110 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 95 Ordú Dúnta, 10 nOrdú Toirmisc agus 5 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh ar ghnólachtaí bia as sáruithe ar an reachtaíocht um shábháilteacht bia, arb é sin méadú suntasach ar an 69 ordú a seirbheáladh in 2017, agus níos gaire don 106 ordú a seirbheáladh in 2016. Rinneadh naoi n-ionchúiseamh a phoibliú chomh maith. Ní raibh treocht follasach ar bith ann, toisc go raibh na leibhéil chigireachta comhsheasmhach. In 2018, lean an tÚdarás chomh maith lena chleachtas a chur chun feidhme, a tosaíodh ag deireadh 2017, maidir le téacs iomlán na nOrduithe Forfheidhmiúcháin arna seirbheáil ar ghnólachtaí bia, chomh maith le hainmneacha agus seoltaí na ngnólachtaí a fhoilsiú. Tá suim mhór fós i measc an phobail i dtorthaí na rialuithe oifigiúla, agus leis an tionscnamh sin cuireadh feabhas ar thrédhearcacht phróiseas na rialuithe oifigiúla. Laghdaíodh leis chomh maith an t-ualach riaracháin ar an Údarás maidir le hiarratais ar fhaisnéis faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Ceann de cheanglais na reachtaíochta úir maidir le rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625, is ea trédhearcacht ghníomhaíocht na rialuithe oifigiúla a dhéantar thar ceann an phobail a mhéadú, agus leanfaidh an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla le deiseanna a lorg chun dul i ngleic leis an gceanglas sin.

**95**

In 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás 95 Ordú Dúnta a seirbheáladh ar ghnólachtaí bia as sáruithe ar an reachtaíocht um shábháilteacht bia.

Rinne Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE F) an Choimisiúin Eorpaigh iniúchadh ginearálta leantach agus measúnú próifíle tíre d'Éirinn, ar foilsíodh tuarascáil i mí na Bealtaine 2018 mar thoradh air. Déanann SANTE F na hiniúchtaí sin chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i ndáil le moltaí óna iniúchtaí oscailte roimhe sin. Ón iniúchadh is déanaí, deimhníodh 27 iniúchadh mar a bheith dúnta ag an bhfoireann mhisin. Áiríodh leis sin go ndeachaigh údaráis inniúla na hÉireann i ngleic le 14 mholadh a rinneadh i ndiaidh iniúchadh roimhe sin ar rialuithe maidir le bia orgánach. Is é toradh achoimre an iniúchta, as an 166 moladh a rinneadh idir 2010 agus 2016, nach bhfuil stádas 'gníomh fós ag taisteal' ach le ceithre cinn dóibh. Baineann an cheithre cinn sin le ceisteanna teicniúla maidir leis na rialuithe faoi mhuiríní.

Chomhordaigh an tÚdarás ullmhú le haghaidh mhóriniúchadh SANTE F, agus iar-iniúchadh SANTE F chun measúnú a dhéanamh ar na rialuithe oifigiúla maidir le táirgeadh bia atá réidh le hithe, a rinneadh i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2018. Bhí na príomhghníomhaireachtaí oifigiúla (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, FSS, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus na húdaráis áitiúla) ar fad bainteach leis, mar go ndéanann gach ceann díobh maoirseacht ar an ngníomhaíocht sin le haghaidh bia-ábhair éagsúla. Fuarthas sa tuarascáil go raibh láidreachtaí ginearálta sa córas rialuithe oifigiúla agus sainaithníodh inti réimsí áirithe inar theastaigh feabhas a bhain go ginearálta leis an ngá le níos mó comhsheasmhachta idir gníomhaireachtaí. Tá cur chuige trasghníomhaireachta á ghlacadh chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sa tuarascáil.

Rinne an tAire Sláinte Ordú úr faoi Alt 5 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 ag deireadh 2018, ar thug an tÚdarás comhairle ina leith don Roinn Sláinte. Leis an Ordú sin nuashonraítear an liosta den reachtaíocht faoi bhia atá le forfheidhmiú faoin gcóras conarthaí seirbhíse.

Tá Éire ar cheann de sheacht mBallstát de chuid AE a d'oibrigh le hÚdaras Bia agus Drugaí SA (FDA) in 2017, i gcleachtas 'Aithint Córas' chun a dhéanamh measúnú ar cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn córas agus údaráis sábháilteachta bia tíre leibhéal dóthanach cosanta atá comhionann le leibhéal cosanta tíre eile. D'oibrigh an tÚdarás an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Foras na Mara chun aighneacht mhionsonraithe a sholáthar i mí na Nollag 2017. I ndiaidh an chleachtaidh deisce sin in 2018 rinne foireann iniúchóirí ón FDA measúnú ar an láithreán. Bhí an measúnú críochnúil, agus bhí iniúchtaí i gceist leis ar 13 ghnólacht bia arna maoirsiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag FSS agus ag an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (agus ag saotharlanna tagartha náisiúnta agus saotharlanna rialuithe oifigiúla arna n-oibriú ag na gníomhaireachtaí sin), chomh maith le Foras na Mara.

**110**

In 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás 110 Ordú Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh ar ghnólachtaí bia as sáruithe ar an reachtaíocht um shábháilteacht bia

**14**

Dheimhnigh Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE F) an Choimisiúin Eorpaigh go ndeachaigh húdaráis inniúla na hÉireann i ngleic le 14 mholadh a rinneadh i ndiaidh iniúchadh roimhe sin ar rialuithe maidir le bia orgánach.

Foilsíodh an chéad Bheartas náisiúnta um Fhorfheidhmiú an Dlí faoi Bhia a d'fhorbair foireann san Údarás i gcomhar leis an gníomhaireachtaí oifigiúla in 2018.

Sholáthair an tÚdarás leibhéal suntasach tacaíochta do na gníomhaireachtaí oifigiúla le linn 2018, ar a áiríodh:

- Soláthar deisce faisnéise ag sraith imeachtaí faisnéise bricfeasta don tionscal iascaireachta, arna eagrú ag an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara
- Tacaíocht le haghaidh sraith Imeachtaí Réigiúnacha um Fhaisnéis ar Shábháilteacht Sliogiasc don tionscal sliogiasc, le tacaíocht ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, ón bhForas Mara agus ón mBord Iascaigh Mhara.
- Tús le sraith comh-athbhreithnithe um chomhlíonadh le cigirí tréidliachta údaráis áitiúil ar phróiseálaithe beaga feola ar a ndéanann siad maoirseacht. Dírítear iad sin ar mhéadú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht trastíre rialuithe oifigiúla ar na gnólachtaí sin.

D'oibrigh an tÚdarás leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le comhairle a sholáthar ar sholáthar bainne amh lena ól go díreach ag an duine. Baineann rioscaí níos airde do thomhaltóirí leis an táirge ná a bhaineann le gnáthbhainne, toisc nach bhfuil sé teaschóireáilte. Is é Raw Milk Ireland an comhlacht ionadaíoch ar son soláthróirí bainne amh lena ól go díreach ag an duine. Thug an tÚdarás agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara comhairle maidir le forbairt treorach Raw Milk Ireland (*Treoir an Tionscail maidir le Ceanglais Dhlíthiúla agus an Dea-Chleachtas*) do sholáthróirí bainne amh, a foilsíodh in 2018.





***COMHAR IDIR AN FSAI AGUS AN HPRA***

*In 2018, shínigh an Dr Pamela Byrne, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, FSAI agus an Dr Lorraine Nolan, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), Meabhrán Tuisceana lena mbunaítear comhchreat le haghaidh comhair idir an FSAI agus an HPRA sa réimse um rialú na sláinte poiblí in Éirinn.*



# Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála

Le linn 2018, dhéileáil an fhoireann Bainistíochta Riosca le 799 teagmhas bia, i gcomparáid le 640 in 2017. Eisíodh caoga a haon rabhadh bia agus 45 rabhadh ailléirgine in 2018, i gcomparáid le 24 agus 30, faoi seach, in 2017. Shainaithin agus thuairiscigh an FSAI (tacaithe ag a ghníomhaireachtaí oifigiúla) 29 táirge do Chóras Mear-Rabhaidh AE um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF).



Príomhfheidhm um chomhordú de chuid an FSAI is ea bainistíocht teagmhas bia. Is iad sin cásanna ina ndearbhaítear go bhfuil bia neamhshábháilte nó neamhoiriúnach, agus go mbaineann riosca leo don tsláinte dá réir sin.

## TEAGMHAIS BHIA

Le blianta beaga anuas, tá bianna a chuirtear in iúl ar dhóigh atá míthreorach do thomhaltóirí trí bhíthin éilimh shláinte nó lipéadú i measc na dteagmhas sin. Is é an aidhm fhoriomlán an dochar do thomhaltóirí a laghdú nó a dhíothú, rud a chiallaíonn go minic na bianna a aistarraingt nó a tharraingt siar óna ndíol, an chontúirt a chur in iúl don phobal agus fógra a thabhairt do na húdaráis i dtíortha eile ónar tháinig na bianna nó chuig ar seoladh iad. D'fhéadfadh sainaithint teagmhais bhia tionscnamh ó roinnt foinsí, amhail cigire bia, gearán ó chustaiméir, fógra ó ghnólacht, tástáil saotharlainne, nó fógraí ó Bhallstáit eile trí líonra an Choimisiúin Eorpaigh, RASFF, dá bhfuil an tÚdarás ina bhall agus ina phointe teagmhála náisiúnta. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar an líonra sin 24 uair sa lá, seacht lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.

Le linn 2018, dhéileáil an tÚdarás le 799 teagmhas bia, i gcomparáid le 640 in 2017. Ba é an phríomhchúis leis an méadú an gá a bhí le fiosrú a dhéanamh ar fhorbhianna a tháinig as an gceanglas fógra a thabhairt don Údarás maidir le forbhianna úra a chuirtear ar an margadh. Déileáladh le gach teagmhas chun an riosca do thomhaltóirí a bhaint. As na teagmhais bhia sin, eisíodh 51 rabhadh bia agus 45 rabhadh ailléirgine, i gcomparáid le 24 agus 30, faoi seach, in 2017. Is ionann rabhaidh bhia agus fógraí a eisíonn an Údarás chuig an bpobal, cigirí bia agus gnólachtaí bia nó gnólachtaí eile a bhaineann le guais a sainaithníodh, i.e. gníomhaí bitheolaíoch, ceimiceach nó fisiceach i mbia/ábhair theagmhála bia nó bail bia nó ábhar teagmhála bia agus an baol a bhaineann leo bheith ina gcúis le drochéifeacht sláinte. Eisíonn an tÚdarás rabhaidh ailléirgine bia i gcás go bhfaightear ailléirginí i mbia ach nár dearbhaíodh ar an lipéadú iad, agus ar an tslí sin baineann baol leis na bianna sin do thomhaltóirí a bhfuil ailléirgin bia nó éadulaingtí bia orthu.

## RABHAIDH AILLÉIRGINE BIA

Sonraítear le dlí AE um lipéadú bia 14 chatagóir ailléirgine nach mór iad a dhearbhú. Maidir le bia réamhphacáistithe, ciallaíonn sé sin ailléirginí a léiriú ar liosta na gcomhábhar agus tagairt shoiléir a dhéanamh d'ainm na hailléirgine agus béim a chur air ar bhealach ar a sheasann sé amach ó na comhábhair eile. Maidir le bia scaoilte a dhíoltar, ciallaíonn sé an fhaisnéis a chur ar fáil i scríbhinn ag an bpointe cur i láthair, díola nó soláthair. Tá faisnéis faoi ailléirginí ríthábhachtach ag gach pointe den bhiashlabhra lena chinntiú gur féidir é a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir deiridh. Tá ailléirge bia ar thrí dhuine as 100 in Éirinn. Féadfaidh iarmhairt thromchúiseach a bheith ann murar gcuirtear ailléirginí atá i mbia in iúl mar is ceart do thomhaltóirí, rud a bhféadfadh frithghníomhuithe ailléirgeacha diana, gá le cóireáil leighis phráinneach nó fiú bás a bheith mar thoradh air.

Le linn 2018, eisíodh 45 rabhadh ailléirgine bia maidir le neamhdhearbhú ailléirginí i mbia. Cuirtear teachtaireacht téacs ag síntiúsóirí ar chóras foláirimh an Údaráis. Ba iad gránaigh ina raibh glútan, bainne, uibheacha, suilfít, cnónna, pónairí soighe agus mustard na hailléirginí ba choitianta a bhí lipéadaithe go mícheart nó a dearbhaíodh go mícheart in Éirinn in 2018. Ba iad na príomhchúiseanna leis na rabhaidh ailléirgine bia ailléirgin a cuireadh isteach sa táirge go haineolach agus dá bhrí sin níor liostaíodh í sna comhábhair; ní raibh an lipéadú i mBéarla; bhí an táirge pacáilte go mícheart trína chur sa chlúdach mícheart; nó ní raibh an ailléirgin tugtha chun suntais i liosta na gcomhábhar.

## RABHAIDH BHIA

Eisíodh caoga a haon rabhadh bia in 2018, a tháinig go ginearálta as an ngá le haistarraingt nó tarraingt siar táirge (ó thomhaltóirí). Ba iad na príomhchúiseanna leis na rabhaidh sin bagairt dhíreach nó indíreach do thomhaltóirí mar gheall ar earraí coimhthíocha a bheith iontu, nó miocróib phataigineacha nó éilleáin cheimiceacha a bheith iontu. I measc cúiseanna eile bhí dearbhú mícheart an dáta "úsáid faoi" nó "ar fearr roimhe" rialuithe sábháilteachta bia imleora, ag an bpointe táirge, nó próiseáil ag saoráid nach raibh faofa. As an 51 rabhadh bia a eisíodh in 2018, bhain 11 cheann díobh le *Salmonella* agus bhain 9 gcinn dóibh le brath *Listeria monocytogenes*.

## CÓRAS MEAR-RABHAIDH AE UM BIA DON DUINE AGUS D'AINMHITHE (RASFF)

Is é an tÚdarás pointe teagmhála na hÉireann freisin do Chóras Mear-Rabhaidh AE um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF). Leis an líonra sin idir na Ballstáit, an Iorua, Lichtinstéin, an Íoslainn, an Eilvéis, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia (EFSA) agus an Coimisiún Eorpach is féidir lena bhaill faisnéis a mhalartú go gasta agus go héifeachtach, agus táirgí nó comhábhair bia neamhshábháilte a bhaint den bhiashlabhra. Oibrítear an córas rabhaidh líonra sin 24 uair sa lá, seacht lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.


Cumhdaíonn an RASFF guaiseacha i mbia do dhaoine agus d'ainmhithe agus in ábhair a dhéanann teagmháil le bia. Tá príomhoifig an líonra lonnaithe sa Bhruiséil agus oibríonn an Coimisiún Eorpach é. Tá sé d'oibleagáid ar an FSAI an Coimisiún a chur ar an eolas tríd an líonra má bhraitear bia, beatha nó ábhar a dhéanann teagmháil le bia nach bhfuil sábháilte i ndiaidh iad a iompórtáil go hÉirinn ó a easpórtáil ó Éirinn. Leis na malartuithe gasta faisnéise cinntítear gur féidir bearta a dhéanamh láithreach mar fhreagairt agus gur féidir an baol don tsláinte phoiblí a íoslaghdú. Tá sé d'oibleagáid ar an FSAI fiosrú a dhéanamh ar fhógraí ar bith a fhaightear lena mbaineann impleachtaí d'Éirinn agus dá gnólachtaí bia. D'fhéadfadh tarraingt siar nó aistarraingt táirge a bheith mar thoradh air sin.

In 2018, d'eisigh an RASFF 3,628 fógra maidir le táirgí neamhshábháilte. Astu sin, cuireadh bratach le 132 (3.6%) díobh mar gur dáileadh go hÉirinn iad. Bhí táirgí de thionscnamh na hÉireann bainteach le 25 fógra (0.7%). Shainaithin agus thuairiscigh an FSAI (tacaithe ag a ghníomhaireachtaí oifigiúla) 29 táirge don líonra. Chruthaigh an RASFF a mhianach le 40 bliain anuas maidir le gníomhaireachtaí oifigiúla san Eoraip a thabhairt le chéile chun saoránaigh a chosaint.



# Iniúchóireacht agus Imscrúduithe

I rith 2018, rinne oifigigh oifigiúla ón Údarás, in éineacht le húdaráis rialála Stáit agus gníomhaireachtaí oifigiúla eile, 47 imscrúdú i gcás go raibh amhras faoi sháruithe ar an dlí faoi bhia agus faoi chalaois bhia. Le linn na bliana, ghlac foireann an Údaráis páirt le foirne gníomhaireachtaí oifigiúla eile ag seicphointí cois bóthair ilghníomhaireachta, a d'eagraigh an Garda Síochána. Lena chois sin, rinne an fhoireann Iniúchóireachta agus Imscrúduithe líon iniúchtaí agus ina dhiaidh sin, foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin an FSAI. Thar ceann an Údaráis, feidhmíonn réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus Imscrúduithe mar an bpointe teagmhála náisiúnta um chalaois bhia don Choimisiún Eorpach. Le linn 2018, d'fhreastail ionadaithe ar dhá chruinniú de Líonra AE um Chalaois Bhia.



In 2018, rinne an tÚdarás dhá iniúchadh oifigiúla. Rinneadh ceann sa FSS agus rinneadh an ceann eile san Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA).

Le hiniúchadh FSS rinneadh measúnú ar na trí shaotharlann anailísí phoiblí i gcoinne cheanglais a gconarthaí seirbhíse agus rinneadh na gnéithe sin de Rialachán (CE) Uimh. 882/224 maidir lena ngníomhaíochtaí, agus iniúchadh ar rialuithe oifigiúla maidir le haicmiú micribhitheolaíochta uiscí sliogiasc sa SFPA.

In 2018, rinne an tÚdarás iniúchtaí mar a leanas:

- Bainistíocht ilmhiondíoltóirí ar theagmhais bhia, lena n-áirítear tarraingt siar agus aistarraingtí bia
- Biashlabhra an bhia géime fiáine.

Le hiniúchtaí spriocdhírithe déantar scrúdú ar chomhlíonadh oibreoirí gnólachta bia maidir le gné faoi leith den dlí faoi bhia agus féadfaidh siad scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar oiriúnacht rialuithe oifigiúla.

Rinneadh iniúchtaí ar rialuithe oifigiúla i ndáil le:

- Comhlíonadh saotharlann anailísí phoiblí maidir le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus oibleagáidí conarthaí seirbhíse.
- Aicmiú micribhitheolaíochta uiscí sliogiasc.

Leis na hiniúchtaí sin déantar scrúdú ar éifeachtúlacht agus ar oiriúnacht gach gné de rialuithe oifigiúla arna gcur chun feidhme ag oibreoirí gnólachta bia maidir le gné faoi leith den dlí faoi bhia agus ceanglais conarthaí seirbhíse.

Le linn na bliana, foilsíodh na tuarascálacha agus na pleananna gníomhaíochta ceartaithí ar shuíomh gréasáin an FSAI:

- *Official Controls Audit of Sheep Identification, Acceptance and Traceability within Slaughter Plants*
- *Audit of official controls in DAFM supervised infant formulae and follow-on formulae establishments*
- *Audit of Multiple Retailers*

Tugtar na pleananna gníomhaíochta ceartaithí sin cothrom chun dáta de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar na torthaí aonair a chríochnú.

Rinneadh dhá iniúchadh de chuid Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE F) an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialuithe oifigiúla. D'fhreastail comhaltaí den fhoireann Iniúchóireachta agus Imscrúduithe ar na hiniúchtaí sin. Iarmheasúnú a bhí sa chéad iniúchadh, lena ndearnadh athbhreithniú ar dhul chun cinn chur chun feidhme na moltaí ó iniúchtaí roimhe sin. Ba é an cuspóir leis an dara hiniúchadh measúnú a dhéanamh ar na socruithe a chuir na húdaráis inniúla i bhfeidhm chun comhlíonadh ceanglais AE um shláinteachas bia is infheidhme maidir le bia atá réidh le hithe a fhíorú.

In mí an Mheithimh 2018, rinne FDA Stáit Aontaithe Mheiriceá measúnú ar an láithreán ar chur chun feidhme chaighdeáin na hUirlise Idirnáisiúnta um Measúnú Inchomparáideachta (ICAT) in Éirinn Bhí ceithre chomhpháirt éagsúla sa chigireacht. Dhírigh foireann amháin ar na struchtúir bhainistíocht laistigh den FSAI agus de ghníomhaireachtaí oifigiúla ábhartha, agus rinne foireann eile measúnú ar shaotharlanna. Rinne dhá fhoireann

## In 2018, rinneadh iniúchtaí ar rialuithe oifigiúla i ndáil le haicmiú micribhitheolaíochta sliogiasc.

**ICAT**

In mí an Mheithimh 2018, rinne FDA Stáit Aontaithe Mheiriceá measúnú ar an láithreán ar chur chun feidhme chaighdeáin na hUirlise Idirnáisiúnta um Measúnú Inchomparáideachta (ICAT) in Éirinn

**2**

Rinneadh dhá iniúchadh de chuid Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE F) an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialuithe oifigiúla.

allamuigh iniúchadh ar ghnólachtaí chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme rialuithe oifigiúla ag gníomhaireachtaí oifigiúla agus comhlíonadh maidir leis an dlí faoi bhia ag oibreoirí gnó. Chomh maith le measúnú ICAT, rinne FDA na Stát Aontaithe sé chigireacht ar an iomlán in Éirinn le linn Lúnasa agus Mheán Fómhair 2018. Bhí rochtain leanúnach ar mhargadh na Stát Aontaithe do na táirgí a tháirg na gnólachtaí bia ar a ndearnadh cigireacht mar thoradh ar na cigireachtaí sin. Le linn na n-iniúchtaí ar fad ar ghnólachtaí bia, bhí oifigigh údaraithe ó réimse feidhmiúil Iniúchóireacht agus Imscrúduithe an FSAI in éineacht le cigirí FDA na Stát Aontaithe.

Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FSAI ina dhuine ainmnithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. I dtús 2018, rinne na baill foirne Iniúchóireachta agus Imscrúduithe imscrúdú mionsonraithe ar éagóir líomhnaithe a bhí i nochtadh cosanta a fuarthas i mí na Samhna 2017. Le linn 2018, rinneadh cúig nochtadh cosanta bhreise eile leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus rinneadh comhaltaí sinsearacha den fhoireann Iniúchóireachta agus Imscrúduithe imscrúdú orthu ar fad. I ngach cás, rinneadh faisnéis sna nochtuithe cosanta a fhíorú agus ag amanna cuireadh gníomhaíochtaí suntasacha forfheidhmiúcháin chun feidhme ar na hoibríochtaí gnólachta bia lenar bhain.

Rinne oifigigh oifigiúla ón Údarás, in éineacht le húdaráis rialála Stáit agus gníomhaireachtaí oifigiúla eile, 47 imscrúdú i gcás go raibh amhras faoi sháruithe ar an dlí faoi bhia agus faoi chalaois bhia. Dearadh na himscrúduithe sin chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus teagmhais calaoise bia gaolmhara a dhearbhú. Theastaigh cuir chuige éagsúla ina leith, ó fhorghníomhú barántas cuardaithe a fuarthas sa Chúirt Dúiche faoi Alt 49 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 go dtí monatóireacht ar leathanach na meán sóisialta i gcás go raibh amhras faoi oibríocht gnólachtaí bia neamhúdaraithe. I roinnt cásanna, eisíodh Orduithe Dúnta chuig oibreoirí ar fuarthas go raibh gníomhaíochtaí gnólachta bia neamhfhaofa á ndéanamh acu mar thoradh ar imscrúduithe. Le linn na bliana, ghlac foireann an Údaráis páirt le foirne gníomhaireachtaí oifigiúla eile ag seicphointí cois bóthair ilghníomhaireachta, a d’eagraigh an Garda Síochána. D’fhreastail oifigigh údaraithe ó Oifigí Sláinte Poiblí ábhartha FSS agus ó na húdaráis áitiúla chomh maith.

Tá an tÚdarás ina chathaoirleacht ar an Tascfhórsa maidir le Calaois Bhia, agus le linn 2018 tionóladh dhá chruinniú de chuid an tascfhórsa. Leanann an fóram ilghníomhaireachta, ildisciplíneach le breithniú agus tuairisciú a dhéanamh i ndáil le ceisteanna ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar chalaoise/fhíordheimhneacht bhia. Breithníonn an tascfhórsa na rialuithe reatha atá i bhfeidhm chun déileáil le calaois bhia agus a n-oiriúnacht chun cur isteach orthu siúd lena mbaineann, iad a bhrath agus iad a dhíspreagadh. In 2018, d’fhreastail foireann réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus Imscrúduithe ar thrí chruinniú de chuid an Tascfhórsa Trasteorann maidir le Coireacht Bhia agus Tuaithe. D’fhreastail siad chomh maith ar chruinnithe de chuid Fhóram Seicphointí Ilghníomhaireachta Réigiún an Tuaiscirt, faoi chathaoirleacht an Gharda Síochána.



**47**

In 2018, rinne oifigigh oifigiúla ón Údarás, in éineacht le húdaráis rialála Stáit agus gníomhaireachtaí oifigiúla eile, 47 imscrúdú i gcás go raibh amhras faoi sháruithe ar an dlí faoi bhia agus faoi chalaois bhia.

Thar ceann an Údaráis, feidhmíonn réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus Imscrúduithe mar an bpointe teagmhála náisiúnta um chalaois bhia don Choimisiún Eorpach. Le linn 2018, d'fhreastail ionadaithe ar dhá chruinniú de Líonra AE um Chalaois Bhia. Lena chois sin, rinneadh monatóireacht ar bhunachar sonraí Chúnamh agus Chomhar Riaracháin/Líonra Calaoise Bia an Choimisiúin Eorpaigh; d'fhoilsigh Éire sé chás in 2018 a bhain le halcól, forbhianna cothaithe, agus iasc, agus d'fhreagair sí cásanna Ballstát eile, de réir mar ba ghá.

Shínigh an tÚdarás Comhaontú maidir le Comhroinnt Faisnéise le Gréasán Faisnéise Thionscal an Bhia (FIIN). Déanann FIIN faoi láthair ionadaíocht ar son líon cuideachtaí an-mhór i dtionscal an bhia sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, agus tá sé beartaithe aige a ghréasán a mhéadú tuilleadh sula i bhfad.

Buaileann an tÚdarás, in éineacht leis an nGníomhaireacht Caighdeán Bia sa Ríocht Aontaithe, le comhaltaí de bhord bainistíochta FIIN ar bhonn ráithiúil chun an tuarascáil ráithiúil a phlé agus faisnéis ábhartha faoi chalaois bhia a roinnt.

Ghlac an tÚdarás, i gcomhar leis an nGarda Síochána agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, páirt i gcomhoibríocht Europol/INTERPOL, OPSON VII. I dtuairisceáin a chuir Éire isteach chuig Europol léiríodh ceithre urghabháil bia-ábhar, lena n-áirítear beostoc, feoil, agus forbhianna cothaithe.

Leanann an tÚdarás le páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre na gCeann um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa chun ullmhú do chur chun feidhme Rialachán úr (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla. Glacann na baill foirne Iniúchóireachta agus Imscrúduithe páirt sa ghrúpa oibre ar chalaois bhia.




Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar an Tascfhórsa maidir le Calaois Bhia, agus le linn 2018 tionóladh dhá chruinniú de chuid an tascfhórsa. Leanann an fóram ilghníomhaireachta, ildisciplíneach le breithniú agus tuairisciú a dhéanamh i ndáil le ceisteanna ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar chalaoise/fhíordheimhneacht bhia.



# Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia

Le linn 2018, d'fhreastail baill foirne na hEolaíochta agus Caighdeán Bia (ECB) ar 53 cruinniú saineolaithe maidir le forbairt reachtaíochta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle Eorpach, agus sholáthair siad 17 n-aighneacht i scríbhinn maidir le seasamh na hÉireann chomh maith le heolas a thabhairt don Roinn Sláinte maidir le vótaí don obair a críochnaíodh. Sholáthair réimse feidhmiúil ECB 211 measúnú riosca in 2018. Áiríodh ar fhor-rochtain ar an tríú leibhéal Comhaltacht Newman a chruthú sa réimse um micribhitheolaíocht mhóilíneach ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, arna mhaoiniú ag an FSAI.



Díríonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia (ECB) a gcuid oibre ar an mbonn fianaise a mhéadú agus a anailísiú agus úsáideann siad é mar aon le saineolas a eolaithe chun measúnú riosca a dhéanamh, treoir theicniúil a dhréachtú do thionscal an bhia, tacú le hobair na ngníomhaireachtaí oifigiúla, rialuithe oifigiúla díreacha a dhéanamh agus saintacaíocht a chur ar fáil don Roinn Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le forbairt reachtaíochta faoi bhia.

Bainistíonn an fhoireann ECB Coiste Eolaíoch an FSAI chomh maith agus soláthraíonn siad ionchur teicniúil in obair um measúnú riosca an EFSA agus an Choimisiúin Codex Alimentarius, a leagan síos caighdeáin idirnáisiúnta bhia. Tacaíonn foireann thiomanta riarthóirí le hobair na n-eolaithe i réimse feidhmiúil ECB agus an Choiste Eolaíoch, a uasmhéadaíonn a gcuid oibre éifeachtúlacht agus éifeachtacht réimse feidhmiúil ECB agus a chinntíonn cáilíocht na n-aschur, chomh maith le seirbhísí inmheánacha ríthábhachtacha a sholáthar do réimsí feidhmiúla eile.

Le linn 2018, d'fhreastail baill foirne ECB ar 53 cruinniú saineolaithe maidir le forbairt reachtaíochta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle Eorpach, agus sholáthair siad 17 n-aighneacht i scríbhinn maidir le seasamh na hÉireann chomh maith le heolas a thabhairt don Roinn Sláinte le haghaidh vótaí don obair a críochnaíodh. Tá cruinnithe líonra saineolaithe ina ngné de chomhar le EFSA chomh maith, agus sa chomhthéacs sin ghlac baill den fhoireann páirt ghníomhach i 13 chruinniú líonra inar cumhdaíodh rioscaí atá ag teacht chun cinn, measúnú ar riosca micribhitheolaíochta, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, bianna núíosacha agus an RASFF, le 12 aighneacht agus trí chur i láthair. Ar an ardán idirnáisiúnta, rinne baill foirne ECB aighneachtaí teicniúla mionsonraithe chuig chúig ghrúpa oibre leictreonacha agus ghlac siad páirt i dtrí chruinniú iomlánacha de chuid na gcoistí faoin gCoimisiún Codex Alimentarius, i gcás gur comhaontaíodh caighdeáin dhomhanda bhia.

Stiúrann réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia roinnt feidhmeanna údaráis inniúil chomh maith sna réimsí maidir le fógraí agus faomhadh bianna áirithe. In 2018, próiseáladh sainchomhad amháin ar éileamh sláinte agus cuireadh chuig an EFSA é agus rinneadh 1,836 measúnú ar chomhlíonadh éileamh sláinte ar fhorbhianna.

Rinneadh measúnú ar fhógraí maidir le 204 bia chun críocha speisialta leighis agus 14 bhainne foirmle do naíonáin maidir le sábháilteacht agus comhlíonadh na reachtaíochta. Faoi rialacháin maidir le bianna núíosacha, rinne baill foirne ECB measúnú ar thrí fhógra maidir le bianna traidisiúnta ó thríú tíortha, chuir siad saintuairimí ar fáil maidir le stádas bia núíosaigh de chúig iarratas ar chomhairliúchán, agus chuir siad faisnéis maidir le 21 iarratas ar bhia núíosach chuig an Roinn Sláinte le haghaidh vótála ar leibhéal AE. Ina theannta sin, rinneadh 12 athbhreithniú ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) le haghaidh bia agus beatha i ndiaidh measúnú EFSA.

Teastaíonn measúnú slán riosca le haghaidh bainistíocht teagmhas bia, agus sholáthair réimse feidhmiúil ECB 211 measúnú riosca in 2018, lena n-áirítear 74 ceann ar fhorbhianna agus 108 ceann ar chúrsaí sábháilteachta ceimiceán. Sholáthair siad tacaíocht theicniúil mhionsonraithe chomh maith maidir le 23 teagmhas bia agus ghlac siad páirt in obair dhá fhoireann rialaithe ráigeanna thar roinnt seachtainí. Chomh maith leis sin, soláthraíodh tacaíocht theicniúil fhairsing maidir le sábháilteacht seilfré le haghaidh imscrúdú mór amháin maidir le nochtadh cosanta. Freagraíonn baill foirne ECB chomh maith líon mór fiosrúchán ó lasmuigh den FSAI, agus in 2018 d'fhreagair siad thart ar 260 fiosrúchán trí Líne Chomhairle an FSAI agus 550 fiosrúchán díreach, ar bhain 279 ceann díobh le reachtaíocht úr um bianna núíosacha agus comhlíonadh.

Tá ról tábhachtach ag réimse feidhmiúil ECB maidir le tacaíocht eolaíoch a chur ar fáil i gcomhair obair forfheidhmiúcháin um shábháilteacht bia na ngníomhaireachtaí oifigiúla. Soláthraíodh ionchur eolaíoch mionsonraithe don Roinn Bia agus na Mara dá tuarascáil maidir leis an tsaincheist faoi oidhreacht mianadóireachta luaidhe Bhéal Átha Gabhann maidir le truailliú le miotail throma.

**53**

Le linn 2018, d'fhreastail baill foirne ECB ar 53 cruinniú saineolaithe maidir le forbairt reachtaíochta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle Eorpach.

Ar an ardán idirnáisiúnta, rinne baill foirne ECB aighneachtaí teicniúla mionsonraithe chuig chúig ghrúpa oibre leictreonacha agus ghlac siad páirt i dtrí chruinniú iomlánacha de chuid na gcoistí faoin gCoimisiún Codex Alimentarius, i gcás gur comhaontaíodh caighdeáin dhomhanda bhia.

I gcomhar leis an bhfoireann oiliúna forbraíodh modúl ríomhfhoghlama maidir le sampláil agus tástáil critéar micribhitheolaíochta, mar aon le hoiliúint aghaidh ar aghaidh saotharlann agus oiliúint ar bhreiseáin d'údaráis áitiúla. Rinneadh faisnéis maidir le bianna le haghaidh grúpaí speisialta, bianna núíosacha , cócaireacht shábháilte burgar agus éilimh shláinte a nuashonrú ar shuíomh gréasáin an FSAI chun cuidiú le hoifigigh forfheidhmiúcháin le léirmhíniú an dlí sna réimsí sin.


Sholáthair réimse feidhmiúil ECB tacaíocht um chomhlíonadh fosta do thionscal an bhia, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don Choiste Rialála agus Comhshaoil chruinnithe Food Drink Ireland agus athbhreithniú teicniúil a sholáthar ar obair athfhoirmlithe bia an chumainn. Forbraíodh bileoga sábháilteachta bia ar einsímí bia agus ar dheatú bianna, chomh maith le treoir maidir le seilfré. Soláthraíodh ionchur don Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann dá nuashonrú ar chaighdeáin I.S. 342 thionscal an bhia. Rinneadh cúig bhileog eolais maidir le guaiseacha sábháilteachta bitheolaíochta a nuashonrú ar shuíomh gréasáin an FSAI mar aon le bileog eolais ar fhaisnéis hiostaimíní i mbia agus treoir mhionsonraithe ar conas is féidir le hoibreoirí gnólachta bia cloí le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún maidir le critéir mhicribhitheolaíochta le haghaidh bia-ábhar. Chuir réimse feidhmiúil ECB iarratas isteach chomh maith chuig an gCoimisiún Eorpach ar fhaomhadh aigéid ascorbaigh agus aigéid chitrigh ar ghlasraí bána, i ndiaidh comhairliúcháin le próiseálaithe glasraí Éireannacha. Ar deireadh, rinne baill foirne ECB bogearraí agus ábhair oiliúna MenuCal a uasghrádú agus d'oibrigh siad le foireann na Cumarsáide chun úsáid na mbogearraí i dtionscal an bhia a chur chun cinn le haghaidh chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil maidir le lipéadú ailléirgine bianna in ionaid seirbhíse bia agus chun postáil dheonach calraí a éascú. Leanfar leis an obair sin in 2019.

Mar chuid de Straitéis Eolaíochta an FSAI, dhírigh réimse feidhmiúil ECB ar thaighde in 2018. Pléadh cás gnó le haghaidh buiséad tiomanta taighde leis an Roinn Sláinte maidir le cur chuige inbhuanaithe ar chruthú fianaise le haghaidh measúnú riosca bianna. Lena chois sin, mhaoinigh an FSAI trí thionscadal taighde: cuireadh forbairt modhanna móilíneacha le haghaidh fíordheimhniú bianna luibheolaíochta agus bailíochtú athfhoirmliú iógart i gcrích in 2018, agus cuireadh tús le staidéar mór chun iontógáil salainn dhaonra na hÉireann a mheas agus beidh sé críochnaithe in 2021. Rinneadh tionscadal taighde eile maidir le sábháilteacht i gcócaireacht *sous vide* a chómhaoiniú le *safe*food; táthar ag dúil leis an tionscadal sin a chríochnú in 2019. Postáladh tacair shonraí maidir le patrúin zónóisí d'Éirinn le haghaidh 2016 ar shuíomh gréasáin an FSAI, mar aon le sonraí rialuithe oifigiúla le haghaidh 2018 maidir le fíordheimhneacht iasc, bianna ionradaithe, agus OGManna; seoladh an dá thacar dheireanacha a luadh chuig an gCoimisiún Eorpach, mar a cheanglaítear leis an dlí. Cruthaíodh tuilleadh sonraí maidir le nítrítí agus suilfít i bhfeoil trí rialuithe oifigiúla comhordaithe, a raibh obair mhionsonraithe le hoibreoirí gnólachta bia chun comhlíonadh a fheabhsú mar thoradh air. Foilsíodh dá thuarascáil maidir le pataigin i mbia: pataigin i gcnónna agus síolta réidh le hithe, agus pataigin i dtorthaí agus glasraí réidh le hithe, inar cinntíodh dearbhú sábháilteachta na mbianna tábhachtacha sin le haghaidh aiste bia shláintiúil. Cuireadh tús le staidéar fosta ar thruailleáin bhuanseasmhacha in aghaidh na substainte polyfluoroalkyl agus ar shubstaintí polyfluoroalkyl (PFAS) i mbia agus leanfar leis in 2019. I gcionta eile le clár oibre taighde na hÉireann, d'fheidhmigh baill foirne ECB mar mheasúnóirí do ghairm ar thaighde Bheart Taighde Institiúide na Roinne Bia agus na Mara agus sholáthair siad ionchur i straitéisí taighde na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.



Áiríodh ar ghníomhaíochtaí Straitéise Eolaíochta eile chun feabhas a chur ar an eolaíocht ag an FSAI agus feabhas a chur ar an bhfeasacht sheachtrach air sin cuairt fhoireann ECB ar Ionad Domhanda Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Chiarraí, agus cuireadh tús le cumarsáid eolaíochta trí LinkedIn. D'fhorbair réimse feidhmiúil ECB ceacht teagaisc don tionscnamh 'Eolaíocht agus Teicneolaíocht i nGníomh' chomh maith chun méadú a dhéanamh ar ghlacadh STEM ar an dara leibhéal. Soláthraíodh oiliúint mac léinn trí shocrúcháin mac léinn san FSAI agus trí eagrú cúrsa oiliúna rialála do mhic léinn mháistreachta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath san FSAI i gcomhar le réimsí feidhmiúla eile. Áiríodh ar fhor-rochtain bhreise ar an tríú leibhéal 22 uair an chloig de léachtaí i gceithre institiúid ardoideachais agus Comhaltacht Newman a chruthú sa réimse um micribhitheolaíocht mhóilíneach ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, arna mhaoiniú ag an FSAI. Cuireadh tiomantas an FSAI do rannpháirtíocht leis an bpobal eolaíochta chun cinn tuilleadh le cuir i láthair ag ceithre chomhdháil nó imeacht náisiúnta eolaíochta agus sé chomhdháil nó imeacht idirnáisiúnta eolaíochta, mar aon le seimineár náisiúnta maidir le seicheamhú géanóim iomláin a d'eagraigh an FSAI. Chuir baill foirne ECB le caibidil chomh maith ar ailléirginí bia do leabhar dar teideal *Introduction to Human Nutrition*. Áiríodh ar thionscadal eile faoin Straitéis Eolaíochta a tosaíodh in 2018 agus a leanfar leo in 2019 cruthú liosta príomh-imscrúdaitheoirí in Éirinn agus mapáil saineolais eolaíoch an Choiste Eolaíoch agus bhaill eolaíocha ECB. Cuideoidh sé sin linn díriú ar oiliúint agus ar fhor-rochtain in 2019.

Feidhm thábhachtach de chuid réimse feidhmiúil ECB is ea bainistíocht agus éascú obair an Choiste Eolaíoch agus a fhochoistí agus a ghrúpaí oibre ina bhfuil 83 eolaí. Tháinig an Coiste Eolaíoch le chéile ceithre huaire in 2018 agus d'fhaomh sé roinnt tuairimí tábhachtacha agus roinnt iarratas ar chomhairle. Foilsíodh cúig thuairim maidir le cócaireacht shábháilte burgar mairteola, sábháilteacht vitimíní agus mionraí i bhforbhianna, agus staidéar aiste bia iomlán ar iontógáil fluairíde, teorainneacha Enterobacteriaceae in uachtar reoite, agus sábháilteacht fluairíde agus an féatas. Cuireadh ceithre thuarascáil eile i gcrích agus faomhadh iad lena bhfoilsiú in 2019: samhail rangaithe riosca le haghaidh éilleáin cheimiceacha, comhairle maidir le brath *E.coli* a tháirgeann an tocsain Shiga i mbianna, modh meastóireachta um shábháilteacht bia le teicneolaíochtaí úra próiseála bia, agus modh le haghaidh measúnú riosca ar ailléirginí bia. Glacadh le hiarratais ar chomhairle maidir le sábháilteacht feamainne mar bhia, meastóireacht ar chur chuige BELFRIT maidir le measúnú sábháilteachta luibheolaíochta, agus rangú riosca guaiseacha sábháilteachta bitheolaíochta; cuirfear iad sin ar aghaidh in 2019.




***TUARASCÁLACHA MAIDIR LE PATAIGIN***

*Foilsíodh dá thuarascáil maidir le pataigin i mbia: pataigin i gcnónna agus síolta réidh le hithe, agus pataigin i dtorthaí agus glasraí réidh le hithe, inar cinntíodh dearbhú sábháilteachta na mbianna tábhachtacha sin le haghaidh aiste bia shláintiúil.*

Mhaoinigh an FSAI trí thionscadal taighde: cuireadh forbairt modhanna móilíneacha le haghaidh fíordheimhniú bianna luibheolaíochta agus bailíochtú athfhoirmliú iógart i gcrích in 2018, agus cuireadh tús le staidéar mór chun iontógáil salainn dhaonra na hÉireann a mheas agus beidh sé críochnaithe in 2021.

# Spriocanna straitéiseacha agus an méid a baineadh amach

## Sprioc 1:
## Cultúr Rialála a Stiúradh i gcás go bhfuil gach duine díograiseach faoi na caighdeáin is airde bia a bhaint amach

Cuireann cúig phríomhchuspóir taca faoin sprioc sin; in 2018, bhain an tÚdarás an méid seo a leanas amach i gcoinne na gcuspóirí sin:

### CUSPÓIR 1

**Creat a sholáthar le haghaidh rialáil bhia a bheidh pleanáilte go straitéiseach agus ar a ndéanfar athbhreithniú chun sábháilteacht agus sláine bia a chuimsiú, agus lena mbainfidh forfheidhmiú a bheidh comhréireach, éifeachtach agus bunaithe ar riosca**

- Bhí 31 conradh seirbhíse i bhfeidhm leis na gníomhaireachtaí oifigiúla in 2018, inar cumhdaíodh na rialuithe oifigiúla maidir leis an reachtaíocht uile faoi bhia laistigh de shainchúram an Údaráis.
- D'eisigh na gníomhaireachtaí oifigiúla 110 Ordú Forfheidhmiúcháin agus tionscnaíodh naoi n-ionchúiseamh in aghaidh gnólachtaí bia.
- Ghlac foireann an Údaráis páirt i gcruinnithe ghrúpa na gCeann um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa chun faisnéis agus dea-chleachtas a mhalartú maidir le córais náisiúnta rialuithe oifigiúla.
- Bhuail an tÚdarás le toscaireachtaí óna chomhghníomhaireachtaí in Abú Daibí, sa Bhrasaíl, sa tSín, in Mumbai, sa Nua-Shéalainn, san Araib Shádach, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus i Vítneam chun eolas agus taithí a mhalartú maidir le rialuithe oifigiúla.
- Chuir foireann an Údaráis le cruinnithe Cheann na nGníomhaireachtaí agus chuir siad comhairle ar fáil do AE, don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus don Roinn Sláinte maidir leis an reachtaíocht um rialuithe oifigiúla.
- Tugadh faoi chéad chéim oiliúna na ngníomhaireachtaí oifigiúla maidir le Rialachán (AE) 2017/625 a chomhlíonadh in 2018.
- Lean an tÚdarás ag obair go dlúth lena chomhghleacaithe i nGníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia maidir le bainistíocht riosca sábháilteachta bia.
- Rinneadh imscrúdú ar 47 gníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith calaoiseach.
- Fuarthas os cionn 2,500 fógra ar fhorbhianna a cuireadh ar an margadh le linn na bliana agus rinneadh iad a mheasúnú maidir le comhlíonadh na reachtaíochta um chomhdhéanamh, lipéadú, cothúagus éilimh shláinte.
- I réimse na mbianna núíosacha, rinne an tÚdarás measúnú ar thrí fhógra maidir le bianna traidisiúnta ó thríú tíortha, chuir siad tuairimí réasúnaithe ar fáil maidir le stádas bia núíosaigh cúig iarratas ar chomhairliúchán, agus chuir siad faisnéis maidir le 21 iarratas ar bhia núíosach chuig an Roinn Sláinte le haghaidh vótála ar leibhéal AE.
- Soláthraíodh 44 deimhniú easpórtála do thríú tíortha, i ndáil le coinsíneachtaí bianna measctha nó ábhair theagmhála bia go príomha.
- Sainaithníodh agus láimhseáladh 799 teagmhas bia agus mar thoradh air sin, eisíodh 96 rabhadh bia agus rabhadh ailléirgine bia.
- D'fhreastail baill foirne an Údaráis ar 53 cruinniú saineolaithe maidir le forbairt reachtaíochta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle Eorpach, agus sholáthair siad 17 n-aighneacht i scríbhinn maidir le seasamh na hÉireann.

### CUSPÓIR 2

**Cur chuige comhpháirtíochta maidir le rialáil bhia a fheidhmiú ina n-oibrítear le páirtithe leasmhara agus lena gcuirtear réitigh nuálacha um chomhlíonadh chun cinn chun caighdeáin a ardú**

- Lean an tÚdarás ag obair leis na príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear *safe*food, Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Gníomhaireacht na Loch.
- Soláthraíodh comhairle do pháirtithe leasmhara sna réimsí maidir le lipéadú, éilimh sláinte, forbhianna agus a lán ceisteanna eile, lena n-áirítear Brexit.
- Foilsíodh doiciméad beartais náisiúnta um fhorfheidhmiú i ndiaidh plé agus comhaontú i measc na gníomhaireachtaí oifigiúla.
- Chuaigh an tÚdarás i gcomhar le líon gnólachtaí/cumann bia chun rioscaí ar shláinte agus leasanna tomhaltóirí a bhainistiú.

## CUSPÓIR 3

**Féachaint le córas rialuithe oifigiúla den scoth a bhaint amach ar a n-áireofar bearta éifeachtúla bunaithe ar riosca, a fhíoraítear trí iniúchtaí agus a sheachadann na torthaí is fearr do thomhaltóirí**

- Lean Grúpa Idirghníomhaireachta ar Rialuithe Oifigiúla le hobair a dhéanamh ar na moltaí ó *A Review of the Official Control System in Ireland and Opportunities for Improvement: Report of the Scientific Committee of the Food Safety Authority of Ireland*.
- Chuir an tÚdarás tús le sraith comhchuairteanna le cigirí tréidliachta údaráis áitiúil chun tacú lena rialuithe oifigiúla i bhforais bheaga próiseála feola.
- Rinneadh ceithre iniúchadh ar ghnólachtaí bia.
- Chomhordaigh an tÚdarás móriniúchadh a rinne FDA na Stát Aontaithe ar rialuithe oifigiúla in Éirinn, mar chuid de cleachtadh 'Aithint Córas'.
- D'oibrigh an tÚdarás leis na gníomhaireachtaí oifigiúla chun rialuithe oifigiúla maidir le hiompórtálacha bia a phleanáil agus a ullmhú chun ullmhú le haghaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ó AE.
- Foilsíodh na foilseacháin seo a leanas ar shuíomh gréasáin an FSAI: *Enterobacteriaceae limits for ice cream (containing milk ingredients) and frozen dairy desserts sampled when placed on the market; Survey of the microbiological safety of ready-to-eat cakes, pastries and desserts with high-risk fillings; Survey of the microbiological safety of ready-to-eat, pre-packaged nuts, seeds and dried fruit; Survey of Trans Fatty Acid in Processed Food Products in Ireland (2016); An investigation of the most appropriate z-value to be used in calculating 'equivalent cooks' for beef burgers in food business establishments; and Total Diet Study 2014–2016: Assessment of dietary exposure to fluoride in adults and children in Ireland.*

## CUSPÓIR 4

**Feabhas a chur ar an anailís, tuairisciú agus cumarsáid a dhéanaimid maidir le toradh na rialuithe oifigiúla**

- Cuireadh chun cinn an chéad chéim de chur chun feidhme Straitéis Sonraí an Údaráis, lena gcinnteofar go mbainfear an t-uasluach ó na sonraí a baileofar, rud a chuirfear ar chumas an Údaráis cinntí láidre a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí amach anseo.
- Chuir an tÚdarás sonraí zónóise 2017 i láthair EFSA.

## CUSPÓIR 5

**Acmhainní a sholáthar dár bpáirtithe trí oiliúint, comhairle agus comhairliúchán**

- Tionóladh mórfheachtas feasachta ar ailléirginí sna meáin in 2018 chun feasacht a ardú i measc gnólachtaí bia agus tomhaltóirí maidir leis an reachtaíocht le haghaidh ailléirginí.
- Rinneadh ceithre nóta treorach a chur i gcrích agus a fhoilsiú:
  - Nóta Treorach Uimh. 33, *Dea-chleachtas Déantúsaíochta le haghaidh Táirgeadh Táirgí Feola Amh Coipthe Réidh le hIthe*
  - Nóta Treorach Uimh. 32, *Sábháilteacht Táirgí Úra i bPróiseáil agus i Miondíol in Éirinn*
  - Nóta Treorach Uimh. 15, *Córais cócaráil-fuaraigh in Earnáil na Seirbhíse Bia (Athbhreithniú 2)*
  - Nóta Treorach Uimh. 17, *Lipéadú Feola agus Feoil mar Chomhábhar (Athbhreithniú 1).*
- *Foilsíodh Advice for Caterers on Serving Burgers that are Safe to Eat* .
- In 2018, láimhseáil Líne Chomhairle an Údaráis 9,434 iarratas; bhain 3,424 díobh sin le gearáin faoi bhia nó faoi áitreabh bia, lipéadú nó ailléirginí.
- Rinne Foireann Oiliúna agus Chomhlíonta an Údaráis cúrsaí oiliúna aghaidh le haghaidh a fhorbairt agus a sheachadadh chuig baill foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla in 2018, lena n-áirítear oiliúint ar bhreiseáin bhia do chigirí údaráis áitiúil (26 rannpháirtí), oiliúint ar an rialachán maidir le rialuithe oifigiúla (300 rannpháirtí) agus sainoiliúint imscrúdaithe do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar fad (14 rannpháirtí). Bhí fáil ag úsáideoirí shuíomh gréasáin an Údaráis ar os cionn 1,300 modúl ríomhfhoghlama de chuid an Údarás.
- Rinneadh 706 modúl ríomhfhoghlama ar fad maidir leis an dlí faoi bhia de chuid an Údaráis a rochtain nó bhain baill foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla leas astu trínár gcóras bainistíochta foghlama, Foghlaim SafetyNet, in 2018.
- Bhunaigh an tÚdarás Líonra na nOiliúnóirí Bia in 2018 chun rannpháirtíocht níos dinimiciúla le comhairleoirí um oiliúint sábháilteachta bia a éascú. Tá níos mó ná 100 oiliúnóir cláraithe leis an tseirbhís seo.

# Sprioc 2

## Úsáid a bhaint as an eolas, fianaise agus saineolas eolaíoch is fearr chun taca a chur faoi bheartas agus anailís riosca i dtaca le sábháilteacht bia

Cuireann sé phríomhchuspóir taca faoin sprioc sin. In 2018, i gcoinne na gcuspóirí sin, bhain an tÚdarás an méid seo a leanas amach:

### CUSPÓIR 1

**Taca a chur faoi na cinntí agus faoin gcomhairle ar fad leis an eolas, fianaise agus saineolas eolaíoch neamhspleách is fearr**

- Rinneadh plean oibre Choiste Eolaíoch an Údaráis a nuashonrú agus a fhoilsiú, agus cuireadh chúig thuairim eolaíocha i gcrích agus foilsíodh iad, agus tá ceithre thuairim eile le críochnú lena bhfoilsiú in 2019.
- Choimisiúnaigh an tÚdarás trí thionscadal taighde, chomhordaigh sé dhá shuirbhé bia agus chómhaoinigh sé tionscadal taighde eile le *safe*food chun an bonn eolaíoch agus fianaise a fheabhsú.
- Lean baill foirne an Údaráis le páirt a ghlacadh i gcáil chomhairleach i dtionscadail eolaíocha a bhain le gníomhaíochtaí eolaíocha an Údaráis.
- Ghlac an tÚdarás páirt i gCoiste Comhairleach Taighde na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara lena chinntiú go ngeofar go leor maoinithe le haghaidh taighde ar shábháilteacht bhia agus ar chothú.
- Leanadh le tionscadal anailíse ar leochaileacht an bhiashlabhra déiríochta i gcomhar le *safe*food, Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia, Teagasc agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne an Údaráis ina lán réimsí eolaíocha, lena n-áirítear measúnú riosca cainníochtúil, bianna réidh le hithe, seicheamhú géanóim iomláin, eipidéimeolaíocht agus córas um Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla (AGPRC). D'fhreastail baill foirne ar chomhdhálacha eolaíocha chomh maith ar mhicribhitheolaíocht bhia, measúnú riosca, modhanna móilíneacha, cothú, eolaíocht agus teicneolaíocht an bhia, agus caomhnú bia. Lena chois sin, d'fhreastail baill foirne faoi oiliúint iniúchóirí inmheánacha, ar chúrsaí ceannaireachta agus ghnóthaigh siad deimhniú gairmiúil i ndiaitéitic. Cuireadh oiliúint ar líon mac léinn chomh maith le linn 2018 i réimsí a bhain le heolaíocht an bhia.

### CUSPÓIR 2

**Comhairle eolaíoch ardchaighdeáin neamhspleách a chur ar fáil don Rialtas chun bonn eolais a chur faoin mbeartas bia agus tionchar a imirt air sna réimsí um shábháilteacht, sláine bhia agus cothú**

- Chuir an tÚdarás le hiliomad gníomhaíochtaí na Roinne Sláinte sa réimse um chothú na sláinte poiblí, e.g. foirtiliú bia ina bhfuil aigéad fólach, moltaí eolaíoch le haghaidh i bia sláintiúil, agus athfhoirmliú bia.
- Chuir tÚdarás cion le Coiste náisiúnta Comhairle Idir-rannach maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh.
- Sholáthair baill foirne an Údaráis comhairle agus saineolas eolaíochta agus teicniúil do roinnt comhlachtaí Stáit, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus Bord Bia.
- Sholáthair baill foirne an Údaráis ionchur i bhforbairt beartais náisiúnta i roinnt réimsí, lena n-áirítear lotnaidicídí, leasacháin, agus cáis phróiseáilte, agus dhréachtaigh siad seasamh náisiúnta ar chlóráití.

### CUSPÓIR 3

**Measúnuithe riosca a bheidh tráthúil, trédhearcach agus bunaithe ar fhianaise ag baint úsáid as na sonraí agus na modhanna is fearr atá ar fáil**

- Rinne an tÚdarás 211 measúnú riosca mar fhreagairt ar na teagmhais sábháilteachta bia i ndáil le rioscaí bitheolaíocha, ceimiceacha, cothaithe agus rioscaí sábháilteachta bia eile.
- Tugadh rannchuidiú faoi chomhairle saineolaithe do na cláir náisiúnta um thaighde riosca, lena n-áirítear na cinn ar *Campylobacter* ar *E. coli* a tháirgeann an tocsain Shiga.

### CUSPÓIR 4

**Bainistíocht riosca agus cumarsáid riosca a stiúradh go héifeachtúil agus go hoscailte chun muinín agus rannpháirtíocht a chur chun cinn**

- Leanann an tÚdarás le tacaíocht a thabhairt do chlár rialaithe *Campalabaictéir* an tionscail maidir le táirgeadh éineola agus an tslabhra maraithe.
- D'fhreastail foireann an Údaráis ar chruinnithe de chuid RASFF an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear Cúnamh agus Comhar Riaracháin/Líonra na Calaoise Bia); agus Cinn um Ghníomhaireachtaí Eorpacha um Shábháilteachta Bhia; Fóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia agus ghlac sé páirt iontu. Ní raibh rannpháirtíocht ar bith le INFOSAN in 2018.

- I rith 2018, rinne an tÚdarás an méid seo a leanas:
  - Thacaigh sé le freagairtí ar ráigeanna *Salmonella* agus *E. coli* véaraicíteatocsaigineach.
  - Sholáthair sé ionchur eolaíoch mionsonraithe do ghrúpa ilghníomhaireachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara mar le heilliú luaidhe i limistéar Bhéal Átha Gabhann Chontae Thiobraid Árann.
  - Chuir sé cur chun feidhme na moltaí ó thuarascáil Choiste Eolaíoch an FSAI, *An Fhéidearthacht atá ann maidir le Trais-Seoladh na Frithsheasmhachta in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh*; ghlac sé páirt i gcomhairliúcháin agus idirphléite Eorpacha agus idirnáisiúnta, ghlac sé páirt sa Choiste Náisiúnta Idirghníomhaireachta maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh.

## CUSPÓIR 5

**Bheith chun tosaigh ar bhagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn ar an tsábháilteacht bia a shainaithint agus a anailísiú, agus nuair is cuí, ar shláine agus ar chothú, lena n-áirítear ar gcomhpháirtíochtaí sa taighde, rialáil agus tionscal a mhéadú**

- Thionóil an tÚdarás, i gcomhair le Food Drink Ireland, dhá chruinniú de chuid an Fhóraim um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn.
- Le linn 2018, thiomsaigh saineolaithe de chuid an Údaráis tosaíochtaí taighde an Údaráis do *safe*food agus chlár um maoiniú taighde bia na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus chuir siad le cláir oibre taighde straitéisí i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann agus sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- Chuir saineolaithe le tionscadail arna maoiniú ag AE Authent-Net, FoodSmartphone agus FoodIntegrity chomh maith.
- I rith 2018, ghlac an tÚdarás páirt i gcruinnithe na ngrúpaí seo a leanas: An Tascfhórsa um Chalaois Bhia, an Tascfhórsa Trasteorann; An Grúpa um Chomhordú na Seicphointí Ilghníomhaireachta; Líonra AE um Chalaois Bhia; Líonra AE maidir le Cúnamh agus Comhar Riaracháin/Líonra na Calaoise Bia (ACC); grúpaí oibre CEN; Cleachtóirí um Fhorfheidhmiú an Dlí AE faoi Bhia (FLEP); oibríocht OPSON VII Europol/INTERPOL; Grúpa Oibre Leictreonacha Codex Alimentarius; na Cinn um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa maidir leis an gcomhrac in éadan na calaoise bia; grúpa na gCeann um Ghníomhaireachtaí Sábháilteachta Bia na hEorpa.
- Lean an tÚdarás dá dhlúth-chomhoibriú leis an EFSA trí rannpháirtíocht ina líonra maidir le haithint rioscaí atá ag teacht chun cinn.

## CUSPÓIR 6

**Neartú agus forbairt a dhéanamh ar rannpháirtíocht le páirtithe náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta um shábháilteacht bia, um shláine agus um chothú de réir mar is cuí, chun seachadadh comhairle láidre a chinntiú agus chun taca a chur faoi chinnteoireacht**

- In 2018, rinne an tÚdarás an méid seo a leanas:
  - D'fhreastail sé ar Fhóram Comhairleach an EFSA agus ghlac sé páirt ann.
  - Ghlac sé páirt ghníomhach i 13 chruinniú líonra sna réimsí maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, measúnú ar riosca micribhitheolaíochta, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, bianna núíosacha agus an RASFF, le 12 aighneacht agus trí chur i láthair.
  - Thacaigh sé le hobair an Choimisiúin Codex Alimentarius agus na gCoistí Codex Alimentarius maidir le Sláinteachas Bia, Breiseáin Bhia, Cigireacht agus Deimhniúchán Iompórtála agus Easpórtála Bia, Cothú agus Bianna le haghaidh Úsáidí Speisialta Cothaithe.
  - Thacaigh sé le hobair an Choimisiúin Idirnáisiúnta maidir le Sonraíochtaí Micribhitheolaíochta do Bhianna trí fhreastal ar chruinniú an Choimisiúin Idirnáisiúnta maidir le Sonraíochtaí Micribhitheolaíochta do Bhianna, agus rinne sé bainistíocht ar thascanna eagarthóireachta san athbhreithniú ar *Mhicribhitheolaíocht i mBia 7*. Rinneadh óstáil an tsuímh ghréasáin don Choimisiún Idirnáisiúnta maidir le Sonraíochtaí Micribhitheolaíochta do Bhianna a aistriú chuig an Údarás agus uaslódáladh nuashonruithe ina dhiaidh sin.
  - Ghníomhaigh sé mar Phointe Fócais leis an EFSA agus le 13 ghníomhaireachtaí náisiúnta hAirteagal 36. D'fhreastail sé ar Fhóram Comhairleach an EFSA agus ghlac sé páirt ann.
  - Chuir sé le caibidil chomh maith ar ailléirginí bia do leabhar dar teideal *Introduction to Human Nutrition*.
  - Rinne sé bogearraí agus ábhair oiliúna MenuCal a uasghrádú, agus d'oibrigh sé le foireann na Cumarsáide chun úsáid na mbogearraí i dtionscal an bhia a chur chun cinn.

# Sprioc 3

## Timpeallacht a chruthú ina bhfuil Éire ina ceannaire dílis agus aitheanta sa tsábháilteacht agus sa tsláine bia

Cuireann cúig phríomhchuspóir taca faoin sprioc sin, agus bhain an tÚdarás an méid seo a leanas amach i gcoinne na gcuspóirí sin in 2018:

### CUSPÓIR 1

**Cumarsáid maidir lena gcuid oibre a dhéanamh go hoscailte, go héifeachtach agus go pras chun muinín a chothú agus chun tacú le sábháilteacht bia, agus de réir mar is cuí, sláine agus cothú**

- Dhéileáil an tÚdarás le 220 fiosrúchán ó na meáin le linn 2018; agus rinneadh iad ar fad a bhainistiú ar mhodh tráthúil agus cuireadh faisnéis chruinn ar fáil do na meáin.
- D'fhoilsigh an tÚdarás 21 preaseisiúint meán, lena n-áirítear preaseisiúint míosúil na nOrduithe Forfheidhmiúcháin.
- Chuir an tÚdarás plean i bhfeidhm chun lá cuimhneacháin 20 bliain na heagraíochta a cheiliúradh, lena n-áirítear urraíocht Ghradam Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag Taispeántas Eolaithe Óga agus na Teicneolaíochta BT 2019 agus eagrú comhdhála eolaíochta um shábháilteacht bia agus comhdháil do chigirí sábháilteachta bia in 2019.
- Cuireadh foireann an FSAI cuir i láthair ag ceithre chomhdháil nó imeacht náisiúnta eolaíochta agus sé chomhdháil nó imeacht idirnáisiúnta eolaíochta, agus ag seimineár náisiúnta maidir le seicheamhú géanóim iomláin a d'eagraigh an FSAI chomh maith.
- Óstáladh dhá cheardlann rialála san FSAI don mhic léinn iarchéimí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tugadh réamheolas na ceardlanna do mhic léinn mar an FSAI agus an dlí faoi bhia.
- D'fhorbair an FSAI ceacht teagaisc don tionscnamh 'Eolaíocht agus Teicneolaíocht i nGníomh' chomh maith chun méadú a dhéanamh ar ghlacadh STEM ar an dara leibhéal.
- Thug foireann an FSAI 22 léacht i gceithre institiúid ardoideachais agus cruthaigh siad Comhaltacht Newman sa réimse um micribhitheolaíocht mhóilíneach ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, arna mhaoiniú ag an FSAI. Comhaontaíodh an clár deiridh le haghaidh comhdháil eolaíoch an FSAI 2019 chomh maith.
- Bhí ardán faisnéise ag an FSAI agus sholáthair sé comhairle do pháirtithe leasmhara ag roinnt imeachtaí náisiúnta.
- Thionóil an FSAI dhá 'Breakfast Bites', ceardlann oideoirí, agus ceardlann do shaotharlanna maidir leis na rialacha le haghaidh sampláil agus tástáil mhicribhitheolaíochta. Chomhoibrigh sé chomh maith le níos mó ná 30 gníomhaireacht Stáir don imeacht 'Taking Care of Business'.

### CUSPÓIR 2

**Caighdeáin a leagan síos atá praiticiúil agus a aithnítear ar bhonn domhanda agus clár chun na caighdeáin sin a bhaint amach a chur chun feidhme**

- Forbraíodh bileoga sábháilteachta bia ar einsímí bia agus ar dheatú bianna, chomh maith le treoir maidir le seilfré, agus sholáthraíodh ionchur d'Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann dá nuashonrú ar chaighdeáin I.S. 342 thionscal an bhia.
- Rinneadh cúig bhileog eolais maidir le guaiseacha sábháilteachta bitheolaíochta a nuashonrú ar shuíomh gréasáin an FSAI mar aon le bileog eolais ar fhaisnéis hiostaimíní i mbia agus treoir mhionsonraithe ar conas is féidir le hoibreoirí gnólachta bia cloí leis an reachtaíocht maidir le critéir mhicribhitheolaíocht (Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún maidir le critéir mhicribhitheolaíochta le haghaidh bia-ábhar).
- Sholáthair foireann an Údaráis athbhreithniú teicniúil ar obair athfhoirmlithe bia an FDI.
- Rinne foireann an Údaráis bogearraí agus ábhair oiliúna MenuCal a uasghrádú agus thionóil siad feachtas chun úsáid na mbogearraí i dtionscal an bhia a chur chun cinn le haghaidh chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil maidir le lipéadú ailléirgine bianna in ionaid seirbhíse bia agus chun postáil dheonach calraí a éascú.

## CUSPÓIR 3

**Oibriú i gcomhpháirtíocht le grúpaí tacaíochta tomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tomhaltóirí**

- Lean an tÚdarás le hidirchaidreamh le Cumann Céiliaigh na hÉireann i ndáil le feachtas faisnéise faoi ailléirginí an Údaráis.

## CUSPÓIR 4

**Líonra ceannairí a chruthú chun sábháilteacht agus sláine bia a chur chun cinn mar chuid lárnach le haghaidh ráth thionscal bia na hÉireann**

- Tionóladh trí chruinnithe de chuid na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia le linn 2018 agus comhaontaíodh clár oibre úr.
- Tionóladh cruinnithe chomh maith le hionadaithe ó ghnólachtaí bia na hÉireann chun oibriú trí roinnt ceisteanna bainistíochta riosca.
- I rith na bliana, rinne an tÚdarás cathaoirleacht ar roinnt cruinnithe de chuid Fhóram na gCeardaithe, an Fhóraim Mhiondíola, Fhóram na Seirbhíse Bia, an Fhóraim um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn agus an Choiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach.
- Ghlac an tÚdarás páirt i gcruinnithe de chuid Choiste Rialála agus Comhshaoil Food Drink Ireland, agus sholáthair sé nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí rialála an Údaráis.
- Bhuail foireann bainistíochta sinsearaí an Údaráis le líon cuideachtaí chomh maith le linn 2018 maidir le topaicí sonracha go háirithe sa réimse bainistíochta riosca a phlé.

## CUSPÓIR 5

**Forbairt a dhéanamh ar acmhainn agus ar chumas ionas go mbeidh Éire ábalta freagairt a thabhairt ar theagmhas nó ar ghéarchéim bhia náisiúnta nó idirnáisiúnta ar bith agus déileáil go héifeachtúil leo**

- Tugadh faoi roinnt imscrúduithe neamhbheartaithe le linn 2018, rud a mhéadaigh cumas agus inniúlacht an FSAI agus a ghníomhaireachtaí oifigiúla maidir le haghaidh a thabhairt ar riosca sa chóras.
- D'óstáil Ionad Domhanda Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Chiarraí baill foirne an FSAI ar chuairt ar an ionad chun feabhas a chur ar an tuiscint ar bhealaí agus treoracha nuálaíochta.
- D'fhorbairt baill foirne an Údaráis cleachtadh ionsamhlúcháin géarchéime chomh maith a dhéanfar in 2019. Leis sin déanfar measúnú ar chumas an Údaráis agus na ngníomhaireachtaí oifigiúla a bhfreagairt ar theagmhais mhóra chasta sábháilteachta bia a chleachtadh.
- Bhí an fhoireann páirteach chomh maith in dhá chleachtadh ionsamhlúcháin géarchéim Eorpacha, trína forbraíodh ár gcumas déileáil le géarchéimeanna bia Eorpacha trasteorann agus níos mó.

**21**

D'fhoilsigh an tÚdarás 21 preaseisiúint meán, lena n-áirítear preaseisiúint míosúil na nOrduithe Forfheidhmiúcháin.

**I.S. 342**

Sholáthraigh an FSAI ionchur don Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann dá nuashonrú ar chaighdeáin I.S. 342 thionscal an bhia.

# Sprioc 4
## Ár n-eagraíocht a fhorbairt le héiteas a thagann lenár luachanna

Cuireann cúig phríomhchuspóir taca faoin sprioc sin agus in 2018, bhain an tÚdarás an méid seo a leanas amach i gcoinne na gcuspóirí sin:

### CUSPÓIR 1

**Cultúr measa, ionracais agus uirísle a chothú, nach bhfuil neamh-idirdhealaitheach agus a thacaíonn le comhionannas**

- Leanann le hobair ar luachanna an Údaráis a leabú laistigh den fhoireann.
- Chuir an FSAI tús le clár mionsonraithe lenar féachadh le timpeallacht oibre atá dearfach, comhoibríoch agus ardfheidhmiúil a fhorbairt tuilleadh. Áiríodh leis sin suirbhé foirne, ceardlanna téamúla leis na baill foirne ar fad, agus ceannaireacht shinsearach a fhorbairt.
- Thionóil foireann Nuálaíochta an Údaráis líon cruinnithe chun cur chuige an Údaráis maidir le nuálaíocht a fhorbairt tuilleadh.
- Tionóladh cruinnithe rialta Foirne chomh maith le linn 2018, lenar éascaíodh plé ar líon mór ceisteanna a bhaineann leis an bhfoireann.

### CUSPÓIR 2

**Ár bhfoireann a chumhachtú agus a spreagadh chun ár gcuid oibre a sheachadadh go héifeachtúil agus an méid a bhaintear amach a aithint**

- Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais earcaíochta an Údaráis agus bhí earcaíocht ar siúl le linn na bliana ar aon dul leis na ceadanna a fuarthas.
- Tionóladh líon tionscnamh faoi Chreat Sláinte agus Folláine Life@FSAI, arna fhorbairt ag Coiste na Foirne agus arna fhormhuiniú ag an bhFoireann Ceannaireachta Sinsearaí, le linn 2018.
- Tionóladh cruinnithe rialta de chuid an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh an clár oibre bliantúil chun feidhme. Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta iniúchadh le linn na bliana, agus fuarthas i ngleic le ceisteanna i ndáil le torthaí iniúchóireachta.
- In 2018, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar an gcóras reatha um bainistíocht feidhmíochta. Rinneadh an córas a athbhreithniú agus cuireadh próisis úra i bhfeidhm de réir a chéile.
- D'óstáil an tÚdarás líon mac léinn i rith na bliana ar fud na réimsí feidhmiúla go léir.
- Cuireadh suirbhé ar an Líne Chomhairle i gcrích in 2018 chun sásamh custaiméirí a fháil amach. Cuireann aiseolas san áireamh chun feabhas a chur ar an tseirbhís.

### CUSPÓIR 3

**Tiomantas do chumarsáid níos fearr, feabhas leanúnach, forbairt inniúlachta agus deiseanna nuálacha a chruthú**

- Le linn na bliana, tionóladh cruinnithe rialta foirne agus seimineáir ráithiúla foirne. Lena chois sin, tháinig an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí le chéile dhá uair in aghaidh na míosa ar an meán chun plé a dhéanamh ar cheisteanna agus cinntí a dhéanamh ar phríomhréimsí don eagraíocht. Tionóladh cruinnithe réimsí feidhmiúla, foirne agus tionscadal chomh maith leis na foirne ar fad ar bhonn míosúil.
- Leanfar le córas úr Inlín an Údaráis, 'Our Space' a úsáid i ndiaidh a chur i bhfeidhm in 2017.
- Tugadh faoi anailís ar bhearnaí i scileanna chomh maith le pleananna foghlama agus forbartha foirne chun pleananna do riachtanais na heagraíochta amach anseo.
- Tionóladh líon seisiún faisnéise tionscadal le linn na bliana. Aithnítear seisiúin faisnéise tionscadal mar phríomhshásra chun gníomhaíochtaí na heagraíochta nach mbeadh siad bainteach go díreach leo a chur in iúl don fhoireann.

## CUSPÓIR 4

**Seachadfaimid córas láidir um rialachas corparáideach chun cuntasacht, trédhearcacht agus luach poiblí a chinntiú.**

- Feidhmíonn an FSAI faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Lean an FSAI, faoi threoir ón mBord, le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCód, comhlíonadh an Chóid a chinntiú agus tuairisc a thabhairt maidir le comhlíonadh an Chóid. Comhaontaíodh Comhaontú um Maoirseacht/a Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte.
- I ndiaidh athbhreithniú ar cuireadh tús leis in 2017, chuir an tÚdarás Beartas úr um Bainistíocht Riosca, agus Clár Rioscaí chun feidhme, agus chuir sé tús le leabú na bainistíochta riosca i ngach gné de phleanáil, de sheachadadh agus d’athbhreithnithe gnó.
- Forbraíodh straitéis 2019–2023 an Údaráis i ndiaidh próiseas suntasach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ina raibh painéal neamhspleách seachtrach saineolaithe idirnáisiúnta páirteach.
- Forbraíodh an plean cur chun feidhme do 2019 chomh maith agus cuireadh chuig an Roinn Sláinte le haghaidh comhairliúcháin agus comhaontaithe.
- Rinneadh plean gnó 2018 a sheachadadh go suntasach faoi dheireadh na bliana agus tuairiscíodh maolú ar bith ón bplean bunaidh agus pléadh iad leis an mBord agus leis an Roinn Sláinte mar chuid dá gcruinnithe ráithiúla rialachais.
- Le linn 2018, bhí 29 iarratas um Shaoráil Faisnéise, iarratas amháin faoi Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, agus 20 Ceist Pharlaiminteach ann. Freagraíodh na hiarratais ar fad ar mhodh tráthúil agus de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Rinne an tÚdarás measúnú ar thionchar an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018 chun na gníomhaíochtaí ba cheart don Choimisiún a shainaithint, agus chuir sé tús chomh maith le cur chun feidhme aon bheart/na bearta riachtanacha uile chun comhlíonadh a chinntiú.
- Le linn 2018, rinneadh cúig nochtadh cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

## CUSPÓIR 5

**Córais bainistíochta a chur chun feidhme agus a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas ár bhfoirne na ceanglais dhlíthiúla agus rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh agus a shárú**

- Tháinig réiteach bainistíochta doiciméad a seoladh in 2017 agus beidh sé i bhfeidhm go hiomlán in 2018.
- Oibríonn an FSAI córas bainistíochta gnó chun comhlíonadh na heagraíochta maidir leis an gCód Cleachtais (2016) agus maidir le ISO 9001:2015 a chinntiú, agus ionas go ndéanfar rioscaí agus deiseanna a shainaithint agus ionas go dtabharfar aghaidh orthu. I ndiaidh iniúchadh seachtrach, baineadh deimhniúchán ar chaighdeán ISO 9001:2015 amach le linn 2018.
- Rinneadh beartas AD an Údaráis a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun comhlíonadh na reachtaíochta agus an dea-chleachtais fostaíochta a chinntiú.
- Cuireadh córas bainistíochta gnó dea-chleachtais, cuimsitheach chun feidhme san Údarás in 2018.

**2019–2023**

Forbraíodh straitéis 2019–2023 an Údaráis i ndiaidh próiseas suntasach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ina raibh painéal neamhspleách seachtrach saineolaithe idirnáisiúnta páirteach.

# Sprioc 5
## Cur chuige 'digital-first' a ghlacadh chun inrochtaineacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a uasmhéadú

Cuireann cúig phríomhchuspóir taca faoin sprioc sin; in 2018, bhaineamar an méid seo a leanas amach i gcoinne na gcuspóirí sin:

### CUSPÓIR 1

**Córais chliste agus spriocdhírithe faisnéise a fhorbairt chun cumarsáid a fheabhsú, sruthanna oibre agus seachadadh seirbhíse a phróiseáil**

- Rinneadh feidhmchláir forbartha bogearraí chun tacú le gníomhaíochtaí gnó a nuashonrú in 2018 chun freastal ar riachtanais ghnó a bhí ag méadú agus ag athrú.
- Rinneadh suíomh gréasáin an Údaráis, www.fsai.ie, a nuashonrú agus a chothabháil go rialta lena chinntiú go raibh sé cothrom le dáta agus inrochtana ar gach gléas do gach úsáideoir.
- Cuireadh cur chun feidhme Straitéis Sonraí an FSAI in 2018, lena n-áirítear trádstóras sonraí a thógáil.
- Rinneadh réitigh anailíseacha agus seachadta tuarascálacha Nithe Gnó SAP a uasghrádú lena bhfeidhmiúlacht a fheabhsú agus freastal ar riachtanais mhéadaithe gnó..
- Baineadh rannpháirtíocht ghníomhach dhá bhealach lenár bpáirtithe leasmhara amach le méadú leantóirí ar na meáin shóisialta amhail Facebook, le 12,114 leantóir (2017=8,519); Twitter, le 7,663 leantóir (2017=5,614); agus LinkedIn, le 12,272 leantóir (2017=9,741).
- Cuireadh réiteach Wi-Fi corparáideach láidir chun feidhme d'fhoireann agus cuairteoirí an FSAI.
- Rinneadh críobhonneagar TF a uasghrádú, agus ar a an tslí sin cinntítear go bhfuil an FSAI ag baint úsáid as na bogearraí is sláine agus is cobhsaí laistigh dá thimpeallacht TF.
- Seachadadh a thionscadail slándála chun bagairtí cibearshlándála a mhaolú mar atá mionsonraithe laistigh de Chlár Riosca an FSAI.
- Chuir an FSAI uasghrádú um chóras fleisc-ama agus tinrimh chun feidhme, lena n-áirítear teirminéil úrscothacha, a sholáthraíonn bealaí níos éifeachtaí d'fhoireann an FSAI chun tinreamh agus saoire oifige a bhainistiú, arna cheangal le Treoir an AE um Am Oibre.
- Rinneadh feabhsuithe ar na seirbhísí closamhairc, lena n-áirítear córas áirithintí leictreonacha do sheomraí cruinnithe lena seachadfar éifeachtacht eagraíochta.

### CUSPÓIR 2

**Feabhas a chur ar an dóigh a mbailímid sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht inar n-oibrímid agus bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht**

- In 2018, cuireadh roinnt tionscadal TF i gcrích lenar tacaíodh le Straitéis Sonraí an FSAI. Rinneadh sonraí isteach a bhailiú, a aicmiú agus a bhainistiú, agus soláthraíodh tuarascálacha tráthúla do na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Tá acmhainní leabharlainne an Údaráis ar fáil don fhoireann agus d'úsáideoirí seachtracha, agus rinneadh measúnú ar na hacmhainní leictreonacha uile agus tugadh cothrom le dáta iad ar aon dul le riachtanais na heagraíochta.
- Freagraíodh gach fiosrúchán chuig an Líne Chomhairle ar aon dul le Cairt Custaiméirí an Údaráis.
- Mar thoradh ar shuirbhé ar líne maidir le riachtanais custaiméirí agus measúnú na Líne Comhairle, a rinneadh in 2016, bhí béim níos straitéisí á cur ar theachtaireachtaí scríofa lenár gcustaiméirí in 2017 agus 2018.
- Lean an FSAI le Bunachar Sonraí na Mear-rabhadh (DORA) a fhorbairt, a úsáidtear chun rabhaidh agus fógraí bia a bhainistiú agus a chur i dtoll a chéile. An toradh air sin ná córas lenar soláthraíodh feidhmiúlacht agus éifeachtúlacht oibriúcháin feabhsaithe.

## CUSPÓIR 3

**Tuilleadh feabhais a chur ar inrochtaineacht agus rannpháirtíocht custaiméirí trí úsáid na teicneolaíochta**

- Thacaigh an fhoireann TF le nuashonrú a dhéanamh ar na príomhbunachair shonraí a theastaíonn ón Údarás chun a fheidhmeanna a dhéanamh.
- Chuir an tÚdarás an córas fógraí bia athfhorbartha chun feidhme ar aon dul leis na prionsabail atá sainithe laistigh de Straitéis Sonraí an FSAI. Leis an gCóras úr um Fhógraí Bia tairgtear feidhmiúlacht fheabhsaithe don úsáideoir deiridh agus cuimsítear ann sainchúram níos láidre maidir le gabháil faisnéise fógraí ar fhorbhianna agus ar bhianna le haghaidh grúpaí speisialta.
- Níl an tÚdarás ag baint úsáid as a oiread páipéir ina ghnáthghníomhaíochtaí laethúla a chumasaítear trí chur chun feidhme iomlán an chórais bainistíochta doiciméad a éascaítear trí Inlíon an Údaráis, 'Our Space'.

**12,114**

Tháinig méadú ar leantóirí Facebook ó 8,519 go 12,114.

**7,663**

Tháinig méadú ar leantóirí Twitter ó 5,614 go 7,663.

**12,272**

Tháinig méadú ar leantóirí LinkedIn ó 9,741 go 12,272.

## CUSPÓIR 4

**Leas a bhaint as teicneolaíocht mar bhonn le haghaidh na nuálaíochta**

- I ndiaidh an tseimineáir ar nuálaíocht le Coiste na Foirne in 2017, d'oibrigh an Fhoireann nuálaíochta i dtreo an nuálaíocht a leabú mar chroíluach laistigh de ghníomhaíochtaí an Údaráis don todhchaí.
- Leanann an tÚdarás le húsáid a bhaint as seimineáir ghréasáin, uirlisí ríomhfhoghlama agus MenuCal mar uirlisí nuálacha chun comhlíonadh na reachtaíochta faoi bhia a mhéadú.
- D'fhorbair an tÚdarás a úsáid den teicneolaíocht seimineár gréasáin tuilleadh chun cuir i láthair agus cleachtaí oiliúna a thaifeadadh. I measc samplaí de sheimineáir ghréasáin tá úsáid as seicliostaí breiseán bia agus doiciméad CC ar Chigireachtaí Áitreabh na nGníomhaireacht Oifigiúla via SafetyNet, Inlíon na gcigirí sábháilteachta bia arna reáchtáil ag an Údarás.
- Rinneadh an córas fógra forbhianna a uasghrádú, rud a fhágann go bhfuil sé níos fusa agus níos éifeachtaí do ghnólachtaí bia agus d'oifigigh na meabharshláinte é a úsáid.
- Chuir an tÚdarás tionscadal i gcrích lenar cuireadh chun feidhme néal-teicneolaíochtaí úrscothacha chun uasghrádú bogearraí agus crua-earraí cliaint a chuimsiú. Leis an tionscadal méadaítear éifeachtúlacht agus iontaofacht agus laghdaítear costas na n-oibríochtaí agus rialachas ríomhaireachta á fheabhsú.

## CUSPÓIR 5

**Iniúchadh a dhéanamh ar Olltiomsú Sonraí chun cuidiú linn ár bpost a dhéanamh ar bhealach níos fearr**

- In 2018, rinne an tÚdarás iniúchadh ar roinnt foinsí sonraí seachtracha maidir le hidir-inoibritheacht le bunachair shonraí, i gcomhréir le Straitéis Sonraí an Údaráis.

# **Aguisín 1** Comhaltaí na bhfóram tionscail

## FÓRAM NA gCEARDAITHE, 2018

**An tUasal John Matthews (Cathaoirleach)**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**Darina Allen, Uasal**
Scoil Chócaireachta Bhaile Mhaolmhuaidh
(Ballymaloe Cookery School)

**Sally Barnes, Uasal**
Woodcock Smokery

**An tUasal Eoin Bird**
The Wooded Pig

**An tUasal John Brennan**
An tIonad Orgánach

**An tUasal Kevin Brennan**
Teagasc

**Jeffa Gill, Uasal**
Cáis Durrus

**An tUasal Michael Gleeson**
Beachaire

**An tUas. Michael Healy**
Saineolaí Géime

**An tUasal Rupert Hugh-Jones**
Feirmeoir agus Micreaghrúdair

**Simone Kelly, Uasal**
The Rocket Man Cafe

**An tUasal Sean Kent**
Saineolaí ar Éanlaith Chlóis

**An tUasal Donal Lehane**
Food NPD Teo

**An tUasal Hugh Maguire**
Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann

**Jane Murphy, Uasal**
Cáis

**An tUasal Mary Regan**
Regan's Organic Poultry

**Dearbhla Reynolds, Uasal**
The Cultured Club

**An tUasal Declan Ryan**
Arbutus Bread

**Elisabeth Ryan, Uasal**
Raw Milk Ireland

## AN FÓRAM SEIRBHÍSE BIA, 2018

**Dorothy Guina-Dornan, Uasal (Cathaoirleach)**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**Lana McGinn, Uasal**
Gather and Gather

**Louise Collins, Uasal**
Eddie Rocket's (IRL) Limited

**An tUasal Pat Crotty**
Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann

**An tUasal Adrian Cummins**
Cumann Bialann na hÉireann

**An tUasal Martina Donohue**
Aramark

**An tUasal Adam Heyes**
Subway Ireland

**Louise Hickmott, Uasal**
McDonald's Restaurants of Ireland

**Mary Flynn, Uasal**
Cumann Bainistíochta Lónadóireachta na hÉireann

**An tUasal Conor O'Kane**
Irish Hotels Federation/Clayton Hotels

**An tUasal Pat O'Sullivan**
Seirbhís Phríosúin na hÉireann

**Manuela Spinelli, Uasal**
Euro-Toques Ireland

## AN FÓRAM MIONDÍOLA, 2018

**Dorothy Guina-Dornan, Uasal (Cathaoirleach)**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Ray Bowe**
Musgrave Retail Partners

**An tUasal Stephen Browne**
Retail Ireland/Ibec

**Katie Creamer, Uasal**
Aldi

**Ms Tara Buckley**
Retail Grocery Dairy & Allied Trades Association (RGDATA)

**Rachel Moran, Uasal**
Avoca

**An tUasal Gareth Coburn**
Pallas Foods

**Mary Daly, Uasal**
Dunnes Stores

**An tUasal Elaine Clohosey**
BWG Foods

**An tUasal Jonathan Halls**
Boots

**Aoife Noonan, Uasal**
Lidl Ireland

**Lynda Kenny, Uasal**
Musgrave Wholesale/Daybreak

**An tUasal Rob McEvoy**
Circle K

**Aisling McGough, Uasal**
Tesco, Éire

**Sharon Murphy, Uasal**
Barry Group

**Caroline O'Connor, Uasal**
Gala Retail

**Trish Twohig, Uasal**
Iceland Foods

**An tUasal Peter Wight**
Marks & Spencer

## AN COISTE SÁBHÁILTEACHTA SLIOGIASC MOILEASCACH, 2018

**An tUasal David Lyons (Cathaoirleach)**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Dave Clarke/an tUasal Bill Doré/an tUasal Conor Duffy/an Dr Jeffrey Fisher/an Dr Sinéad Keaveney/an tUasal Joe Silke**
Foras na Mara

**Patricia Daly, Uasal/Vicky Lyons, Uasal**
Bord Iascaigh Mhara

**An tUasal Paul Duane/an tUasal Brian Nolan/ an tUasal Bernard O'Donovan/an Dr Micheál O'Mahony/Aileen O'Sullivan, Uasal**
an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

**An tUasal Richie Flynn (suaimhneas síoraí dá anam uasal)/An tUasal John Harrington/an tUasal Ray Harty/ an tUasal Pat Mulloy/an tUasal Finian O'Sullivan**
Cumann Sliogéisc na hÉireann agus an Tionscal Próiseála

**Valerie Hannon, Uasal/Kate Harrington, Uasal/Maeve O'Reilly, Uasal**
Uisce Éireann

**An tUasal Paul Hickey**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Sarah McLean**
Gníomhaireacht na Loch

**Maria Meghen, Uasal**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Liam Ó Súilleabháin**
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

*Ba mhaith leis an Údarás bás brónach an Uasail Richie Flynn, Feidhmiúcháin Dobharshaothraithe IFA in 2018 a admháil.*

# **Aguisín 2** Comhaltaí na bhFochoistí Eolaíocha

## AN FOCHOISTE SÁBHÁILTEACHTA BITHEOLAÍOCHTA, 2018

**An Dr Geraldine Duffy (Chathaoirleach)**
Teagasc

**An Dr Declan Bolton**
Teagasc

**An tOllamh Martin Cormican**
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**An Dr Bill Doré**
Foras na Mara

**Catherine Foye, Uasal**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Patricia Garvey**
An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte

**An Dr John Griffin**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Bernadette Hickey, Uasal**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Kieran Jordan**
Teagasc

**An tOllamh Simon More**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Eleanor McNamara**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Joanne O'Gorman**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Micheál O'Mahony**
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

**An Dr Helen O'Shea**
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

**An Dr Margaret O'Sullivan**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Ray Parle**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Kilian Unger**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Theo de Waal**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Paul Whyte**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tUasal Vincent Young**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## AN FOCHOISTE SÁBHÁILTEACHTA CEIMICEÁN, 2018

**An Dr Michael O'Keeffe (Chathaoirleach)**
Saineolaí Iarmhar

**An Dr Gabriel Beechinor**
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte

**An tUasal Alan Breen**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Finbar Brown**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Nigel Brunton**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Claire Chambers**
Saineolaí Tocsaineolaíochta

**Catherine Cosgrove, Uasal**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Enda Cummins**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Martin Danaher**
Teagasc

**An Dr Edel Duggan**
Ospidéal Beaumont

**An tUasal John Keegan**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tOllamh Joe Perry**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr Ita Kinahan**
Saotharlann Stáit

**An Dr Evin McGovern**
Foras na Mara

**An Dr Declan McKernan**
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**An Dr Tara McMorrow**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Breige McNulty**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr John Moriarty**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Joe Silke**
Foras na Mara

## AN FOCHOISTE UM CHOTHÚ NA SLÁINTE POIBLÍ, 2018

**Ita Saul, Uasal (Cathaoirleach)**
Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (éirithe as)

**An Dr Teresa Bennett**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Clare Corish**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tOllamh Albert Flynn**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr Eileen Gibney**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tOllamh Mairead Kiely**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An tOllamh Barbara Livingstone**
Ollscoil Uladh (éirithe as)

**An tOllamh Fionnuala McAuliffe**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Sinéad McCarthy**
Teagasc

**An tOllamh Malachi McKenna**
Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

**An tOllamh Helene McNulty**
Ollscoil Uladh

**An Dr Emeir McSorley**
Ollscoil Uladh

**An Dr Anne Nugent**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Claire O'Brien**
Institiúid Cothúcháin agus Diaitéitice na hÉireann

**An Dr Dilip Rai**
Teagasc

**An Dr Janette Walton**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**An tOllamh Mary Ward**
Ollscoil Uladh

**An Dr Katherine Younger**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
(Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

## FOCHOISTÍ AD HOC AR AILLÉIRGINÍ

**An tUasal Ray Parle (Cathaoirleach)**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Padraig Burke**
Saotharlanna an Anailísí Phoiblí, Gaillimh

**An Dr Orla Cahill**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
(Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

**An Dr Ruth Charles**
Ciaitéiteach Comhairleach Péidiatrach

**An Dr Cristina Arroyo-Casabona**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr James McIntosh**
*safe*food

**An Dr Pat O'Mahony**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
(Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

**An Dr Ciara Walsh**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
(Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

## FOCHOISTÍ AD HOC AR THEICNEOLAÍOCHT ATÁ AG TEACHT CHUN CINN MAIDIR LE PRÓISEÁIL BIA

**An Dr Mark Fenelon (Cathaoirleach)**
Teagasc

**An Dr PJ Cullen**
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
(Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)

**An Dr Geraldine Duffy**
Teagasc

**An tOllamh Alan Kelly**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr James Lyng**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Karl McDonald**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tOllamh Brian McKenna**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (éirithe as)

**An Dr Michael O'Keeffe**
Saineolaí ar Iarmhair

**An Dr Seamus O'Mahony**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr Pat O'Mahony**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tOllamh Brijesh Tiwari**
Teagasc

**An Dr Cristina Arroyo-Casabona**
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

# **Aguisín 3** Ráiteas faoi leasanna na gcomhaltaí Boird, an Phríomhfheidhmeannaigh, agus chomhaltaí an Choiste Eolaíoch

**Don 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018**

| Comhalta Boird | Leasanna Tráchtála | | Leasanna Neamhthráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ainm na heagraíochta** | **Cineál leasa** | **Ainm na heagraíochta** | **Cineál leasa** |
| An tUasal Ciaran Byrne | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| Mary Cullen, Uasal | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tUasal Derek Cunningham | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tOllamh Albert Flynn | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tOllamh Michael Gibney (tionacht ar an mBord críochnaithe an 7 Feabhra 2018) | Ionad Taighde Nestlé<br>Cereal Partners Worldwide<br>Keelen & Co | Sainchomhairleoireacht<br>Sainchomhairleoireacht<br>Sainchomhairleoireacht | Institiúid Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Beatha (ILSI), an Eoraip | Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin |
| An tUasal Martin Higgins | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| Margaret Moran, Uasal | Gan leas ar bith | – | Arthur Cox Solicitors | Tá ball teaghlaigh amháin fostaithe faoi láthair mar aturnaetha ag Arthur Cox, na comhairleoirí reatha dlí don FSAI |
| Ros O'Shea, Uasal | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Susan Quinn | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tOllamh Patrick Wall | Aryzta<br>Saotharlanna Bainne Neamhspleácha<br>Maperath Management Ltd<br>Coláiste na hEorpa um Shláinte Phoiblí Tréidliachta<br>Agri Aware<br>Dawn Farm Foods<br>Moypark Poultry<br>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mar agus Páirtithe Leasmhara Tionscail na hÉireann | Scaireanna<br>Cathaoirleach<br>Stiúrthóir<br>Stiúrthóir<br>Ball den bhord<br>Ball den Choiste Comhairleach Eolaíoch<br>Comhalta den Phainéal Comhairleach ar Shábháilteacht Bia agus an Chomhairle um Maoirseacht Antaibheathach<br>Chathaoirleach, Campalabaictéar agus Grúpa Páirtithe Leasmhara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Scrúdanóir Neamhspleách Scrutineer le haghaidh rialuithe oifigiúla sa réimse maidir le shábháilteacht bhia agus leas ainmhithe |
| **An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | | | | |
| An Dr Pamela A Byrne | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |

| Comhalta den Choiste Eolaíoch | Leasanna tráchtála | | Leasanna neamhthráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ainm na heagraíochta:** | **Cineál leasa** | **Ainm na heagraíochta** | **Cineál leasa** |
| Paula Barry Walsh, Uasal | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tOllamh Kevin Cashman | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr PJ Cullen | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Geraldine Duffy | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Mark Fenelon | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | Gan leas ar bith |
| An tOllamh Albert Flynn | Gan leas ar bith | – | Institiúid Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Beatha (ILSI), an Eoraip | Comhalta, An Bord Stiúrthóirí |
| An tUasal John Keegan | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tOllamh Brian McKenna | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Eleanor McNamara | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tOllamh Simon More (chuaigh sé ar scor in 2018) | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Michael O'Keeffe | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Margaret O'Sullivan | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An tUasal Redmond (Ray) Parle | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| An Dr Donal Sammin | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |
| Ita Saul, Uasal | Gan leas ar bith | – | Gan leas ar bith | – |

# **Aguisín 4** Beathaisnéisí na gcomhaltaí Boird

1


2


3


4


5


6


7


8


9


**1.** An tUasal Martin Higgins

**2.** An tUasal Ciaran Byrne

**3.** Mary Cullen, Uasal

**4.** An tUasal Derek Cunningham

**5.** An tOllamh Albert Flynn

**6.** Margaret Moran, Uasal

**7.** Ros O'Shea, Uasal

**8.** An Dr Susan Quinn

**9.** An tOllamh Patrick Wall

**1. An tUasal Martin Higgins (Cathaoirleach)**

Bhí Martin ina Phríomhfheidhmeannach bunaidh de *safe*food, an bord uile-oileáin um chur chun feidhme na sábháilteachta bia, agus stiúir sé an eagraíocht óna bunú in 1998 go dtí gur éirigh sé as in 2014. Roimhe sin ba é an chéad Stiúrthóir ar na Seirbhísí Corparáideacha in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), agus bhí sé ina Phríomhoifigeach roimhe sin sa Roinn Sláinte, ag sainfheidhmiú i gcúrsaí airgeadais agus i rialachán gníomhaireachtaí sláinte. Tá cáilíochtaí gairmiúla aige sa chuntasaíocht, rialachán idirnáisiúnta agus rialachas agus is idirghabhálaí cáilithe agus cóitseálaí feidhmiúcháin agus ceannaireachta é. Tá sé ina Chomhalta ar an Institiúid Bainistíochta Cairte. San am a chuaigh thart bhí sé ina chomhalta boird ar Bhord Leigheasra na hÉireann agus ar Coru – rialtóir na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. In 2015 ceapadh é ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann. Déanann sé cathaoirleacht faoi láthair ar Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Phleanála agus suíonn sé ar choistí ComReg, an Boird Taighde Sláine agus Oifig Staidrimh na hÉireann.

**2. An tUasal Ciaran Byrne**

D'fhóin an tUasal Ciaran Byrne mar chomhalta d'Fhóram Sláinte Réigiúnach FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt (2009–2011), d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (2011–2014) agus den Choiste Bainistíochta Riosca. Agus é ina ionadaí poiblí ar Chomhairle Contae Fhine Gall (2001–2014), bhí sé ina Mhéara in 2009/10, ina chomhalta de Choiste Iniúchóireachta na Comhairle (2011–2014), agus ina chomhalta den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Forbartha Contae Fhine Gall (2004–2009). Bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Ceannairí Fhine Gall 2009–2011. Bhí sé ina chomhalta bunaidh ar Bhord Fhiontraíocht agus Ionad Oiliúna Bhaile Brigín 2000–2014. D'oibrigh sé sa tSeirbhís Dheonach Thar Lear (Voluntary Service Overseas) i Londain, in innealtóirí bogearraí Glockenspiel agus mar chomhpháirtí i gcomhairleoirí bainistíochta STS i mBaile Átha Cliath. Iarchéime is ea e de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Staidéar Eacnamaíoch agus Sóisialta) agus tá céim mháistir aige san eolaíocht, sna healaíona agus sna meáin ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

**3. Mary Cullen, Uasal**

Cuntasóir cairte is ea Mary Cullen, uasal. D'fhreastail sí ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath áit ina ndearna sí staidéar ar Staidéar Gnó, Eacnamaíochta agus na Staidéir Shóisialta (BESS) agus thosaigh sí ag obair le Price Waterhouse, PwC anois, ina dhiaidh sin. Bhí roinnt ról bainistíochta sinsearaí aici le PwC, lena n-áirítear freagracht as cúrsaí Rúnaíochta Comhpháirtíochta agus Cuideachta agus gnóthaí Páirtithe. Tá sí ina comhalta de Bhord Forais an RDS agus ina Comhalta Boird ar Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath. Roimhe sin, bhí sí ina Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí, Baile Átha Cliath agus Comhalta Boird d'Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath.

**4. An tUasal Derek Cunningham**

Is comhairleoir cumarsáide é an tUasal Derek Cunningham. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney agus ina Cheann Cumarsáide le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Is iar-iriseoir é le teilifís agus raidió RTÉ. Is iarchéimí é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhóin sé ar Ghrúpa Comhairleach de chuid Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana/ Éisteachta RTÉ.

**5. An tOllamh Albert Flynn**

Tá an tOllamh Albert Flynn, BSc, PhD (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) ina Ollamh sa Chothú ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh. D'fhóin sé ar dhámh na hOllscoile ó 1981 agus ó 1993 go 1996 bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na hEolaíochta & Teicneolaíochta Bia. Rinne sé a lán foilseachán ar chothú an duine, ar an tsláinte phoiblí agus ar shábháilteacht bhia, maidir le raon topaicí lena n-áirítear iontógáil agus stádas grúpaí daonra, measúnú riosca um shábháilteacht bhia, foirtiliú bia agus measúnú idir riosca is tairbhe ar chothaithigh. Tá taithí fhairsing aige maidir le comhairle eolaíoch a sholáthar ar cheisteanna maidir le cothú an duine agus sábháilteacht bia a bhaineann le beartas agus rialú bia. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhóin sé fosta mar chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, agus mar Chathaoirleach ar a Phainéal um Tháirgí Diaitéitice, Cothú agus Ailléirgí ó 2003 go 2012 agus mar chomhalta de Choiste Eolaíoch an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bia ó 1997 go 2003. Athcheapadh an tOllamh Flynn sa Bhord an 21 Aibreán, 2015.

**6. Margaret Moran, Uasal**

Bhí Margaret Moran, Uasal ina gCeann ar an Rannóg Eacnamaíocht Bhaile agus ina Léachtóir ar an Staidéar Bia in iar-Choláiste Oideachais Naomh Caitríona um Eacnamaíocht Bhaile. Chuir sí seirbhísí comhairleacha ar fáil le blianta fad do Fáilte Éireann agus d'oibrigh sí mar Chomhairleoir Bia Réigiúnach le Bord Bia. I measc a cáilíochtaí iarchéimí tá MSc as Talmhaíocht (Eolaíocht Bhia) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Teastas i Sábháilteacht Bhia ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Dioplóma i mBeartas Bia ó City University, Londain, agus Teastais Ardscileanna Cócaireachta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina comhalta den Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Eacnamaíocht Bhaile agus bhí sí ina chathaoirleach roimhe seo ar an gCoiste um Chlár Slándála Bia agus Cothaithe. Cuireann sí seirbhísí comhairleachta ar fáil faoi láthair d'institiúidí agus d'eagraíochtaí éagsúla sa réimse um oideachas do mhúinteoirí, agus breisoideachas agus oide achas do thomhaltóirí.

### 7. Ros O'Shea

Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, neamhspleách is ea an tUasal Ros O'Shea ag a bhfuil punann leathan post sna hearnálacha airgeadais, poiblí agus carthanachta, lena n-áirítear le Bank of Montreal Ireland plc, cisí BlackRoc na hÉireann agus Pieta House. Déanann sí cathaoirleacht chomh maith ar Líonra Alumni PwC in Éirinn. Tá sí ina comhpháirtí bunaidh ar Acorn Governance Solutions, gnóthas comhairleachta a sholáthraíonn comhairle agus oiliúint ceannaireachta maidir le rialachas, cultúr, riosca, comhlíonadh agus sláine gnó, agus tugann sí léachtaí maidir leis na topaicí sin ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, COBÁC, Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus an Institiúid Baincéireachta. Roimh sin, bhain sí sult as gairm feidhmiúcháin thar a bheith rathúil, a mhair beagnach 20 bliain, agus d'oibrigh sí le dhá cheann de na cuideachtaí is mó in Éirinn: CRH plc, áit a raibh sí ina Ceannaire ar Chomhlíonadh agus Eitic Grúpa, agus Smurfit Kappa Group plc. Tá céimeanna baitsiléara agus máistreachta chéad onóracha sa ghnó bainte amach aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Dioplóma sa Rialachas Corparáideach ó Scoil Gnó Iarchéime Smurfit, COBÁC, agus tá sí ina comhlach san Institiúid Cánach agus ina comhlach in Institiúid na gCuntasóirí Cairte, agus oiliúint faighte aice le PwC. Rinne sí an Clár Oiliúnaí Máistreachta ag Foras Bainistíochta na hÉireann (IMI), tá Dioplóma aici in Airgeadas Aerárthaí agus Léasú ó Dhlí-Chumann na hÉireann, tá sí ina hiarchéimí den chlár 'Value Creation through Effective Boards' ag Scoil Ghnó Harvard, agus tá sí ina Stiúrthóir Bainc Deimhnithe arna ainmniú ag an Institiúid Baincéireachta. Lena chois sin, is údar den leabhar í *Leading with Integrity: A Practical Guide to Business Ethics* agus scríobhann sí go rialta sna meáin nuachta agus chloíte ar thopaicí gaolmhara.

### 8. An Dr Susan Quinn

Is léachtóir Sinsearach í an Dr Susan Quinn, MICI, MRSC i Scoil na Ceimice, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Bhain sí a céim onóracha BSc amach in 1997 agus a PhD in 2002 ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus rinne sí staidéar iardhochtúireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ó 2002 go 2005. D'fhóin an Dr Quinn roimhe sin ar údarás rialaithe agus ar choiste airgeadais an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. I Meán Fómhair 2009, thosaigh sí le Scoil na Ceimice agus bhain sí tionacht amach in 2012. Tá a suimeanna taighde sna réimsí maidir le nana-ábhair fheidhmiúla agus ceimic DNA. Fónann sí mar chomhairleoir idirnáisiúnta ar bhord Saoráidí na Lárshaoráidí Léasair, Comhairle Saoráidí Eolaíochta agus Teicneolaíochta (STFC) sa Ríocht Aontaithe agus tá sí ina chomhlachta chomh maith ar Phainéal Comhairleach Eolaíocht na Beatha agus Ábhar Boga de chuid STFC.

### 9. An tOllamh Patrick Wall

Is Ollamh ar an tSláinte Phoiblí é an tOllamh Patrick Wall i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Spóirt, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba é an chéad Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) agus ba é an dara Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Tá sé ina chomhalta ar Choiste Idirnáisiúnta Comhairleach Eolaíoch Ionad Náisiúnta na Síne um Shábháilteacht Bhia agus Riosca Measúnú. Tá sé ina chomhalta de bhord bainistíochta Fhondúireacht Mater agus Agri Aware. Fuair sé cáilíocht sa leigheas tréidliachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus i leigheas daoine i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá Msc aige i ngalair thógálacha ó Ollscoil Londan agus MBA ó Scoil Ghnó IarchéimeMichael Smurfit, COBÁC, agus tá Dioplóma aige sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina thaidhleoir ar Shláinte Phoiblí Tréidliachta Choláiste na hEorpa, ina Chomhalta de Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí in Éirinn, ina Ánra de Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí sa Ríocht Aontaithe agus ina Chomhalta de Choláiste Ríoga na Máinlianna Tréidliachta. Tá sé ina Chathaoirleach ar bhoird bainistíochta na Saotharlann Bainne Neamhspleách agus ar Eachspórt Éireann.

# Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| An Ráiteas um Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 68 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 70 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 72 |
| An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | 74 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018 | 75 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | 76 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 77 |

# An Ráiteas um Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## RIALACHAS

Bunaíodh Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 31 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sé an sainchúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Tá an fhreagracht ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí as gnáthbhainistíocht, gnáthrialú agus gnáththreoir laethúil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ní mór don POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir leathan straitéiseach a leagan an Bord amach, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí i ndáil leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tá obair agus freagrachtaí iad siúd ar fad a bhaineann le feidhmiú an Bhoird leagtha amach sa Chód Chleachtas do na comhaltaí Boird, don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach agus don Rúnaí. Leagtar amach sa Chód chomh maith na cúrsaí a choimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ag an mBord. Áirítear iad seo a leanas ar na buan-ítimí a bhreithníonn an Bord:

- Leasanna a dhearbhú
- Tuarascálacha ó choistí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Cúrsaí coimeádta.

Ceanglaítear ar Bhord an Údaráis leis an Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, Alt 26 (5), ráitis airgeadais a ullmhú agus gach cuntas airgid is cuí agus is gnách a fuair sé agus a chaith sé, a choinneáil i cibé foirm agus modh a fhaomhadh an tAire Sláinte le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibre
- A shonrú cibé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna Ráitis Airgeadais.

Dearbhaíonn an Bord gur chloígh sé leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais imleora a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Is ag an mBord atá an fhreagracht as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sábháilteachta Bia.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar measúnú leanúnach ar fheidhmíocht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoi threoir a phlean gnó bhliantúil agus a bhuiséid bhliantúil. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cóir i ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2018, cé is moite den neamhchomhlíonadh maidir le ceanglais FRS 102 i ndáil le teidlíochtaí sochar scoir, faoi mar a d'ordaigh an tAire Sláinte. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis seo agus na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 an 25 Meitheamh 2019.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus ocht ngnáthbhall, agus cheap an tAire Sláinte iad go léir. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse idir trí bliana agus cúig bliana agus tagann siad le chéile sé uaire in aghaidh na bliana. Sa tábla ar leathanach 69 tugtar eolas maidir leis an tréimhse ceapacháin le haghaidh comhaltaí a bhí ag fónamh le linn na bliana.

D'fhostaigh an Bord speisialtóir neamhspleách i dtús 2018 chun athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar éifeachtúlacht Bhord an FSAI agus a choistí – áiríodh leis sin suirbhé agus agallaimh 1:1. In 2018 rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil a bhí mar thoradh air sin agus shainaithin sé bearta chun a éifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh. Lena chois sin, d'fhaomh an Bord Creat agus Beartas Bainistíochta Riosca in 2018.

Bhunaigh an Bord fochoiste amháin, an **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)** agus **Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán (NCR)**.

Tá an CIR comhdhéanta de thrí chomhalta Boird agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí le haghaidh ceisteanna maidir le riosca, rialú agus rialachas agus árachas bainteach. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach cinntíonn an Coiste go ndéanfar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad comhaltaí an CIR Margaret Moran, Uasal, (Cathaoirleach), an tUasal Ciarán Byrne ar tháinig Ros O'Shea, Uasal ina áit i Meán Fómhair 2018, Mary Cullen, Uasal agus an tUasal Raymond Dolan. Bhí 4 chruinniú de chuid an CIR ann in 2018.

| Comhaltaí an Bhoird | Ról | Dáta a Ceapadh ar dTús | Dáta Ceapacháin is Déanaí | Eolas Breise |
|---|---|---|---|---|
| **An tOllamh Mike Gibney** | Cathaoirleach | Feabhra 2013 | – | Tháinig deireadh leis an téarma i Feabhra 2018 |
| **An tOllamh Patrick Wall** | Gnáthbhall | Feabhra 2013 | Feabhra 2016 | Tháinig deireadh leis an téarma 2019 |
| **An tOllamh Albert Flynn** | Gnáthbhall | Feabhra 2003 | Aibreán 2015 | – |
| **An Dr Susan Quinn** | Gnáthbhall | Deireadh Fómhair 2013 | Deireadh Fómhair 2016 | – |
| **Margaret Moran, Uasal** | Gnáthbhall | Meitheamh 2014 | Meitheamh 2017 | – |
| **An tUasal Ciaran Byrne** | Gnáthbhall | Iúil 2014 | Meitheamh 2017 | – |
| **An tUasal Derek Cunningham** | Gnáthbhall | Feabhra 2013 | Meitheamh 2016 | – |
| **An tUasal Martin Higgins** | Gnáthbhall / Cathaoirleach | Feabhra 2013 | Meitheamh 2016 | Ceaptha mar Chathaoirleach in Feabhra 2018 |
| **Ros O'Shea, Uasal** | Gnáthbhall | Meitheamh 2016 | – | – |
| **Mary Cullen, Uasal** | Gnáthchomhalta | Meitheamh 2016 | – | – |

Tá an NCR comhdhéanta de thrí chomhalta Boird. Is é ról an NCR próiseas earcaíochta an POF nó an lucht bainistíochta sinsearaí a bhainistiú. Mar a cheanglaítear, comhaontaíonn an NCR luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé an sainchuntas poist, sainaithníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra is fearr don phost, comhaontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh, agus leagan sé amach amchlár sonrach. Tagann an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair le chéile mar a éileoidh an Bord é. Tuairiscíonn an NCR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad comhaltaí an NRC an tUasal. Martin Higgins (Cathaoirleach), an tOllamh Albert Flynn agus an tOllamh Patrick Wall. Ní raibh cruinniú de chuid an NRC ann in 2018.

## SCEIDEAL TINRIMH, TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS

Tá sceideal tinrimh chruinnithe an Bhoird agus an Choiste le haghaidh 2018 leagtha amach i Nóta 4(c) de na Ráitis Airgeadais.

## ATHRUITHE AR AN BPRÍOMHPHEARSANRA

Tháinig deireadh le téarma an Ollaimh Mike Gibney ar an mBord i mí Feabhra 2018 agus d'éirigh sé as mar Chathaoirleach an Bhoird. Ceapadh an tUasal Martin Higgins mar Chathaoirleach an Bhoird.

## NOCHTADH A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)


Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh an tÚdarás le ceanglais an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe – leagtha amach i nóta 4(b) leis na Ráitis Airgeadais
- Costais sainchomhairleoireachta – leagtha amach i nóta 4(h) leis na Ráitis Airgeadais
- Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí dlíthiúla – leagtha amach i nóta 4(h) leis na Ráitis Airgeadais
- Caiteachas taistil agus liúntais – leagtha amach i nóta 4(a) agus 4(c) leis na Ráitis Airgeadais
- Costais fáilteachais – leagtha amach i nóta 4(f) leis na Ráitis Airgeadais.


## RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Ghlac an Bord an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. D'fheidhmigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i gcomhréir leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* le haghaidh 2018.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach



**An Dr Pamela A Byrne**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## RAON FEIDHME NA FREAGRACHTA

Admhaímid, thar ceann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht san áireamh ceanglais an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Tá Córas um Rialú Inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus coinníodh cothrom le dáta é go dtí an t-am ar fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Lena chois sin, soláthraítear dearbhú breise don Bhord i ndáil le cáilíocht rialú inmheánach an Údaráis toisc go bhfuil an FSAI deimhnithe le Caighdeán ISO 9001:2015 um Chóras Bainistíochta Cáilíochta. Deimhnítear leis an gCaighdeán go bhfeidhmíonn an tÚdarás sraith beartas, próiseas agus nósanna imeachta atá oiriúnach lena phríomhghnó a phleanáil agus a chomhlíonadh.

## CUMAS RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an FSAI ar a bhfuil 3 chomhalta Boird agus 1 chomhalta seachtrach, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Tháinig an CIR le chéile 4 huaire in 2018.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an FSAI arna sainiú i gCairt an Bhoird maidir le hIniúchóireacht Inmheánach. Rinne an tÚdarás a Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig BDO Ireland. Cuirtear bonn eolais faoi obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí le hanailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta air, agus tá na pleananna bliantúla um iniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Thug an CIR tacaíocht don anailís riosca agus do na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus d’fhaomh an Bord iad. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha faoi bhráid an Bhoird faoin ngníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí.

D’fhorbair an CIR beartas um bainistíocht riosca ina leagtar amach na próisis um bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus ina dtugtar eolas ar róil agus freagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair ar bheartais um bainistíocht riosca an Údaráis, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## CREAT UM RIOSCA AGUS RIALÚ

Chuir an FSAI córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta a chaithfear a dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí an clár a nuashonrú agus a chur i láthair an CIR agus an Bhoird mar mhír bhuan. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú na rialuithe a sanntar chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist,
- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta air
- tá córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe i ndáil le húsáid airgid ó dheontais agus leithdháileadh an mhaoinithe ar ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú dóthanach ar fhaomhadh an airgid sin a chinntiú ionas go gcinnteofar gur cuireadh maoiniú ó dheontais i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

Déanann FSAI íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le soláthar seirbhísí tréidliachta. Comhaontaítear conarthaí seirbhíse bliantúla le húdaráis áitiúla. Tá íocaíochtaí bunaithe ar éilimh ráithiúla ó na húdaráis áitiúla bunaithe ar na leibhéil gníomhaíochta.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad/réamh-mheastachán.

## SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an FSAI chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha nós imeachta agus a chinntiú. Chuir an FSAI tús le hathbhreithniú iomlán ar a phróisis soláthair in 2018. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích i dtús 2019. Rinneadh nósanna imeachta a nuashonrú chun feabhas a chur ar chomhlíonadh leanúnach chun dul i ngleic le ceisteanna a tháinig chun cinn i ndáil le rialú thar sholáthar, a tugadh chun suntais faoi na ceisteanna um rialú inmheánach thíos.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an FSAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na nIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe a fhorbairt agus a chothabháil.

D'fhostaigh an Bord speisialtóir neamhspleách i dtús 2018 chun athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar éifeachtúlacht Bhord an FSAI agus a choistí – áiríodh leis sin suirbhé agus agallaimh 1:1. In 2018 rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil a bhí mar thoradh air sin agus shainaithin sé bearta chun a éifeachtúlacht a fheabhsú tuilleadh.

## CEISTEANNA UM RIALÚ INMHEÁNACH

Le linn 2018 tabhaíodh caiteachas €251,000 i dáil le naoi gconradh seirbhíse i gcás nár chloígh na nósanna imeachta a bhí á n-úsáid le treoirlínte soláthair:

- Bhain thart ar €35,000 de le soláthar seirbhísí glantacháin ar chonradh a bhí imithe in éag agus nochtadh chomh maith sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 2017. Cuireadh nós imeachta do na seirbhísí sin i gcrích i Meitheamh 2018 agus dámhadh conradh do sholáthraí úr.
- Bhain thart ar €64,000 de le conradh seirbhísí bainistíochta tionscadail arna sholáthar ag tríú páirtí i ndáil le hathlonnú an FSAI, a lean ar aghaidh ó 2017 agus nochtadh é sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 2017. Tháinig deireadh leis an gconradh sin i Meitheamh 2018.
- Baineann thart ar €15,000 de le táillí gníomhaireachta do bhaill foirne shealadacha a fostaíodh chun easnamh scileanna a sainaithníodh a fhilleadh. B'ionann costas iomlán an chonartha seo in 2018 agus €96,000, ina gcuimsítear costais tuarastail €81,000 (lena n-áirítear CBL). Tá an FSAI ag súil leis an gconradh sin a thabhairt chun rialtachta in R3 2019.
- Baineann na méideanna atá fágtha dar luach €137,000 le caiteachas a thabhaíodh ar chonarthaí imithe in éag. Bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais Creata a d'fhéadfaí a úsáid chun dul i ngleic leis na seirbhísí sin. Chuir an tÚdarás tús le próiseas chun na conarthaí sin a thabhair chun rialtachta agus chun feabhas a chur ar na rialuithe reatha, a chuirfear i gcrích in 2019.

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach le linn 2018 seachas na cinn a nochtadh thuas.

Thar ceann Bhord an FSAI:

| | |
|---|---|
| **An tUasal Martin Higgins** | **An Dr Pamela A Byrne** |
| Cathaoirleach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |

25 Meitheamh 2019

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

### TUAIRIM CHÁILITHE AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*, agus cuimsítear iontu:

- An ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- An ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- Ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- Na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is í mo thuairim, seachas an neamh-chomhlíonadh le ceanglais FRS 102 i ndáil le teidlíochtaí sochar scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a staid ioncaim agus caiteachais do 2018 i gcomhréir le FRS 102.

### BUNÚS LEIS AN TUAIRIM CHÁILITHE AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, tugann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann cuntas maidir leis na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníoctha amháin. Ní chloíonn sé sin le FRS 102 lena gceanglaítear go n-aithnítear sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ag dáta an tuairiscithe. Ní dhearna éifeacht an neamhchomhlíonta maidir le ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le haghaidh 2018 a chainníochtú.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### TUARASCÁIL MAIDIR LEIS NA BHFAISNÉIS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS MAIDIR LE CÚRSAÍ EILE

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



**Andrew Harkness**
Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2019

## AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Faoi mar atá mionsonraithe sa ráiteas um rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá na comhaltaí Boird freagrach as:

- Ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 26 den Acht um Árachas Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998
- A chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- Rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- A mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- An rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má shainaithin mé cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithin cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- Nárbh leor na aifid chuntasaíocht le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- Nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | 15,779 | 17,924 |
| Ioncam Eile | 3 | 438 | 580 |
| **Ioncam Iomlán** | | **16,217** | **18,504** |
| **Caiteachas** | | | |
| Riaracháin, Oibríochtaí & Cur chun Cinn | 4 | 9,973 | 10,030 |
| Gníomhaíochtaí cumarsáide | 5 | 589 | 527 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 6 | 594 | 591 |
| Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil | 7 | 6,248 | 6,041 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **17,404** | **17,189** |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimhe Leithreasuithe** | | **(1,187)** | **1,315** |
| Aistriú ó/(go) gCuntas Caipitil | 8 | 394 | (2,142) |
| Brabús nó Caillteanas ar Dhiúscairt | | – | (17) |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasuithe** | | **(793)** | **(844)** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | **(289)** | **555** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | **(1,082)** | **(289)** |

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta ar fad sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

*An tUasal Martin Higgins*
Cathaoirleach

**An Dr Pamela A Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

**Amhail 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 6 | 1,973 | 2,329 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 6 (a) | 19 | 57 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Earraí Infhaighte | 9 | 609 | 248 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 544 | 94 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,153** | **342** |
| **Dliteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 10 | 2,235 | 631 |
| **(Glandliteanais)/Glansócmhainní Reatha** | | **(1,082)** | **(289)** |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais roimh Phinsin** | | **910** | **2,097** |
| **Ag ionadú** | | | |
| Cuntas Caipitil | 8 | 1,992 | 2,386 |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | (1,082) | (289) |
| | | **910** | **2,097** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach

**An Dr Pamela A Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€'000** | **€'000** |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Caiteachas | | (1,187) | 1,315 |
| Dímheas agus Bearnú Sócmhainní Seasta | 6 | 594 | 591 |
| (Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte | 9 | (361) | 221 |
| Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Iníoctha | 10 | 1,604 | 378 |
| **Glansreabhadh Airgid ó gGhníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **650** | **2,505** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Íocaíocht chun Gléasra & Trealamh a ghnóthú | 6 | (196) | (2,684) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú | 6 (a) | (4) | (66) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(200)** | **(2,750)** |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **450** | **(245)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | 94 | 339 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | **544** | **94** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bunús na gcuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain bhliain.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, agus tá ceannoifig aige ag an Malartán, Duga Sheoirse, IFSC, Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann arna leagan amach i gCuid II den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

Gach beart a dhéanamh lena chinntiú go ndéantar:

(a) Bia a tháirgtear sa Stát (cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar é a dháileadh nó a chur ar an margadh sa Stát), agus

(b) bia a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia atá inbhainte amach le réasún agus, go háirithe gach beart réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go gcloíonn bia dá leithéid leis

- (i) an reachtaíocht faoi bhia i dtaca le caighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia, nó
- (ii) más cuí, le forálacha caighdeán a bhfuil glacadh leo nó dea-chleachtas a dhíríonn ar na caighdeáin is airde um shláinteachas bia agus um shábháilteacht bhia a chinntiú.

Eintiteas Sochair Phoiblí (ESP) is ea é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

### (b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann arna mhionathrú le horduithe an Aire Sláinte i dtaca le costais aoisliúntais. I gcomhlíonadh threoracha an Aire Sláinte, tugann an tÚdarás cuntas maidir leis na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníoctha amháin (féach 1 (i) thíos). Ní chloíonn an bunús leis an gcuntasaíocht le FRS 102, ina gcaithfear costais den sórt sin a aithint sa bhliain inar tuilleadh na teidlíochtaí.

### (c) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a luaitear thíos agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi réir Alt 26(5) den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach maidir le déileáil le hábhair a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

### (d) Maoiniú Caipitil

Tá sócmhainní seasta an FSAI maoinithe ó theaglaim deontas caipitil agus leithdháiltí ón ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas caipitil a amúchtar ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

### (e) Ioncam

*Deontas Oireachtais*
Go ginearálta, aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin leis sin ná i gcás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

*Ioncam Eile*
Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

### f) Gléasra agus Trealamh

Sonraítear Gléasra agus Trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha, coigeartaithe do sholáthar ar bith i comhair bearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an ngléasra agus trealamh go léir ag rátaí a meastar go ndíscríobhfaidh siad an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid chothroim thar a saolréanna ionchais measta, faoi mar a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Feabhsuithe Léasachta | 15% in aghaidh na bliana |
| (ii) Trealamh Ríomhaireachta | 33% in aghaidh na bliana |
| (iii) Troscán Oifige | 15% in aghaidh na bliana |
| (iv) Trealamh Oifige | 15% in aghaidh na bliana |
| (v) Trealamh Eolaíoch | 15% in aghaidh na bliana |

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, má bhí an tsócmhainn den aois agus sa riocht a rabhthas ag súil leis cheana ag deireadh a saolré úsáideach.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bith ar bhearnú ar luach sócmhainne ann, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

Taispeántar Sócmhainní Seasta Doláimhsithe ag a nglanluach de réir na leabhar i ndiaidh dímheas 33% a bheith déanta orthu de réir méid chothroim.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

**(g) Earraí Infhaighte**

Aithnítear earraí infhaighte ag luach cóir.

**(h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta ionchais boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

**(i) Sochair Fostaithe**

*Sochair Ghearrthéarmacha*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

*Sochair Scoir*
Cheadaigh an tAire an scéim aoisliúntais de réir Alt 39 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Is scéim pinsean ranníocach le sochar sainithe do na fostaithe uile í an scéim. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí ó thuarastail a choinneáil, agus glacann sé leo mar ioncam. Is deontas glan ó na hasbhaintía choinnítear é deontas bliantúil na Roinne Sláinte don Údarás. Rinneadh dlí den Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, an 28 Iúil 2012, agus tugadh isteach leis an Scéim Aonair úr na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") a tosaíodh le héifeacht an 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí úr de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ar iontrálaithe úra iad san Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill sa Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na scéime aonair ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi réir threoir an Aire Sláinte, níl foráil ar bith déanta sna Ráitis Airgeadais maidir le dliteanais phinsin sa todhchaí. Déantar íocaíochtaí faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus cúlchistí coimeádta de réir mar a íoctar iad.

**(j) Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil**

Soláthraíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maoiniú d'Údarás Áitiúla i dtaca le soláthar seirbhísí tréidliachta. Fuair an tÚdarás maoiniú ón Roinn Sláinte (mar chuid dá chinneadh bliantúil) maidir leis sin. Aithnítear maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte agus méideanna a íocadh leis na hÚdaráis Áitiúla ar bhonn airgead tirim a fuarthas agus airgead tirim a íocadh i gcomhréir le hAlt 34 de FRS 102.

**k) Príomh-mheastacháin agus Príomhbhreithiúnais**

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta an tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Bunaithe ar eispéiris stairiúla agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais teagmhas amach anseo a gcreidtear fúthu bunaithe ar eispéiris stairiúla agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais teagmhas amach anseo a gcreidtear fúthu. Ciallaíonn cineál an mheastacháin, de réir a shainithe, go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais leagtha amach thíos:

(i) **Saolréanna fiúntacha a bhunú chun críche dímheasa trealaimh agus léasanna.** Cuimsítear sa trealamh agus sna léasanna cion suntasach de shócmhainní an Údaráis. Ar shaolréanna fiúntacha ionchais gach cineáil sócmhainne ar shaolréanna fiúntacha ionchais gach cineáil sócmhainne. Ag cur san áireamh cineál measartha gearrthéarmach shócmhainní an trealaimh, ní mór meastachán ar shaolré fiúntacha na sócmhainní sin a athbhreithniú go rialta. Tá sonraí maidir leis na saolréanna fiúntacha eacnamaíocha cuimsithe sna beartais chuntasaíochta.

(ii) **Saolréanna fiúntacha eacnamaíocha a bhunú chun críche amúchadh deontas caipitil.** Braitheann an muirear bliantúil amúchta ar shaolréanna fiúntacha ionchais gach cineáil sócmhainne. Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na saolréanna fiúntacha eacnamaíocha. Tá sonraí maidir leis na saolréanna fiúntacha eacnamaíocha sna beartais chuntasaíochta

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 2. DEONTAS OIREACHTAIS

Sna Deontas Oireachtais a vótáladh chuig Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó Vóta 38, an Roinn Sláinte faoi mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais cuimsítear:

| | Fotheideal | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Deontais maidir le Caiteachas Reatha | E.1 | 15,779 | 15,424 |
| Deontas le haghaidh Caiteachas Caipitil | L.1 | – | 2,500 |
| **Iomlán** | | **15,779** | **17,924** |

## 3. IONCAM EILE

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Asbhaintí Aoisliúntais | 240 | 250 |
| Díol Foilseachán | 146 | 156 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 52 | 174 |
| | **438** | **580** |

D'íoc an FSAI €36,852 (2017:€22,905) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le ranníocaíochtaí fostaithe faoin scéim pinsean aonair.

## 4. RIARACHÁIN, OIBRÍOCHTAÍ & CUR CHUN CINN

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Luach saothair agus Costais Phá Eile | 4(a) | 6,162 | 6,439 |
| Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Árachais | | 1,447 | 1,613 |
| Costais Taighde | | 227 | 43 |
| Táillí dlí agus Comhairleachta | 4(h) | 133 | 351 |
| TF, Teileafón agus Idirlíon | | 945 | 868 |
| Caiteachas Oibriúcháin | 4(g) | 1,059 | 716 |
| | | **9,973** | **10,030** |

**(a) Luach saothair agus Costais Phá Eile**

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Tuarastail na Foirne, Bunphá | | 4,540 | 4,351 |
| Tuarastail na Foirne, Ragobair | | 7 | 8 |
| Íocaíochtaí Sochar Scoir | | 96 | 80 |
| Costais ar Chnapshuimeanna Scoir Íocaíochtaí | | – | 159 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach | | 436 | 407 |
| Oiliúint agus Forbairt na foirne | | 177 | 250 |
| Costais Taistil agus Cothaithe na Foirne – Taisteal Náisiúnta | | 79 | 87 |
| Costais Taistil agus Cothaithe na Foirne – Taisteal idirnáisiúnta | | 187 | 159 |
| Baill foirne shealadacha | | 578 | 871 |
| Luach Saothair agus Caiteachas na gcomhaltaí Boird | 4 (c) | 62 | 67 |
| | | **6,162** | **6,439** |

Déanann an ósteagraíocht costais áirithe a bhaineann le taisteal idirnáisiúnta a chúiteamh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

### 4. RIARACHÁN, OIBRÍOCHTAÍ & CUR CHUN CINN (AR LEAN)

**(b) Miondealú ar Shochair Fostaithe**

**Raon iomlán na sochar d'Fhostaithe** | **Líon na bhFostaithe**

| Ó | Go | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| 60,000 | 69,999 | 5 | 10 |
| 70,000 | 79,999 | 5 | 6 |
| 80,000 | 89,999 | 5 | 5 |
| 90,000 | 99,999 | 3 | 3 |
| 100,000 | 109,999 | 4 | 3 |
| 110,000 | 119,999 | 2 | 0 |
| 120,000 | 129,999 | 0 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 0 |

Nóta: chun críche an nochta seo, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, agus ní áirítear ÁSPC fostóirí leo.

**(c) Tinreamh, Táillí agus Costais na gComhaltaí Boird**

| Comhalta Boird | | Táille Boird | Costais Taistil | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | An Bord | Iniúchadh agus Riosca |
| Michael Gibney | (Chathaoirleach go Feabhra 2018) | 1,995 | 0 | 1/1 | |
| Derek Cunningham | (Athcheaptha Meitheamh 2016) | 7,695 | 0 | 6/6 | |
| Margaret Moran | (Athcheaptha Meitheamh 2017) | 7,695 | 0 | 6/6 | 4/4 |
| Ciaran Byrne | (Athcheaptha Meitheamh 2017) | 7,695 | 0 | 6/6 | 3/3 |
| Patrick Wall | (Téarma tugtha i gcrích i mí Feabhra 2019) | 0 | 0 | 6/6 | |
| Susan Quinn | | 0 | 25 | 6/6 | |
| Albert Flynn | | 7,695 | 907 | 6/6 | |
| Mary Cullen | | 7,695 | 0 | 5/6 | 3/4 |
| Ros O'Shea | | 7,695 | 0 | 5/6 | 0/1 |
| Martin Higgins | (Cathaoirleach ó Feabhra 2018) | 11,258 | 1,330 | 6/6 | |
| | | **59,423** | **2,262** | | |

Le linn 2018, tionóladh sé chruinniú Boird. Tháinig deireadh le téarma MichaelGibney mar Chathaoirleach an Bhoird i mí Feabhra 2018. Ceapadh an tUasal Martin Higgins mar Chathaoirleach an Bhoird ina dhiaidh sin. Ní bhfuair dhá Chomhalta Boird táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (DATA), toisc go bhfuil siad fostaithe ag eagraíochtaí Stáit eile. Is iad Susan Quinn agus Patrick Wall an dá chomhlachta. Baineann an taisteal agus an cothú ar fad le taisteal baile in Éirinn. Bhí comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, Ray Dolan, a d'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 cinn. Ní fhaigheann Ray Dolan, táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (DATA).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 4. RIARACHÁN, OIBRÍOCHTAÍ & CUR CHUN CINN (AR LEAN)

### (d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigeach Fheidhmeannaigh

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Pamela Byrne | 139 | 128 |
| | **139** | **128** |

Is é seo a leanas pacáiste luach saothair an POF do 2018: buntuarastal bliantúil €139,003 (2017: €127,805) le socruithe caighdeánacha pinsin phoiblí. Ní áirítear leis na luachanna tuarastail thuas sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá príomhphearsanra bainistíochta (gan na comhaltaí Boird san áireamh) ina gcomhaltaí de scéim pinsean sochair shainithe an FSAI.

### (e) Cúiteamh an Phríomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear i bpríomhphearsanra bainistíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann an POF, chúig Stiúrthóir agus comhaltaí den Bhord. B'ionann iomlán an chúitimh a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus iomlán luach saothair an POF agus €745,360 (2017: €630,708).

### (f) Caiteachas fáilteachais

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Fáilteachas na foirne | 2 | 3 |
| Failteachas an Choiste Chomhairligh | 11 | 10 |
| Fáilteachas cliant | 48 | 49 |
| Fáilteachas na foirne | 3 | 0 |
| **Iomlán** | **64** | **62** |

Ag deireadh gach bliana, tugtar dearbhán dar luach €100 do chomhaltaí choistí agus fhochoistí Eolaíocha agus Comhairleacha an FSAI, agus d'fhochoistí a oibríonn go deonach.

### (g) Caiteachas Oibriúcháin

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Caiteachas Earcaíochta | | 27 | 48 |
| Páipéarachas agus Postas | | 29 | 31 |
| Glantachán agus Lónadóireacht | | 78 | 101 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | | 146 | 58 |
| Táille Iniúchóireachta | | 14 | 12 |
| Comhlíonadh um Reachtaíocht faoi Bhia | | 161 | 117 |
| Oiliúint – Baill Foirne Oifigiúla Gníomhaireachta | | 124 | 63 |
| Bunachar sonraí forbhianna | | 181 | 60 |
| Costais Coistí | | 19 | 20 |
| Soláthairtí Leabharlainne | | 91 | 55 |
| Caiteachas ginearálta (fáilteachas san áireamh) | 4(f) | 189 | 151 |
| | | **1,059** | **716** |

### (h) Costais Comhairleachta

Áirítear ar Chostais Comhairleachta táillí a íocadh le páirtithe seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha de gach cineál.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Dlíthiúil (i) | 17 | 76 |
| Comhairleacht | 116 | 275 |
| **Iomlán na gcostas sainchomhairleoireachta** | **133** | **351** |
| Costais Dhlíthiúla Chaipitlithe | – | 34 |
| Costais Comhairleachta Caipitlithe | – | 312 |
| Déantar Costais Chomhairleachta a ghearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | 133 | 351 |
| **Iomlán** | **133** | **697** |

(i) Baineann sé sin le comhairle dhlíthiúil. Níor tabhaíodh caiteachas ar bith sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána maidir le conarthaí le tríú páirtithe.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 5. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUMARSÁIDE

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Caidreamh Poiblí | 278 | 82 |
| Ócáidí Tionscail | 125 | 240 |
| Idirchaidreamh Tionscail | 11 | 11 |
| Foilseacháin | 175 | 194 |
| | **589** | **527** |

Cuimsítear sa chaidreamh poiblí caiteachas ar fheachtais Fógraíochta Ailléirginí de €92,000 in 2018.

## 6. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Trealamh Trealamh | Trealamh Ríomhaireachta | Troscán Feabhsuithe | Léas Troscáin | Eolaíoch Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas:** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,046 | 116 | 323 | 2,123 | 311 | 3,919 |
| Breiseanna | 181 | 15 | | | | 196 |
| Diúscairtí | (300) | (2) | | | | (302) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **927** | **129** | **323** | **2,123** | **311** | **3,813** |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 879 | 60 | 62 | 319 | 270 | 1,590 |
| Muirear don Bhliain | 158 | 15 | 46 | 318 | 15 | 552 |
| Dímheas ar na Diúscairtí | (300) | (2) | | | | (302) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **737** | **73** | **108** | **637** | **285** | **1,840** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **190** | **56** | **215** | **1,486** | **26** | **1,973** |
| **Amhail 31 Nollaig 2017** | **167** | **56** | **261** | **1,804** | **41** | **2,329** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 6. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (AR LEAN)

### (a) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| 1 Eanáir, Glanluach Tosaigh de réir na Leabhar | 57 | 75 |
| Breiseanna ag Costas | 4 | 66 |
| Lúide Muirear Dímheasa don Bhliain | (42) | (84) |
| **31 Nollaig, Glanluach Dúnta de réir na Leabhar** | **19** | **57** |

Cuimsíonn sócmhainní seasta doláimhsithe ceadúnais bhogearraí a dhíscríobhtar thar a saolré fhiúntach.

## 7. SEIRBHÍS TRÉIDLIACHTA NA NÚDARÁS ÁITIÚIL (LAVS)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Íocaíochtaí LAVS | 6,248 | 6,041 |

Déantar íocaíocht leis an 25 Údarás Áitiúla i leith soláthar seirbhísí tréidliachta, ar bhonn ráithiúil agus i riaráistí, ar bhfáil an mhaoinithe chuí ón Roinn Sláinte. Cuirtear maoiniú ar fáil tríd an Roinn Sláinte agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuimsítear é mar chuid den chinneadh bliantúil.

## 8. CUNTAS CAIPITIL

| | 2018 | 2018 | 2017 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 2,386 | | 244 |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus an gCuntas Cúlchistí Coimeádta | | | | |
| Cistí breise a leithdháileadh chun Sócmhainní Seasta a ghnóthú | 196 | | 2,684 | |
| Maoinithe trí Oibríochtaí | | | | |
| Cistí leithdháilte le Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú | 4 | | 66 | |
| Díscríofa ar Dhiúscairt | – | | (17) | |
| An tsuim a amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne | (594) | (394) | (591) | 2,142 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **1,992** | | **2,386** |

## 9. EARRAÍ INFHAIGHTE

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Réamhíocaíochtaí | 603 | 242 |
| Féichiúnaithe | 6 | 6 |
| | **609** | **248** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

### 10. SUIMEANNA INÍOCTHA

Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Creidiúnaithe trádála | 696 | 347 |
| Fabhruithe | 210 | 191 |
| Fabhrú Cíos Iarchurtha | 1,155 | 7 |
| Fabhruithe Párolla | (27) | 38 |
| Creidiúnaí Cánach – CBL | 27 | 5 |
| Creidiúnaí Cánach – ÍMAT/ÁSPC | 134 | |
| Creidiúnaí Cánach – CSG | 40 | 43 |
| | **2,235** | **631** |

### 11. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tús le léas 20 bliain ar chéad urlár Fhoirgneamh an Mhalartáin, Duga Sheoirse, IFSC, Baile Átha Cliath 1 i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tá an léas faoi réir athbhreithnithe cíos gach 5 bliana agus áirítear leis bliain saor ó chíos ón 1 Eanáir 2018. I gcomhréir le FRS 102 déantar na dreasachtaí sin a fhuascailt thar shaolré an léasa. Is ionann costais éifeachtacha bhliantúla na léasanna sin gan muirir sheirbhíse san áireamh agus, €1,147,000.

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí na híos-íocaíochtaí léasa amach anseo a leanas ag FSAI faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe.

| | An Malartán |
|---|---|
| | €'000 |
| Oibleagáidí léasa dlite: | |
| Laistigh de 1 bhliain | 1,147 |
| Idir na Blianta 2 go 5 | 4,587 |
| I ndiaidh 5 Bliana | 15,766 |

### 12. DLITEANAS TEAGMHASACH

Tá dliteanas teagmhasach tagtha chun cinn, a bhaineann le hoibleagáid reatha i gcás gur dócha na ndéanfar an íocaíocht agus nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa. Tá comhairle iomchuí á fáil ag an FSAI agus tá sé i gcomhar le Comhlachtaí Stáit eile chun an riosca go réadódh an teagmhas a mhaolú. Níl sé stuama é a nochtadh tuilleadh mar go bhféadfadh sé tionchar a imirt ar an toradh.

### 13. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Le linn na bliana sholáthair duine de chomhaltaí an Bhoird oiliúint um Measúnú Riosca Cothaithe do bhaill foirne an FSAI. B'ionann an méid a gearradh ar an tseirbhís sin agus €1,400, a íocadh le linn na bliana 2018. Áiríodh leis sin 4(e) Cúiteamh an Phríomhphearsanra Bainistíochta, Nóta 4(e). Seachas an méid thuas, mí raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ar bith.

### 14. TIONSCADAIL SHEACHTRACHA

D'éirigh leis an FSAI, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Córais Bia Inbhuanaithe Éireann agus Údarás Bia na Fionlainne, i dtairiscint ar dheontas AE dar luach €5 mhilliún thar an ceithre bliana amach romhainn. Is é is cuspóir leis an deontas AE tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas le AE, trína caighdeáin maidir le sábháilteacht bia, sláinte tréidliachta agus plandaí a neartú. Tacóidh eagraíocht sheachbhrabúsach de chuid na hAlbáine 'Creative Business Solutions' leis an tionscadal. Síníodh an conradh i mí na Nollag 2018.

### 15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 25 Meitheamh 2019.

Food Safety
AUTHORITY OF IRELAND

**Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann**
An Malartán, Duga Sheoirse, IFSC,
Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6

**T** +353 1 817 1300
**R** info@fsai.ie

Bí linn ar LinkedIn
Lean muid ar Twitter @FSAIinfo
Abair haigh ar Facebook

**www.fsai.ie**